

DRÉACHT-STRAITÉIS IOMPAIR

LIMISTÉAR MHÓRCHEANTAR LUIMNIGH/SHIONAINNE 2040



ACKNOWLEDGEMENTS

National Transport Authority:

Hugh Creegan
David Clements
Michael MacAree

Transport Infrastructure Ireland:

Martin Bourke
Michael McCormack
Tara Spain

Limerick City and County Council:

Brian Kennedy
Dan Slavin
Maria Woods
Jari Howard
Robert Gallagher
Dara McGuigan
Tim Fitzgerald

Clare County Council

Carmel Kirby
Liam Conneally
Sean Lenihan
Ann Cronin
Brian McCarthy
John Leahy
Tadgh McNamara

Jacobs:

John Paul FitzGerald
Kevin Burke
Marjely Caneva
Jennifer Egan
Sarah Cooper
Stephen Johnson
Colm Kelly

Systra:

Ian Byrne
Allanah Murphy
Paul Hussey
Andrew Archer
Sinead Canny

Dolphin 3D Photomontages:

Philip Watkin

DRÉACHT-STRAITÉIS IOMPAIR

LIMISTÉAR MHÓRCHEANTAR LUIMNIGH/SHIONAINNE 2040

Líonra iompair atá ar ardchaighdeán,
inrochtana, comhtháite agus níos inbhuanaithe
a sheachadadh a thacaíonn le Mórcheantar
Luimnigh/Shionainne mar inneall fáis ollmhór
fostaíochta agus cónaitheach do Réigiún an
Iarthair Láir, réigiún cathrach Eorpach atá
iomaíoch go hidirnáisiúnta agus príomhbhealach
isteach idirnáisiúnta do Chonair Eacnamaíoch an
Atlantaigh agus do Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

CONTENTS

01	Réamhrá	03
02	Comhthéacs Beartais	09
03	Limistéar Staidéir Agus Comhthéacs Iompair	19
04	Úsáid Talún	25
05	Forbairt Straitéise	29
06	Siúl	33
07	Rothaíocht	43
08	Busconnects	51
09	Iarnród	59
10	Bóithre Agus Sráideanna	65
11	Páirceáil	73
12	Lastas, Seachadadh Agus Seirbhís	79
13	Bearta Tacaíochta	83
14	Cur Chun Feidhme	91
15	Torthaí Na Straitéise	95



01 RÉAMHRÁ

Beidh Straitéis Iompair Limistéar Mhórcheantar Luimnigh/Shionainne rithábhachtach le hathnuachan agus le hathrú ó bhonn a chur ar Chathair Luimnigh agus ar Mhórcheantar Luimnigh/Shionainne níos leithne.

An Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt

Samhlaítear sa Chreat Náisiúnta Pleanála 2040 (NPF) go mbeidh Limistéar Mhórcheantar Luimnigh/Shionainne (LSMA) ina inneall fáis do Réigiún an Iarthair Láir le fás measta de 50% ar a laghad le linn na tréimhse go dtí an bhliain 2040. Gabhann deiseanna leis an bhfás measta seo ar an daonra, ar fhostaíocht agus ar oideachas le forbairt a dhéanamh ar an LSMA.

Beidh ardú suntasach ar an éileamh ar thaisteal mar thoradh ar an bhfás measta seo freisin ar an daonra agus ar an bhfás eacnamaíoch. Ní mór bainistíocht agus pleanáil chúramach a dhéanamh ar an éileamh seo ar mhaithe le mealltacht an LSMA a chosaint agus a fheabhsú mar áit le maireachtáil, le hobair, le cuairt a thabhairt air agus le hinfheistíocht a dhéanamh ann.

Dála mhórcheantair réigiúnacha eile Chorcaigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge, tá an nós san LSMA maidir lena bheith ag brath ar an gcarr mar mhodh taistil. Tá curtha aige seo le raon saincheistean na gilleagracha, timpeallachta agus sóisialta, lena n-áirítear, turais níos faide, ionaid uirbeacha a bhfuil meath ag teacht orthu, sláinte phoiblí atá go dona, caighdeán aeir atá laghdaithe agus truailliú ó thorann.

Leis an méid seo a mhaolú, beidh ailiniú i bhfad níos dlúithe ar úsáid talún agus ar phleanáil iompair. Cuirfidh sé seo in éadan úsáid a bhaint as carr príobháideach, go háirithe do thurais atá gearr, ar mhaithe le hathrú ó bhonn a chur ar an mbealach ina ngluaiseann daoine mórthimpeall an LSMA. Éilítear lena leithéid seo, úsáid i bhfad níos éifeachtúla a bhaint as spás sráide agus bóthair atá thar a bheith luachmhar agus tosaíocht a thabhairt do shiúl, rotháíocht agus d'iompar poiblí.

Tá forbairt déanta ag an Údarás Náisiúnta Iompair ar Straitéis Iompair Mhórcheantar Luimnigh/Shionainne 2040 (LSMATS nó an 'Straitéis') i gcomhar le Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach Luimnigh, Comhairle Contae an Chláir agus Bonneagar Iompair Éireann (TII). Fuarthas eolas don staidéar ó aighneachtaí réamhchomhairliúcháin le líon páirtithe leasmhara.

Déanann na LSMATS ionadaíocht ar:

- Freagra na hearnála iompair ar riachtanais an LSMA maidir le hathrú aeráide;
- Straitéis iompair comhtháite do shiúl, rotháíocht, bus, iarnród agus bóthair chun tacú le fás pleanáilte suas go dtí an bhliain 2040;
- Straitéis chun fás dlúth a éascú;
- Creat do phleanáil, infheistíocht agus seachadadh bonneagar iompair agus seirbhísí le forbairt an LSMA a threorú suas go dtí an bhliain 2040 ag teacht leis an gCreat Pleanála Náisiúnta 2040, an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 agus an Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt;

- Straitéis solúbtha leis an acmhainneacht cur le cumas agus minicíochtaí iompair phoiblí de réir mar is gá mar fhreagra ar chúinsí atá ag athrú; agus
- Creatphlean inar féidir le gníomhaireachtaí eile atá bainteach le pleanáil úsáid talún, cosaint comhshaoil agus seachadadh bonneagair agus seirbhísí eile, ar nós, tithíocht agus saoráidí pobail a gcuid pleananna agus a dtosaíochtaí infheistíochta a thabhairt le chéile.

DÚSHLÁIN REATHA

Tá roinnt dúshlán ar fud an LSMA níos leithne a breithníodh nuair a bhíodas ag ullmhú na straitéise seo. Mar achoimre, ní mór go mbeidh beartas pleanála agus iompair agus infheistíocht san LSMA ag:

- Tacú le Lár na Cathrach i Luimneach atá briomhar agus inrochtana agus limistéir athnuachana agus ionaid uirbeacha mhórcheantar aitheanta;
- Tacú le Baile Shionainne, leis an Aerfort agus leis an Saor Limistéar atá briomhar agus inrochtana;
- Úsáid talún agus pleanáil agus infheistíocht iompair atá comhtháite níos fearr;
- Tacaíocht a thabhairt do dhlús dhaonra, fostaíochta agus oideachais atá níos airde, in ionaid inrochtana agus ar feadh conairí iompair phoiblí;
- Spás bóthair a athdháileadh chun tacú le níos mó siúil, rotháíochta agus iompar poiblí;
- Feabhas a chur ar iompar poiblí trí thosaíocht mhéadaithe agus seirbhísí ardmhinicíochta atá ag feidhmiú ag luas níos fearr agus lena mbaineann iontaofacht ó thaobh am turais le saoráidí comhlántacha ar nós Páirceáil agus Taisteal;
- Íoslaghdú a dhéanamh ar an scaradh amach a dhéanann an tSionainn, an bonneagar iarnróid agus an líonra bóithre;

- An tionchar ó thaobh iompair ar an timpeallacht, ar shláinte, ar fholláine agus ar shábháilteacht na gcónaitheoirí a laghdú;
- Cothabháil agus feabhas a chur ar fheidhm straitéiseach líonra na mBóithre Náisiúnta chun freastal ar ghluaiseacht ó thaobh trácht straitéiseach agus cuir i gcoinne sraoilleála;
- Cur an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht an bhonneagair iompair atá ann cheana féin, lena n-áirítear, an líonra iarnróid Idirchathrach, Aerfort na Sionainne, Calafort Fhainge agus Inis mar mhol nasctha; agus
- An gá le héifeachtúlacht agus le teacht aniar a bhaint amach laistigh de líonra iompair Cheantar Mhórcheantar Luimnigh/Shionainne ar fud na modhanna go léir.

Cuirtear tuilleadh mionsonraí ar fáil i gCaibidil 3 'Limistéar Staidéir agus Comhthéacs Iompair' maidir leis an mbonneagar iompair agus leis na seirbhísí atá san LSMA cheana féin.

FÍS AGUS PRIONSABAIL

Is í an Fhís atá beartaithe don LSMATS: **Líonra iompair atá ar ardchaighdeán, inrochtana, comhtháite agus níos inbhuanaithe a sheachadadh a thacaíonn le Mórcheantar Luimnigh/Shionainne mar inneall fáis ollmhór fostaíochta agus cónaitheach do Réigiún an Iarthair Láir, réigiún cathrach Eorpach atá iomaíoch go hidirnáisiúnta agus príomhbhealach isteach idirnáisiúnta do Chonair Eacnamaíoch an Atlantaigh agus do Shlí an Atlantaigh Fhiáin.**

STRAITÉIS FORBARTHA

Tugadh faoi anailís theicniúil leathan le heolas a chur ar fáil d'fhorbairt na LSMATS. Rinneadh líon doiciméid teicniúla tacaíochta a ullmhú ina gcuirtear an obair ar tugadh fúithi agus an bonn fhianaise a chur i láthair dá líonra agus dá bhearta beartaithe.

Is iad sin mar a leanas:

- Coinníollacha Bonnaíne agus Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú Beartaís;
- Tuarascáil maidir le hAnailís ar Éileamh;
- Tuarascáil maidir le Roghanna Iompair a Fhorbairt;
- Tuarascáil maidir le Samhail Iompair;
- Tuarascáil maidir le Réamhchomhairliúchán; agus
- Tuarascáil maidir le Bearta Tacaíochta.

Tá an straitéis faoi réir fhorálacha Threoracha an SEA agus an AA, agus faoi réir ag reachtaíocht ghaolmhar freisin. Dá réir sin, gabhann Tuarascáil Chomhshaoil agus Ráiteas Tionchair Natura leis an straitéis.

Tá breac-chuntas tugtha ar fhaisnéis bhreise sa chaibidil maidir leis an 'Straitéis Forbarta'. Meastar gur doiciméad beo atá LSMATS agus dá bhrí sin beidh sé faoi réir ag athbhreithniú tréimhsiúil gach uile 6 bliana.

Chun an fhís seo a bhaint amach, is iad seo a leanas na treoirphrionsabail:



MEASÚNACHT STRAITÉISEACH TIMPEALLACHTA AGUS MEASÚNACHT CHUI

Cuirfidh an LSMATS creat ar fáil do thionscadail amach anseo a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar an gcomhshaol agus dá bhrí sin tagann siad faoi scóip Treoir 2001/42/CE ón gCoimisiún Eorpach "maidir le measúnacht ar éifeachtaí pleananna agus cláir áirithe ar an gcomhshaol" (ar a dtugtar 'Treoir SEA'). Cuirtear an Treoir SEA i bhfeidhm in Éirinn trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) 2003, arna leasú trí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Timpeallachta ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe) 2011 (ar a dtugtar 'Rialacháin SEA'). Éilítear leis na Rialacháin SEA measúnacht ar na héifeachtaí suntasacha a d'fhéadfadh a bheith ag an Straitéis ar bithéagsúlacht, ar an daonra, ar shláinte an duine, flóra, fána, ithir, uisce, aer, tosca aeráide, sócmhainní ábhartha, oidhreacht chultúrtha, lena n-áirítear oidhreacht ailtireachta agus seandálaíochta, tírdhreach agus ar an idirghaolmhaireacht idir na tosca thuas.

Sa bhreis ar an Treoir SEA a chomhlíonadh, ní mór d'ullmhú agus d'fheidhmiú an LSMATS freastal ar cheanglais Threoir AE maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus rialacháin trasuimh (Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011) (Rialacháin Éin agus Gnáthóga Nádúrtha 2011) agus tugadh faoi Mheasúnacht Chuí (AA) don Straitéis.

Tugadh faoin SEA agus faoin AA i gcomhthráth leis an LSMATS agus ba chóir iad a léamh agus é a bhreithniú i gcomhthráth leis an Straitéis seo.

Rinneadh measúnacht SEA ar fhorálacha na Straitéise maidir le tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ann in aghaidh deich gcuspóir straitéiseacha comhshaoil (SEO'nna) a leagtar amach thíos.

SEO	LINKED SEA TOPICS
Cáilíocht saoil maidir le hiompar a chosaint agus a fheabhsú agus ag an am céanna cur le hinrochtaineacht chuig saoráidí geilleagracha, fostaíochta agus pobail.	- Daonra, Socheacnamaíocht, Rochtain, agus Sláinte an Duine. - Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire.
Damáiste do shaoráid caitheamh aimsire agus taitneamhachta a sheachaint trí bhonneagar iompair nua a thógáil agus tacú le rochtain ar chaitheamh aimsire turasóireachta agus an rochtain sin a fheabhsú.	- Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire. - Daonra, Socheacnamaíocht, Rochtain, agus Sláinte an Duine. - Úsáid Talún agus Sócmhainní Ábhartha.
Damáiste a sheachaint do, agus sa chás gur cuí, bithéagsúlacht ceantar talún, uisce agus ithir a fheabhsú, go háirithe ag láithreáin ainmnithe AE agus náisiúnta agus do speiceas faoi chosaint.	- Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána. - Tírdhreach agus Taitneamhacht Amhairc. - Geolaíocht agus Ithreacha. - Úsáid Talún agus Ábhair
Saintréith agus éagsúlacht tírdhreach na hÉireann a chosaint agus éifeachtaí fise ar thírdhreach ainmnithe atá iogair a ioslaghdu agus ar amharc pobail.	- Tírdhreach agus Taitneamhacht Amhairc. - Oidhreacht Chultúrtha. - Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire. - Daonra, Socheacnamaíocht, Rochtain, agus Sláinte an Duine. - Úsáid Talún agus Ábhair.
Damáiste a sheachaint do, agus sa chás gur cuí, acmhainní na hoidhreachtachta cultúrtha agus a suíomh a chosaint.	- Oidhreacht Chultúrtha. - Tírdhreach agus Taitneamhacht Amhairc. - Turasóireacht agus Caitheamh Aimsire.
Coimhlíntí le láithreáin gheolaíochta atá tábhachtach a sheachaint. Cailliúint acmhainní ithreacha a ioslaghdu agus cur le bainistíocht chuí ar acmhainní ithir agus ar cháilíocht ithreach.	- Geolaíocht agus Ithreacha. - Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána.
Cur le maolú a dhéanamh ar shaincheisteanna truaillithe aer a bhíonn mar thoradh ar iompar agus cur an méid is fearr is féidir leis na buntáistí a d'fhéadfadh a theacht as truailli aer a laghdú.	- Cáilíocht Aeir. - Daonra, Socheacnamaíocht, Rochtain, agus Sláinte an Duine.
Cur le maolú a dhéanamh ar shaincheisteanna truaillithe torainn a bhíonn mar thoradh ar iompar agus cur an méid is fearr is féidir leis na buntáistí a d'fhéadfadh a theacht as truailli torainn a laghdú.	- Torann agus Creathadh. - Daonra, Socheacnamaíocht, Rochtain, agus Sláinte an Duine.
Meath ar cháilíocht stádas uisce do bharlaigh screamhuise agus uisce dromchla a chosc de réir mar is cuí de réir na Creat-treorach Uisce agus an baol ó thuille nó leochaileacht baol tuille atá ag dul i méid a sheachaint.	- Timpeallacht Uisce. - Bithéagsúlacht, Flóra agus Fána.
Úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha a chur chun cinn (lena n-áirítear, talamh), éifeachtúlacht fuinnimh, athúsáid, agus athchúrsáil a spreagadh, úsáid éifeachtach an bhonneagair atá ann cheana féin a spreagadh.	- Úsáid Talún agus Sócmhainní Ábhartha. - Geolaíocht agus Ithreacha. - Timpeallacht Uisce.
Nithe a chuireann le hathrú aeráide a ioslaghdu (lena n-áirítear, astaíochtaí gás ceaptha teasa) ó thógáil bonneagar iompair nua/ uasghrádaithe nó bonneagar iompair atá ann cheana féin agus ó oibriocht líonraí iompair nua, nó aistriú córa iompair nó aistriú chuig teicneolaíochtaí nua.	Athrú Aeráide (Maolú).
A chinntiú go ndéantar an teacht aniar ó thaobh athrú aeráide a dhearadh don líonra iompair atá ann cheana féin agus don líonra nua agus teacht aniar feabhsaithe comhshaoil i leith athrú aeráide a chur chun cinn.	- Athrú Aeráide (Oiriúnú). - Daonra, Socheacnamaíocht, Rochtain, agus Sláinte an Duine. - Úsáid Talún agus Sócmhainní Ábhartha.

Leagtar amach i dTuarascáil Comhshaoil an SEA, is cóir a léamh agus a bhreithniú i gcomhthráth leis an Straitéis, torthaí an mheasúnaithe faoi cheannteidil, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

- Saincheisteanna Bonnline agus Príomhshaincheisteanna Comhshaoil;
- Scóip agus Modheolaíocht an SEA;
- Measúnacht Timpeallachta ar an bPlean agus ar na Roghanna Malartacha Tosaíochta; agus
- Monatóireacht agus Roghanna Malartacha.

Is iad na príomhchonclúidí ar thángthas orthu san SEA gur dóigh go mbeadh iarmhairtí tairbheacha suntasacha ag an Straitéis i gcoinne ábhair chomhshaoil Daonra agus Sláinte, Cáilíocht Aeir agus Aeráide a bhaineann le bearta atá sa Straitéis a dhéanadh spreagadh ar aistriú córa iompar ó úsáid feithiclí príobháideacha go hiompar poiblí, siúl agus rothaíocht. Bunaithe ar an eolas atá curtha ar fáil i ndoiciméad na Straitéise, baineann na príomhéifeachtaí díobhálacha féideartha le láithreáin caomhantas dúlra Eorpacha agus Náisiúnta agus an baol ó thaobh tuilte, atá mar thoradh ar mhórhionscadail iompair atá á dtógáil.

Tá maolú aitheanta, trí phróiseas an SEA, chun íoslaghdú nó drochthionchair shuntasacha a sheachaint, agus sa chás go mbíonn sé cuí, cuimsítear an maolú a aithníodh, trí phróiseas an SEA agus an AA sa Straitéis. Is é an toradh a bhí ar Thuarascáil Measúnaithe Cuí (AA) Céim 2 nach dóigh go mbeidh aon tionchair shuntasacha ar láithreáin ainmnithe Eorpacha ag glacadh le measúnú mionsonraithe agus le maolú a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní thagann na measúnuithe seo ag leibhéal straitéise in áit ceanglais toilithe ag leibhéal tionscadal, lena n-áirítear, measúnuithe maidir le comhlíonadh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (EIA), AA agus an Chreat-Treoir Uisce (WFD) de réir mar is cuí.

Éilítear le Rialacháin an SEA monatóireacht a dhéanamh ar na tionchair shuntasacha a d'fhéadfadh a bheith ar fheidhmiú na Straitéise ar mhaithe le drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith agus nach raibh súil leo a aithint ag an luathchéim agus a bheith in ann tabhairt faoi ghníomh leasúcháin chuí. Dá réir sin, tá dréachtphlean monatóireachta curtha ar fáil laistigh de Thuarascáil Chomhshaoil an SEA.







02 COMHTHÉACS BEARTAIS

Aithneofar agus tabharfar tosaíocht d'Infheistíocht Iompair Ranna Rialtais, an Údaráis Náisiúnta Iompair agus gníomhaireachtaí eile trí Straitéis Iompair Limistéar Mhórcheantar Luimnigh/Shionainne.

Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt

Leagtar amach sa chaibidil seo na beartais Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla atá ann agus a chuireann eolas ar fáil agus a idirghníomhaíonn leis na LSMATS. Áirítear iontu, na cinn a bhaineann le hiompar, le hathrú aeráide agus le pleanáil d'úsáid talún.

Is plean neamhreachtuil atá san LSMATS i láthair na huaire. Luaitear i gCuspóir Beartais Náisiúnta 69 den Chreat Pleanála Náisiúnta (NPF) go leathnófar na socruithe reachtúla idir plean spáis agus iompair do Mhórcheantar Baile Átha Cliath chuig cathracha eile. Tugtar le fios sa chuspóir go nglacfaidh an LSMATS le bonn reachtúil ag pointe éigin amach anseo, de réir mar a dhéantar an NPF a leathadh amach. Cuirfidh an LSMATS eolas ar fáil don athbhreithniú ar Phleananna Forbartha Chathair agus Chontae Luimnigh agus Comhairle Chontae an Chláir

PLEANÁIL AGUS BEARTAS

Is plean ar bhonn réigiúnach atá san LSMATS (2 Shraith) a fhaigheann eolas go díreach ó bheartais Náisiúnta Sraith-1. Ar an gcuid is tábhachtaí acu sin, tá Creat Pleanála Náisiúnta (NPF) 2040 agus an Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (NDP).

Leagtar amach treo beartais pleanála náisiúnta do na 20 bliain atá amach romhainn san NPF, agus leagtar tosaíochtaí infheistíochta amach san NDP a bheidh mar bhonn taca le feidhmiú an NPF suas go dtí an bhliain 2027. Tá breac-chuntas tugtha ar anailís mionsonraithe na ndoiciméad beartais go léir atá ábhartha don LSMATS laistigh den Tuarascáil maidir le hAthbhreithniú Beartais agus Coinníollacha Bonnline tacaíochta an LSMATS. Áirítear orthu seo, ach níl siad teoranta do:

- An Creat Náisiúnta Pleanála 2040;
- An Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019;
- An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027;
- Creat an Pholasáí Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020;
- Taisteal Níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe;
- An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt; agus
- Na Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach.

Tá achoimre sna codanna seo a leanas de na príomhdhoiciméid.

BEARTAS AG LEIBHÉAL EORPACH

Líonra TEN-T

Cuimsíonn an Líonra TEN-T líonra bonneagar bóithre, iarnróid, aerfoirt agus uisce atá pleanáilte ar fud an Aontais Eorpaigh. Tá líon de dheich mbealach ainmnithe TEN-T laistigh den LSMA, lena n-áirítear, an M20 Luimneach go Tobar Phádraig agus an N69 Luimneach go Fainge. Tá beartas TEN-T lárnach i gcónaí ó thaobh saorchúrsaíocht earraí, seirbhísi agus saoránaigh a chur chun cinn ar fud an AE.

Freastalaíonn sé mar bhealach le comhtháthú geilleagrach, sóisialta agus críche a threisiú idir na Ballstáit agus a gcuid réigiún, chomh maith le lasmuigh den AE.

BEARTAS AG LEIBHÉAL NÁISIÚNTA

Plean Náisiúnta Gníomhaithe ar son na hAeráide

D'fhoilsigh an Rialtas an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide i mí an Mheithimh 2019 mar fhreagra ar an riachtanas don tír seo a cuid spriocanna 2030 maidir le hastaíochtaí carbóin a bhaint amach agus le conair a chruthú le timpeallacht saor ó astaíochtaí a bhaint amach faoin mbliain 2050. Luaitear sa phlean go bhfuilimid gar d'uar na cinniúna nuair a bheidh na tionchair maidir le hathrú aeráide ag éirigh níos measa. Caithfear dícharbónú, dá bhri sin, a bhaint amach, má táthar leis an damáiste a chuimsiú agus chun cur le teacht aniar i bhfianaise dúshlán ollmhór den sórt sin. Tá dul i ngleic le hastaíochtaí ón Earnáil Iompar (a bhí mar chúis le beagnach 20% de gháis ceaptha teasa na hÉireann sa bhliain 2017) mar chuid shuntasach den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide a foilsíodh le gairid. Áirítear ar na príomhchuspóirí atá ábhartha don LSMATS:

- Cur i bhfeidhm rathúil an NPF atá deartha le maireachtáil dhlúth, nasctha agus inbhuanaithe a chur chun cinn;
- Fás nach mbeidh chomh dian ó thaobh iompair a bhaint amach trí ailiú níos cóngaraí idir úsáid talún agus pleanáil iompair, idir nósanna oibre solúbtha agus aistriú córa iompair chuig iompar poiblí;
- Leathnú a chur ar shiúl, ar rothaíocht agus ar iompar poiblí le haistriú córa iompair a chur chun cinn;
- Luas a chur faoi chéimeanna chun dícharbónú a dhéanamh ar na fliteanna iompair poiblí;

- Níos mó rogha a thabhairt do na hÚdaráis Áitiúla maidir le criosanna astaíochtaí atá íseal a ainmniú; agus
- Straitéis a fhorbairt don earnáil feithiclí troma.

Áirítear ar dhoiciméid príomhbheartais eile:

- An Plean Maolaithe Náisiúnta;
- Teach Aniar a Fhorbairt i leith Athrú Aeráide in Earnáil Iompar na hÉireann;
- Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Luimnigh 2019-2024; agus
- Straitéis um Oiriúnú don Athrú Aeráide an Chláir 2019-2024.

An Creat Náisiúnta Pleanála 2040 (NPF)

Is creat forbartha straitéiseach atá san NPF ina leagtar amach comhthéacs fad téarmach na hÉireann d'fhorbairt fhisiciúil agus do dhul chun cinn gaolmhar i dtéarmaí geilleagracha, sóisialta agus timpeallachta suas go dtí an bhliain 2040. Meastar go dtiocfaidh fás go 55,000 duine breise ar a laghad ar an daonra i Luimneach faoin mbliain 2040 chun tacú le hios-daonra de 145,000.

Áirítear ar phríomhchumasóirí fáis ó thaobh iompair:

- Feidhmiú Plean 2030 Luimnigh chun athnuachan agus athfhorbairt a dhéanamh ar Lár na Cathrach agus ar na Dugaí i Luimneach;
- Forbairt inbhuanaithe limistéir úrnua do thithíocht ar chonairí iompair phoiblí thacaíochta;
- Líonra iompair phoiblí ar fud na cathrach a sholáthar, le hinrochtaineacht fheabhsaithe ó Lár na Cathrach go dtí an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Ollscoil Luimnigh agus Aerfort na Sionainne;

- Líonra bealaí straitéiseacha rothaíochta a fhorbairt le príomhbhealaí ard-acmhainneachta;
- Nascacht bóithre atá feabhsaithe ón tSionainn-Calafort Fhainge, lena n-áirítear, seachbhóithre áitiúla; agus
- Nascacht réigiúnach feabhsaithe trí mheán-achair aistir feabhsaithe ar bhóithre ón LSMA go Corcaigh agus go Port Láirge.

An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (NDP)

Leagtar amach na tosaíochtaí infheistíochta san NDP a bheidh mar bhonn taca le feidhmiú rathúil an NPF suas go dtí an bhliain 2027, agus déanfar an plean a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ag an bpointe sin.

Cuimsítear Torthaí Straitéiseacha Náisiúnta (NSO), mar a shainmhínítear san NPF, san NDP le mionsonraí infheistíochta breise. Tugtar achoimre ar thionscadail atá ábhartha don Straitéis mar a leanas:

NSO 1 – Fás Dlúth

- Creat Athnuachana Luimnigh 2030 a chur i bhfeidhm chun tacaíocht a fháil ón gCiste Forbartha agus Athnuachana Uirbí le 400 teach nua a chur ar fáil agus uasghrádú a dhéanamh ar 900 teach cónaithe ar fud ceantair Mhaigh Rois, Southill, Béal Átha na Cora (Weston) agus Páirc Naomh Muire;

NSO 2 – Inrochtaineacht Níos Fearr sna Réigiúin

- Líonra bóithre Chonair an Atlantaigh a bhunú a bheidh ag nascadh Chorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Sligeach le chéile;
- An M20 Corcaigh go Luimneach;

- An N21 / an N69 Luimneach go hÁth Dara go Fainghe; agus
- Scrúdú a dhéanamh ar iarnród ardluais idir Acomhal Luimnigh Baile Átha Cliath/Corcaigh chun nascacht idir na cathracha réigiúnacha a fheabhsú.

NSO 4 – Soghluaisteacht Inbhuanaithe

- Tiomantas le BusConnects a chur i bhfeidhm do chathracha go léir na hÉireann;
- An Flit bus uirbeach a aistriú go feithiclí astaíochtaí ísle, lena n-áirítear, busanna leictreacha;
- Tógáil an Ionaid Rialaithe Náisiúnta Traenacha a thabhairt chun críche;
- Líonra cuimsitheach rothaíochta agus siúil a sheachadadh i limistéir mórcheantair;
- Páirceáil agus Taisteal a sholáthair i gcomhar le BusConnects; agus
- Bonneagar breise luchtaithe a sholáthar don fhás spriocdhírthe i bhfeithiclí leictreacha.


NSO 6 – Nascacht Idirnáisiúnta Ardcháilíochta

- Rochtain a neartú chuig Calafort na Sionainne-Fhainge; agus
- Uasghrádú a dhéanamh ar an N21/N69 Luimnigh.

NSO 8 – Aistriú chuig Sochaí Ísealcharbóin atá Seasmhach ó thaobh na hAeráide

- Bearta taistil inbhuanaithe, lena n-áirítear, líonra cuimsitheach siúil agus rothaíochta a sheachadadh do chathracha na hÉireann;
- An flit busanna a aistriú chuig busanna ísealcharbóin, lena n-áirítear, busanna leictreacha, leis an tiomantas gan aon bhusanna díosail a cheannach tar éis mí Iúil 2019; agus
- Clár BusConnects.
- Pointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha a Leathnú.

LIMISTÉAR STAIDÉIR LSMATS AGUS AN LÍONRA IOMPAIR ATÁ ANN CHEANA FÉIN



An Creat Bheartas Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020

Is í an fhís uileghabhálach atá ag an gcéad Chreat Bheartas Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020 de chuid na hÉireann cultúr láidir rothaíochta a chruthú a bhféachtar air mar ghnáthchuid den saol. Baineann fis Chreat Bheartais Náisiúnta Rothaíochta 2009-2020 le gach cathair, baile, sráidbhaile agus ceantair thuaithe sa tír ina mbeidh an uile dhuine báuil leis an rothar, agus é mar chuspóir tabhairt faoi 10% de na turais go léir ar rothar faoin mbliain 2020. Is iad na príomhchuspóirí atá leis an gCreat seo:

- Tacú le pleanáil, forbairt agus dearadh bailte agus cathracha ar bhealach atá báuil ó thaobh rothair agus coisithe;
- A chinntiú go bhfuil an bonneagar bóithre uirbeacha (seachas mótarbhealaí) deartha/aisfheistithe ar bhealach atá báuil le rothair;
- Bealaí atá báuil ó thaobh rothair ó sholáthar do gach scoil, saoráidí páirceála leordhóthanacha do rothair laistigh de na scoileanna agus oiliúint ó thaobh rothair a chur ar gach dalta scoile;
- A chinntiú go mbíonn comhtháthú cearta idir rothaíocht agus iompar poiblí;
- Páirceáil shlán a sholáthar do rothair; agus
- Íomhá rothaíochta a fheabhsú agus rothaíocht a chur chun cinn mar "idirghabhálacha boga" ar nós feachtais agus imeachtaí bolscaireachta.

Taisteal níos Cliste – Todhchaí an Iompair Inbhuanaithe

Bhí Cathair agus Contae Luimnigh ar cheann de na Chéad Limistéar Taisteal Níos Cliste in Éirinn do 2012-2016. Admhaíonn Taisteal Níos Cliste nach bhfuil an fás leanúnach ar iompar bóithre inbhuanaithe mar gheall ar an tionchar ó thaobh plódú tráchta, truailliú aeir áitiúil, cur le hathrú aeráide agus cur chun cinn stil maireachtála atá i bhfad níos neamhghníomhaí.

Tá sé mar phríomhchuspóir leis aistriú córa iompair suntasach ó iompar priobháideach go hiompar poiblí agus modhanna gníomhacha a chur chun cinn thar an tréimhse suas go dtí an bhliain 2020 agus laghdú a dhéanamh ar an sciar d'fhás ar éileamh ar thaisteal atá ag brath ar an gcarr.

Leagtar spriocanna soiléire amach sa bheartas a bhfuarthas eolas ina leith ó ullmhú an LSMATS, lena n-áirítear, an príomhsprioc le turais cairr a bhaineann le hobair a laghdú ón sciar aistrithe córa iompair reatha de 65% go dtí 45%, agus ardú go dtí 55% a chur ar mhodhanna inbhuanaithe eile faoin mbliain 2020.

BEARTAS AG LEIBHÉAL RÉIGIÚNACH

An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch do Réigiún an Deiscirt (RSES)

D'fhoilsigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt an RSES deiridh i mí Eanáir 2020.

Is ionann an RSES agus creat ag leibhéal réigiúnach le comhordú níos fearr i bpleanáil agus i bhforbairt beartais a chinntiú ar fud teorainneacha na n-údarás áitiúil a bhfuil an NPF agus an NDP mar bhonn taca leo.

Mar chuid de gach RSES, éilítear ar na MASP'nna do na príomhchathracha diriú ar shaincheisteanna a bhaineann le cathracha agus le mórcheantair. Leagtar amach in Alt 6.3.6.4 den RSES na príomhthosaíochtaí don LSMATS mar a leanas:

- Ullmhú an LSMATS;
- Córas iompair phoiblí ar fud na cathrach atá feabhsaithe a fhorbairt le rochtain fheabhsaithe ó Lár na Cathrach go dtí an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Páirc Thionsclaíoch Ráithín, Ollscoil Luimnigh agus Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne;

- Inrochtaineacht chuig Lár na Cathrach a fheabhsú trí bhainistíocht éifeachtach tráchta, plódú tráchta a laghdú agus rogha maidir le haistriú córa iompair atá feabhsaithe;

- Líonra rothaíochta straitéiseach a fhorbairt ar fud na mórcheantar le bealaí suaithianta ardchumais chun freastal ar raon cuspóirí turais;

- Cothabháil agus feabhas a chur ar an líonra bóithre náisiúnta atá ag freastal ar an éileamh ar iompar laistigh den LSMA, ar mhaithe le nascacht feabhsaithe idir uirbeach/idir réigiúnach, achair aistir atá laghdaithe agus rochtain níos fearr chuig geataí idirnáisiúnta, lena n-áirítear, Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne agus Calafort na Sionainne-Fhainge;

- An úsáid is fearr is féidir a bhaint as an líonra iarnróid; agus

- Tá an riachtanas aitheanta ag an dá Údarás Áitiúil le feabhas a chur ar bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla trína tionscadail seo a leanas faoi réir ag próisis breithiúnais, pleanála agus measúnú comhshaoil;

- Tionscadal Bóithre Réigiúnacha Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh (LNDP);

- Inrochtaineacht fheabhsaithe chuig Deisceart Luimnigh, lena n-áirítear, soláthar féideartha nasc d'acomhal Mótarbhealaigh ón M20/M7; agus

- Uasghrádú a dhéanamh ar na bóithre artaireacha ón líonra mótarbhealaí chun cur le hacmhainneacht, lena n-áirítear bonneagar iompar poiblí agus Páirceáil agus Taisteal, lena n-áirítear, an R527 Bóthar an Duga, an R445 Bóthar Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear, Acomhal 28 agus an R527 Bóthar Thiobraid Árann.

Tá cuspóirí beartais de chuid MASP seo a leanas ábhartha freisin:

- **1A:** Ról an LSMA a láidriú mar láthair ar scála idirnáisiúnta, a dhéanann comhlánú ar Bhaile Átha Cliath agus atá mar phríomhthiománaí geilleagrach agus fás ar an daonra i Réigiún an Deiscirt;
- **1B:** An LSMA a chur chun cinn mar Limistéar Mórcheantair comhtháite le: (i) Lár na Cathrach mar láthair phríomha ina chroílár; (ii) fás agus athnuachan dlúth Lár na Cathrach i Luimneach agus a chuid bruachbhailte; (iii) fás agus athnuachan dlúth Shionainne; agus (iv) tionscnaimh bainistiú gníomhach talún le láithreacha do thithíocht agus d'fhostaíocht a sheachadadh ar bhealach inbhuanaithe faoi stiúir bonneagair;
- **2A:** Tacú le hathnuachan agus le hinfheistíocht leanúnach i gCathair Luimnigh trí thionscnaimh ar nós Luimneach 2030 agus Athnuachan Luimnigh;
- **3A:** Aitheantas a thabhairt don tSionainn mar láidreacht shuntasach réigiúnach agus mar ionad fostaíochta;
- **5A:** Na tosaíochtaí infheistíochta mar atá aitheanta san NDP agus san LSMA a sheachadadh;
- **6A:** LSMATS a ullmhú le linn saolré an MASP seo agus infheistíocht san LSMATS agus feidhmiú an LSMATS a chinntiú;
- **6B:** Aithneofar conairí iompair phoiblí agus pointí nódacha stáisiúin ar chonairí san LSMA a eascraíonn ón LSMATS sna Straitéisí Croíláir Phleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil a bhfuil an acmhainneacht acu tacú le forbairt/ athnuachan ard-dlúis;
- **6C:** NSO'nna an NPF a bhaint amach trí athnuachan inbhuanaithe faoi stiúir bonneagar, trí chomhdhlúthú agus trí fháis; agus



- **6D:** Ard-dlúis inbhuanaithe a lorg sa chás é a bheith indéanta i nóid iompair phoiblí.

Aithnítear líon Cumasóirí Náisiúnta san RSES freisin atá ábhartha don LSMATS, lena n-áirítear:

- Luimneach 2030 a chur i bhfeidhm;
- Deiseanna inlíonta agus athnuachana a aithint chun forbairt tithíochta agus fostaíochta a neartú ar fud limistéir bruachbhailte inmheánacha;
- Forbairt inbhuanaithe limistéar úrnua a chur chun cinn do thithíocht, agus bonneagar agus iompar poiblí tacaíochta a fhorbairt, ar nós mar atá sa Mhungairit;
- Nascacht bóithre feabhsaithe chun na Sionainne-Calafort Fhainge, lena n-áirítear, seachbhóithre;
- Tús áite a thabhairt do sheachadadh an LNDR arbh ionann é agus tosaíocht infheistíochta don MASP;
- Nascacht feabhsaithe chun na Sionainne-Calafort Fhainge, lena n-áirítear, seachbhóithre áitiúla;
- Páirc gnó nua a fhorbairt ar an taobh ó thuaidh den chathair a bheidh inrochtana trí iompar poiblí, a nascaídh Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh agus Maigh Rois chur le dul chun cinn na forbartha;
- Tacú leis an iarratas ar ainmniúchán do Chrios Forbartha Straitéisí Eacnamaíoch (SDZ) agus tacú le forbairt tailte ina dhiaidh sin atá críosaithe mar Ollscoil i bPlean Forbartha Chontae an Chláir 2017-2023; agus
- Dearadh uirbeach inbhuanaithe lár an bhaile a chruthú trí Phlean Gníomhaíochta Limistéir a fhorbairt do Lár an Bhaile sa tSionainn.

BEARTAS AG LEIBHÉAL ÁITIÚIL

Is í an tríú sraith den ordlathas beartais ná pleanáil áitiúil, a aistríonn cuspóirí Náisiúnta agus Réigiúnacha go comhthéacs áitiúil. Cuirfidh moltaí na Straitéise eolas ar fáil freisin do Phleananna Forbartha agus do Phleananna Limistéir Áitiúil faoi Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Luimnigh agus Comhairle Contae an Chláir.

Plean Forbartha Contae Luimnigh 2010-2016

Leagtar amach straitéis foriomlán do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe Contae Luimnigh i bPlean Forbartha Contae Luimnigh thar tréimhse sé bliana. Leagtar ráiteas fise amach sa Phlean lena nglacfaidh an Chomhairle cur chuige inbhuanaithe agus cothrom i leith forbartha, ag feabhsú, ar an mbealach sin, saol na ndaoine atá ina gcónaí, ag obair nó atá ag tabhairt cuairte ar an gContae, ag cosaint na timpeallachta nádúrtha agus thógtha ag an am céanna.

Tá an fhís seo mar bhonn taca leis na beartais straitéiseacha croiláir pleanála ábhartha seo a leanas:

- Soláthar a dhéanamh do chaighdeán saoil feabhsaithe don uile dhuine, bunaithe ar thimpeallachtaí inbhuanaithe, cónaitheach, oibre agus caitheamh aimsire atá ar ardchaighdeán agus ar líonraí iompair atá ar ardchaighdeán;
- Soláthar bonneagar an Chontae a éascú ar bhealach inbhuanaithe agus éifeachtúil a chuireann forbairt sóisialta, geilleagrach agus fisiciúil an Chontae chun cinn; agus

- A chinntiú go mbíonn an deis ag an uile dhuine tithíocht inacmhainne a fháil, agus go mbíonn ar a gcumas taitneamhacht a bhaint as timpeallachtaí atá sábháilte agus inrochtana, go mbíonn rochtain acu chuig saoráidí fostaíochta, oideachais, pobail agus caitheamh aimsire agus chuig cultúr agus ealaíona agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn.

Plean Forbartha Chathair Luimnigh 2010-2016

Déantar iarracht, le Plean Forbartha Chathair Luimnigh 2010-2016, "glacadh le prionsabail na hinbhuanaitheachta agus seachadadh a dhéanamh ar an bhfás atá ag dul i méid ó thaobh taistil trí chineálacha iompar inbhuanaithe" agus aithnítear go bhfuil comhtháthú níos mó a dhéanamh ar úsáid talún agus ar phleanáil iompair lárnach chun é sin a bhaint amach.

Tá sé mar fhís sa Phlean córas iompair a bhunú a chuireann rogha i ndáiríre ar fáil do chónaitheoirí agus do chuirteoirí. Cuideoidh rogha a bheith ar fáil ó thaobh modhanna taistil le lánpháirtiú sóisialta, le fás geilleagrach agus le timpeallacht inbhuanaithe na Cathrach trí dhul i ngleic le plódú tráchta agus leis an iomarca brath ar an gcarr príobháideach. Bainfear amach an fhís seo do Chathair Luimnigh trína gníomhartha seo a leanas a bhaint amach:

- Forbairt úsáid talún a ailíniú thart ar nóid iompair, lena n-áirítear, stadanna bus, stáisiúin iarnróid agus bonneagar rothaíochta agus coisithe atá ar ardchaighdeán;
- Soláthar a dhéanamh do Pháirceáil agus Taisteal straitéiseach agus áitiúil araon;
- Tosaíocht a thabhairt do dhearadh ó thaobh siúl agus rothaíocht sna forbairtí nua go léir;
- Soláthar páirceála ar an tsráid agus eas-sráide i Lár na Cathrach a rialú;

- Acomhal iompar poiblí a chur chun cinn i láithreacha straitéiseacha ar fud na Cathrach;
- Tús a chur le tógáil tionscadail bóithre ar nós uasghrádú a dhéanamh ar an N20 agus an N21 Seachbhóthar Áth Dara chuig caighdeán Mótarbhealaigh.

Plean Gníomhaíochta Torainn Cathair Luimnigh 2018-2023

Glactar le cur chuige straitéiseach i leith bainistiú torann timpeallachta ó phríomhbhóithre i bPlean Gníomhaíochta Torainn Luimnigh. Tá sé mar aidhm leis an bPlean Gníomhaíochta:

- Na bearta maolaithe cuí a aithint chun leibhéil torainn a laghdú sa chás go bhféadfadh siad a bheith díobhálach;
- Cosc a chur le daoine eile den phobal a bheith nochta do leibhéil torainn neamh-inmhianaithe trí bheartais phleanála atá láidir; agus
- Limistéir atá tarraingteach ó thaobh ciúnais de a chosaint, nó a chuireann suaimhneas ar fáil trí phróiseas aitheantais agus deimhnithe as a dtagann ainmniúchán foirmiúil mar 'Límistéir atá Suaimhneach'.

Áirítear ar bhearta maolaithe a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa Phlean:

- Bealaí Glasa;
- Moilliú Tráchtá;
- Athdhromchlú Bóthair; agus
- Pointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha.



Plean Forbartha Chontae an Chláir 2017-2023

Is é atá mar sprioc le Plean Forbartha an Chontae "tacú le fás láidir geilleagrach agus le hardchaighdeán saoil don lucht cónaithe go léir trí bhonneagar fisiciúil atá láidir agus éifeachtúil a sholáthar agus aird á thabhairt ag an am céanna ar fhreagrachtaí comhshaoil agus ag comhlíonadh na Reachtaíochta Eorpaigh agus Náisiúnta".

Tá líon cuspóirí in Imleabhar 1 a bhaineann leis an straitéis, ar nós:

- Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh (LNDR) a aithint, lena n-áirítear, gabhlóg chuig Ollscoil Luimnigh;
- Uasghrádú a dhéanamh ar an N19 chuig Aerfort na Sionainne;
- Tacú agus éascú a dhéanamh ar naisc iompair chuig agus ó Aerfort na Sionainne; agus
- Tacú le seirbhísí iompair a chomhtháthú ar fud an Chontae ar mhaithe le seirbhísí iompair níos fearr a chruthú a fhreastalaíonn ar riachtanais raon leathan lucht úsáide.

Tá tailte atá laistigh de Champas an Chláir d'Ollscoil Luimnigh aitheanta ag Comhairle Chontae an Chláir mar Chrios Forbartha Straitéiseach (SDZ). Tá an suíomh críosaithe laistigh de Phlean Forbartha Chontae an Chláir mar Chrios Ollscoile, le líon cuspóirí atá ábhartha don LSMATS leagtha amach sa Phlean Forbartha, lena n-áirítear:

- Tacú agus spreagadh a dhéanamh ar thuilleadh leathnú a dhéanamh ar champas Ollscoil Luimnigh ar an taobh ó thuaidh den tSionainn;
- Éascú a dhéanamh ar fhorbairt Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh le rochtain dhíreach a sholáthar ó Chontae an Chláir chun na hOllscoile;

- Feabhas a chur ar rochtain cosain agus rothair chuig an gcampas ó Chontae an Chláir;
- Tacú agus athoscailt Chanáil na hOireanaí a chur chun cinn mar phiosa bonneagair uiscebhealaigh atá ag feidhmiú agus rochtain uisce-iompartha chuig Campas an Chláir a éascú, agus tacú le tograí forbartha na hOllscoile a d'fhéadfadh a bheith in ann cur an méid is fearr is féidir lena suíomh straitéiseach cóngarach don tSionainn, na hAbhann Duibhe agus Canáil na hOireanaí, lena n-áirítear, an bealach siúlóide cois abhainn a chur ar ais.

Ceantar Bardasach Shionainne – Imleabhar 3(b)

Tá Plean Cheantar Bardasach Shionainne mar chuid de Phlean Forbartha Chontae an Chláir ina leagtar amach beartas agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe lonnaíochtaí agus cnuasach laistigh de Cheantar Bardasach Shionainne. Leagtar amach sa Phlean cuspóirí iompair do gach cnuasach lonnaíochta, lena n-áirítear:

- Straitéis bonneagair ghlais chomhtháite a sheachadadh, a spreagann siúl agus rothaíocht;
- Cur an méid is fearr is féidir le hacmhainní bonneagair, lena n-áirítear, Inbhear Shionainne;
- A dhul sa tóir go gníomhach ar phobail ar bheagán carbóin; agus
- Soláthar seirbhís tiomanta bus tointeála idir stáisiún iarnróid Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh agus Aerfort na Sionainne a dhaingniú.

Plean Gníomhaíochta Torainn an Chláir 2018

Fóilsíonn Comhairle Contae an Chláir Plean Gníomhaíochta Torainn gach 5 bliana. Tá sé mar aidhm leis an bPlean:

- Torann timpeallachta ó phríomhbhóithre a bhainistiú;
- Timpeallacht torainn san áit ina bhfuil siad atá réasúnta sásúil a chosaint; agus
- Caighdeán timpeallachta torainn amach anseo a chosaint trí phleanáil fuaime.

Tá sé mar aidhm leis an bPlean monatóireacht ar thorann a fheabhsú agus bearta laghdaithe torainn ar shraith shonrach Bóithre Náisiúnta (tríd an TII) agus Bóithre Réigiúnacha (trí Chomhairle Contae an Chláir) a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear, an N18, an N19, an R445 agus an R463.

Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus an Cheantair Máguaird 2012-2018

Leagtar amach creat forbartha don tSionainn agus don Cheantar Máguaird i bPlean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus an Cheantair Máguaird. Tugtar achoimre mar a leanas ar na spriocanna straitéiseacha atá ábhartha don Straitéis:

- Fás agus forbairt leanúnach Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne a chumasú;
- Dul sa tóir ar straitéis ísealcharbóin;
- Straitéis bonneagar glas atá comhtháite agus stuama a sheachadadh;
- Cosaint a thabhairt do chonair a d'fhéadfadh éascú a dhéanamh ar sholáthar nasc iarnróid chuig Aerfort na Sionainne amach anseo;
- Seirbhís dhíreach bus tointeála ó stáisiún iarnróid Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh a spreagadh agus a chur ar fáil trí Bhun Raite, chuig Aerfort na Sionainne (in easnamh nasc iarnróid);

- Tabhairt chun críche bóthar ceangail an deiscirt a éascú agus leanúint ar aghaidh le Bóthar Aerospace atá ann cheana féin chun freastal ar fhorbairt tailte amach anseo a bhaineann leis an aerfort;
- Seirbhís eitleora tiomanta idir Cathair Luimnigh agus Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne a spreagadh;
- Tacú le agus nascacht a éascú idir Limistéar Neamhchustaim Shionainne/Baile Átha Ghabhann agus lár an bhaile;
- Rochtain, páirceáil agus socruithe gluaiseachta laistigh de lár an bhaile sa tSionainn;
- Lár an bhaile atá briomhar agus inmharthana a chruthú; agus
- Straitéis bonneagar glas comhtháite a sheachadadh a spreagann siúl agus rothaíocht.

Plean Limistéar Áitiúil Chaladh an Treoigh

Tháinig Plean Limistéar Áitiúil Chaladh an Treoigh i bhfeidhm i mí Eanáir 2019. Cuimsíonn Limistéar an Phlean Ollscoil Luimnigh agus an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta.

Áiríonn an méid seo a leanas a bhfuil baint acu le leagan amach na Straitéise seo:

- An sprioc le saoráid Pháirceála agus Taistil a chruthú laistigh de Limistéar an Phlean;
- An cuspóir le conair bus a chruthú ó Ollscoil Luimnigh go Lár na Cathrach;
- Líonraí siúil agus rothaíochta a sholáthar ar líon bóithre poiblí agus ar roinnt bealaí easbhóthair, lena -áirítear, nasc idir Ollscoil Luimnigh agus Áth an Choite feadh Bhruach na Sionainne agus na Maoilchearna;

- Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh agus pointí rochtana a sholáthar;
- Líon bóithre a leathnú, lena n-áirítear, an R445, Bóthar Bhéal Átha Síomoin agus Bóthar Páirc Plassey le lánai bus agus rothaíocht feabhsaithe a sholáthar.
- Uasghrádú a dhéanamh ar líon easbhóithre agus acomhail.

LAP Cheantar Máguaird an Deiscirt

Déantar iarracht le Plean Limistéar Áitiúil Cheantar Máguaird an Deiscirt 2011-2017 "fheabhas a chuir ar an gcaighdeán foriomlán saoil trí leibhéil inrochtaineachta a fheabhsú; brath ar iompar carr priobháideach a laghdú; laghdú a dhéanamh ar an ngá le taisteal; úsáid cineálacha iompair agus malairt ar an gcarr priobháideach atá níos éifeachtúla ó thaobh fuinnimh'.

Tá sineadh cúig bliana eile curtha leis an doiciméad seo go dtí an bhliain 2021. Aithníodh na príomhtheachtaireachtaí seo a leanas:


- Na hacmhail isteach ar Chuarbhóthar Theas Luimnigh a chosaint ar bhealach nach gceadaítear rochtain nua isteach ar na hacmhail seo nó forbairt a d'fhéadfadh a bheith ag brath go héifeachtach ar na hacmhail seo nó leibhéil tráchta a chruthú a dhéanadh a saol deartha a laghdú;
- Forbairt éadain nó cruthú pointí rochtana nua feadh codanna áirithe den bhóthar a chosc;
- Siúl, rothaíocht agus iompar poiblí a chur chun cinn;
- Lánai bus atá ann cheana féin a chosaint agus tacú le tuilleadh conairí ardchaighdeáin a fhorbairt;

- Soláthar a dhéanamh do shintí féideartha seirbhísí bus sna forbairtí nua; agus
- Saoráidí breise do choisithe agus do rothaithe a fheabhsú agus a chruthú de réir mar a thagann deiseanna chun cinn.

ACHOIMRE

Tugtar breac-chuntas sa Chaibidil seo ar achoimre ar na Pleananna agus Beartais Phríomha ag leibhéal Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil atá ábhartha ó thaobh na Straitéise a ullmhú. Cuirtear anailís níos mionsonraithe i láthair maidir le raon leathan beartais sna Coinníollacha Bonnline agus sa Tuarascáil maidir le Comhthéacs Beartais atá in éindí leis seo.

Tar éis an athbhreithnithe seo ar na beartais atá ann cheana féin, tá sé soiléir go bhfuil cuspóirí seanbhunaithe ar fud go leor earnálacha a bhfuil sé mar aidhm leo an brath atá ar an gcarr a laghdú, modhanna maidir le taisteal gníomhach a chur chun cinn, dul i ngleic le hathrú aeráide agus cur le hinrochtaineacht, le nascacht agus le cuimsiú sóisialta. Chuir na beartais seo eolas agus treoir ar fáil d'fhorbairt Straitéis Iompair Limistéar Mhórcheantar Luimnigh/Shionainne.





03 LIMISTÉAR STAIDÉIR AGUS COMHTHÉACS IOMPAIR

Tá an carr priobháideach ar an modh taistil atá chun tosaigh, ach tá cultúr láidir siúil le fáil laistigh den chathair cheana féin. Is sciar íseal daoine atá ag baint úsáide as rothaíocht agus as iompar poiblí mar mhodh taistil.

Creat-Staidéar Gluaiseachta Dúiche Chathrach Luimnigh, 2015


Cuirtear forléargas ar fáil sa chaibidil seo maidir leis na coiníollacha iompair atá san LSMA cheana féin i gcomhthéacs úsáid talún, soláthar iompair agus patrúin ghluaiseachta. Is féidir tuilleadh analíse atá níos mionsonraithe a fháil sna tuarascálacha tacaíochta. Áirítear san LSMA:

- Cathair agus Bruachbhailte Luimnigh;
- Droichead Abhann Ó gCearnaigh;
- Áth an Choite;
- Caisleán Uí Chonaill;
- Tobar Phádraig;
- Clár Aidhne;
- Mungairit;
- An tSionainn;
- Ard na Croise;
- Cluain Lára;
- An Chreatalach;
- Baile Uí Chanáin;
- Bun Raite; agus
- Pairtín.

Clúdaíonn an LSMA achar de 387km², le daonra atá os cionn 132,400 duine (CSO, 2016). Tá sé seo déanta suas de thart ar 96,800 áititheoir laistigh de theorainn Chathair Luimnigh agus na Bruachbhailte mar a shainmhínítear sa CSO. Tá Cathair Luimnigh ar an lárionad uirbeach is mó i Réigiún Iarthar Láir na hÉireann agus ar an tríú cathair is mó sa tír. Is ionann an tSionainn agus ionad fostaíochta suntasach le sócmhainní ar nós Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne agus Limistéar Neamhchustaim Shionainne.



Limistéar Staidéir



Sciar Modha an LSMA

Tá Cathair Luimnigh agus an tSionainn ag brath ar a chéile, agus cuireann a gcuid feidhmeanna comhlántach lena láidreachtaí atá mar inneall eacnamaíoch do Réigiún an Iarthair Láir. Tá ceithre cinn d'institiúidí trí leibhéal i gceantar an LSMA:

- Tá Ollscoil Luimnigh suite in oirthuaisceart Chathair Luimnigh agus thug an ollscoil le fios le gairid go bhfuiltear le campas eile a lonnú i lár na cathrach;
- Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh (lena n-áirítear Scoil Ealaíne agus Deartha Luimnigh) atá suite ar an taobh thiar de Lár na Cathrach;
- Coláiste Mhuire gan Smál atá ar an taobh theas den Chathair; agus
- Coláiste Ósta na Sionainne (cuid den NUIG) sa tSionainn.

Tá saoráidí triú leibhéil ag Ollscoil Luimnigh agus ag an LIT araon in Inis a mheallann mic léin ó cheantar níos leithne an LSMA. Freastalaíonn na seirbhísí seo a leanas ar an LSMA

- Seirbhísí iarnróid Idirchathracha;
- Busanna cathracha agus réigiúnacha agus seirbhísí nasc áitiúla; agus
- Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne (atá suite thart ar 20km d'iarthuaisceart Lár na Cathrach).



Seirbhísí Réigiúnacha agus Áitiúla Bus

PATRÚIN FORBARTHA ATÁ ANN CHEANA FÉIN

Tá formhór an daonra ina chónaí laistigh den LSMA ina gcónaí go príomha laistigh de Lár na Cathrach i Luimneach agus laistigh de na bruachbhailte agus tá níos lú ná 25% scaipthe ar fud Shionainne agus ar fud na gceantar tuaithe. Is iad na ceantair leis an dlús daonra is airde den LSMA ná Lár na Cathrach, Luimneach, an Ráithín, Tuar an Daill agus Lár an Bhaile sa tSionainn.

Síneann dáileadh an daonra laistigh de Chathair Luimnigh beagán níos faide soir-siar ná thuaidh-theas (10km a bheag nó a mhór soir-siar ó Chathair Dháilbhín go hÁth an Choite go Ráithín). Ar an gcaoi chéanna, síneann dáileadh an daonra sa tSionainn níos faide soir-siar (4km go garbh) seachas thuaidh-theas (níos lú ná 1.5km).

Tá go leor de na príomhionaid fhostaíochta bailithe le chéile lasmuigh den Lár na Cathrach, ar nós sa Ráithín, sa Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta agus in Ollscoil Luimnigh. Tá líon páirceanna tionsclaíocha éadroma agus ionaid miondiolacháin lasmuigh de lár an bhaile freisin ar nós Limerick One agus Ionad Siopadóireachta Bhealach na Páirce.



An Líonra Iarnróid

Tá Aerfort na Sionainne, an Limistéar Saorthrádala agus Lár an Bhaile mar ionaid fhostaíochta suntasacha.

COMHTHÉACS GLUISEACHT AN LSMA ATÁ ANN CHEANA FÉIN

Tugtar faoi 415,000 turas laistigh den LSMA ar an meán gach lá i rith na seachtaine (thar 24 uair an chloig).

Déanann an chatagóir 'na cuspóirí le gach turas eile' suas an céatadán is airde de thurais le linn buaicuaireanta na maidine, agus is ionann é sin agus 37%. Tagann áiteanna oideachais (34%) agus turais chun na hoibre (26%) ina dhiaidh sin. Tagraíonn 'na cuspóirí le gach turas eile' do shiopadóireacht, caitheamh aimsire, gnó agus ag tabhairt cuairte ar chairde nó an teaghlaigh agus is ionann iad sin agus 51% de na turais go léir i gcaitheamh an lae iomláin.

Baineann formhór an éilimh ar thaisteal go himmheánach le Cathair Luimnigh agus leis na Bruachbhailte agus leis an tSionainn, le bunús agus ceann scríbe 89% agus 68% faoi seach de thurais le linn buaicuaireanta na maidine sa dá réimse seo faoi seach.

Tá ceann scribe i gCathair Luimnigh agus sna na Bruachbhailte ag beagnach leath de na turais a thagann ón Limistéar Mórcheantair agus thart ar 10% le ceann scribe sa tSionainn. Tá ceann scribe ag 8% de na turais i gCathair Luimnigh a gcuirtear tús leo sa Lár-Oirthear ina iomláine agus 2% don tSionainn.

Agus lasmuigh de Limistéar an Staidéir tá gaolmhaireacht fheidhmiúil ag bailte ar nós na hInse, Baile Uí Fhiacháin, Béal an Átha agus ag an Aonach le hionaid uirbeacha san LSMA mar gheall go bhfuil an LSMA mar phríomhinneall eacnamaíochta do réigiún an Iarthair Láir. Áirítear líon tograí sa Straitéis le nascacht leis an réigiún níos leithne lasmuigh den LSMA a fheabhsú, lena n-áirítear, bonneagar bus, iarnróid, rothaíochta agus bóithre agus na seirbhísí a fhreastalaíonn ar na patrúin taistil seo.

Sciar Modha an LSMA

Léirítear na srianta atá ar sholáthar iompar poiblí san LSMA faoi láthair sa sciar modha atá íseal do mhodhanna taistil inbhuanaithe. Tá an sciar modha foriomlán don LSMA don éileamh 24-uair a chloig mar a leanas:

- Iompar poiblí: 8%;
- Siúl: 29%;
- Rothaíocht: 2%; agus
- Carr: 61%.

AN TSOLÁTHAIR IOMPAIR ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR

Seirbhísí Réigiúnacha agus Áitiúla Bus

Cuireann líonra an LSMA, a bhfuil a fhormhór á fheidhmiú ag Bus Éireann, clúdach réasúnta leathan ar fáil don Chathair. Is bealaí traschathracha gathacha iad formhór na seirbhísí seo, agus críochnaíonn trí cinn acu i Lár na Cathrach.

Tá dhá sheirbhís bhreise bus á bhfeidhmiú ag Dublin Coach. Athraíonn minicíocht na seirbhísí i gCathair Luimnigh agus sna Bruachbhailte ar fud an líonra agus níl ann ach dhá bhealach 'ardmhinicíochta' (de ghnáth gach 15 go 20 nóiméad). Baineann siad seo le Bealach 302 ó Chathair Dháibhín go Lár na Cathrach agus Bealach 304 ó Bhaile Choimín go hOllscoil Luimnigh. Tá cion níos airde de na seirbhísí bus ísealmhínicíochta atá fágtha i ndeisceart na cathrach, a léiríonn scaipeadh an daonra.

Tá córas aontreo fairsing i Lár na Cathrach i Luimneach a bhfuil tionchar diúltach aige ar oibríochtaí iompair phoiblí mar gheall go bhfuil busbhealaí deighilte ar an gcuid isteach agus ar an gcuid amach den turas. D'fhéadfadh sé seo a bheith mearbhlach do dhaoine nach mbíonn ag taisteal go minic nó do chuairteoirí chun na Cathrach nach bhfuil eolas acu ar an líonra bus. Tá roinnt busbhealaí scartha freisin mar gheall ar leithead teoranta na mbóithre.

Sa bhreis ar na seirbhísí chun na cathrach, cuireann Bus Éireann roinnt seirbhísí réigiúnacha ar fáil, a sholáthraíonn nasc ó lonnaíochtaí difriúla laistigh de Chontae Luimnigh níos leithne chuig an LSMA chomh maith le contaetha an Chláir, Uíbh Fhailí, Tiobraid Árann, Corcaigh, Ciarraí, Port Láirge agus Baile Átha Cliath. Tá seirbhísí bus na hInse-Shionainne-Luimnigh rithábhachtach don chonair comaitéara. Oibríonn na seirbhísí réigiúnacha seo ó Stáisiún Cholbaird. Teastaíonn athnuachan a dhéanamh ar an stáisiún bus seo.

Cuireann oibrítheoirí príobháideacha ar nós CityLink, Dublin Coach, Kelly Travel agus Kenneally seirbhísí eile réigiúnacha bus ar fáil go Gaillimh, Corcaigh agus go Baile Átha Cliath.

Feidhmíonn na seirbhísí bus réigiúnacha seo ó Cé Artúir agus ó institiúidí tríú leibhéal. Sa tSionainn ní fhreastalaíonn ach aon seirbhís bus ísealmhínicíochta amháin ar lár an bhaile agus cuireann nasc ar fáil chuig Stáisiún Cholbaird i Luimneach, Stáisiún Bus na hInse, Bun Raite, Aerfort na Sionainne agus nasc nach bhfuil chomh minic sin chuig Droichead Abhann Ó gCearnaigh. Ní chuireann busbhealaí atá oibriú laistigh den tSionainn agus den Cheantar Máguaird ach nasc ar fáil chuig Aerfort na Sionainne agus chuig Eastát Tionsclaíochta na Sionainne.

An Líonra Iarnróid

Tá líon seirbhísí Idirchathracha i gCathair Luimnigh a chuireann nasc díreach iarnróid ar fáil ó stáisiún traenach Cholbaird go hInis agus go Gaillimh agus nasc trí Acomhal Luimnigh go Baile Átha Cliath, Corcaigh, Cluain Meala, Trá Lí agus Port Láirge. Tá an líon is airde nasc ó Bhaile Átha Cliath go Luimneach, a chuirtear ar fáil trí mhalartú ag Acomhal Luimnigh ar an Líne ó Bhaile Átha Cliath go Corcaigh. Tá trí sheirbhís dhíreach sa lá ó Chaisleán Uí Chonaill ar an taobh thoir den LSMA go Stáisiún Cholbaird ar an líne ó Bhaile Uí Bhróithe-Luimneach. Áirítear ar cheann scribe eile ar an líne seo, an tAonach, Cloch Shiurdáin agus Cnocán an Éin Fhinn i dTiobraid Árann.

Rinneadh uasghrádú le gairid ar an bplás timpeall ar Stáisiún Cholbaird agus cuireadh feabhas ar thimpeallacht an stáisiúin. Mar sin féin, níl aon bhealach nasctha soiléir do choisithe go Lár na Cathrach. Níl aon líne iarnróid ag freastal ar an tSionainn, agus is é stáisiún Droichead Abhann Ó gCearnaigh an stáisiún traenach is gaire, thart ar 6km taobh thoir de lár an bhaile sa tSionainn. Cuireann busbhealach 343 atá á oibriú ag Bus Éireann nasc nach bhfuil chomh minic sin ar fáil idir Lár an Bhaile sa tSionainn agus stáisiún Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh.

Tá sé tugtha ar aird go n-áiríonn Plean Limistéir Áitiúil Bhaile Shionainne agus an Cheantair Máguaird cuspóir leis an tSionainn a nascadh le Droichead Abhann Ó gCearnaigh trí bhus tointeála díreach sa ghearrthearma. Níl an lastas líne iarnróid idir Luimneach agus Calafort Fhainge gníomhach ón mbliain 2001.

Líonra Rothair

Tá forbairt déanta de réir a chéile ar líonra rothair an LSMA le blianta fada. Is iad na sruthchúrsaí na príomhbhacainní nádúrtha i leith na rothaíochta, lena n-áirítear, an tSionainn, Abhainn an Abbey, an Mhaoilchearna, Abhainn Ballynaclogh agus an Park Canal. As na sruthchúrsaí seo tá an tSionainn ar an príomhbhacainn nádúrtha i leith gluaiseachta. Faoi láthair tá 3 dhroichead feithicleach ag trasnú na Sionainne ón taobh thiar, ceantar Chathair Dháibhín. Ní sholáthraíonn ceachtar de na droichid seo saoráidí tiomanta rothaíochta i láthair na huaire. Tá an acmhainneacht leis na droichid seo a aisfheistiú teoranta mar gheall ar a leithead.

Tá líon bacainní bonneagair fhisiciúla i leith gluaiseacht rothaíochta san LSMA freisin. Áirítear orthu seo, trí líne iarnróid, mótarbhealach/débhealach a chuireann cosc ar rothaíocht, bealaí aontreo agus bealaí timpeallacha, aomhail le fíor bheagán nó gan soláthar ar bith do rothaithe, m.sh. timpealláin le trastomhas mór agus líon mór feithiclí agus luas.

Ar cheann de na feabhsúcháin le gairid, tá an Scéim Roinnt Rothair a tugadh isteach sa bhliain 2014 agus a chuimsíonn 23 stáisiún agus 215 rothar ar fud Lár na Cathrach i láthair na huaire. Tá go leor Stoplínte (ASL'nna) curtha ar fáil ar fud Lár na Cathrach atá marcáilte thar an stoplíne le cur faoi deara don trácht ginearálta roinnt tosaíochta a thabhairt do rothaithe ag aomhail.

Leagtar amach togra maidir le straitéis rothaíochta i bPlean Limistéir Áitiúil Cheantar Máguaird an Deiscirt 2011-2021 chun sineadh a chur leis an líonra. Cuirtear béim sa phlean ar bhealaí chuig áiteanna oideachais, caitheamh aimsire agus ceantair siopadóireacht. Áirítear ar láithreacha spriocdhirithe a dhéanfar a nascadh sa togra, an Ráithín, Tuar an Daill, Ionad Siopadóireachta an Crescent agus Cathair Luimnigh. Tá lána rothar sa Mhungairit-an Loch Mór, atá sainmhínithe sa LAP mar phríomhlimistéar forbartha, atá leath tógtha, a shíneann feadh Bóthar Réigiúnach an R859 ó Quinn's Cross go Sráidbhaile Mungairit.

Tá líonra rothaíochta Shionainne teoranta agus níl bonneagar rothaíochta seasmhach ann. Tá an spás páirceála do rothair teoranta agus níl mórán lánaí rothair ann, tá an príomhlána rothaíochta feadh an R471, idir Lár an Bhaile sa tSionainn agus Cros Ballycasey. Foilsíodh Plean Bonneagar Glas Bhaile Shionainne sa bhliain 2013 agus tá moltaí sa phlean le bonneagar rothaíocht an bhaile a fhorbairt.

Líonra Coisithe

Tá éagsúlacht mhór sna leibhéil siúil agus sa chaighdeán timpeallachta coisithe ar fud an LSMA. Léirítear leis seo déine difriúla úsáide talún, athrú gluaiseachta agus tosaíochtaí áite agus scoilteacht pobail a bhfuil bacainní fhisiciúla ar nós uiscebhealaí agus bealaí feithicle faoi thrácht trom mar chúis leo.

Tá feabhas tagtha ar an timpeallacht coisithe i Lár na Cathrach le blianta beaga anuas tar éis páirt-fheidhmiú straitéis an réimse poiblí agus tar éis roinnt sráideanna a choinneáil do choisithe amháin. Cuireann patrún forbartha ceantair chónaitheacha agus tionsclaíocha araon cruth ar an líonra coisithe sa tSionainn agus sa cheantar máguaird araon, mar is gnách ó thaobh láithreacha bruachbhailteacha.

Is gnách leis an bpatrún seo tréscailteacht a laghdú agus éilíonn ar choisithe achar atá níos faide ná mar is gá leis a shiúl lena gceann scribe a bhaint amach, cé go bhfuil feabhas tagtha ar thréscailteacht timpeall ar scoileanna le blianta beaga anuas. Tá leithead leordhóthanach ag gabháil leis na cosáin choisithe atá ann cheana féin agus cuireann siad cosaint ó mhótarfheithiclí ar fáil, go háirithe in aice le hIonad Siopadóireachta Sky Court agus laistigh de cheantair chónaitheacha. Cuireann príomhbhóithre nó páirceáil ar an tsráid nó eas-sráide agus ar chiumhaiseanna féir as don líonra coisithe foriomlán go minic. I roinnt cásanna, ní chuirtear cosáin choisithe ar fáil ach ar thaobh amháin den tsráid. Tá easpa éadanas gníomhach ann freisin agus go leor foirgnimh siar óna cosáin rud a chiallaíonn nach mothaíonn an áit sábháilte go minic agus cuireann isteach ar mheallacht.

Tá carranna atá páirceáilte go midhleathach ar chosáin nó ar cholbhaí atá níos isle mar shaincheist a tharlaíonn ar fud an LSMA arís agus arís eile, rud a laghdaíonn línte amhairc agus a chuireann iallach ar choisithe, lena n-áirítear, iad siúd atá faoi lagú gluaiseacht dul amach ar an débhealach. Áirítear ar bhacainní eile ó thaobh siúil agus rochtain ar iompar poiblí do dhaoine faoi mhíchumas agus do naíchóistí, amanna trasnaithe nach bhfuil leordhóthanach ag aomhail atá faoi chomharthaíocht, tranglam sráide agus easpa suíocháin poiblí agus leithris.

Beidh an tábhacht a bhaineann le gluaiseacht coisithe a aithint chun freastal ar riachtanas iompair an LSMA, atá mar phríomhchuspóir sa Straitéis, i gceist le caighdeán an líonra agus na timpeallachta coisithe a fheabhsú chun tacú le leibhéil níos sábháilte agus níos airde siúil agus inrochtaineacht chuig seirbhísí agus chuig cineálacha eile iompair.

Líonra Bóithre Straitéiseacha

Tá líonra bóithre atá dea-fhorbartha atá ann cheana féin ag freastal LSMA. Tacaíonn líonra bóithre straitéiseach le gluaiseacht earraí agus seirbhísi chuig agus ón LSMA a chuimsíonn:

- An M7 Luimneach – Baile Átha Cliath (Ten-T Croíláir);
- An M20 Luimneach – Tobar Phádraig (Ten-T Cuimsitheach);
- An N20 Tobar Phádraig – Corcaigh (Ten-T Cuimsitheach);
- An M18/N18 Luimneach – Gaillimh (Ten-T Cuimsitheach);
- An N69 Luimneach – Fainge (Ten-T Croíláir);
- An N21 Luimneach – Trá Lí (Ten-T Cuimsitheach);
- An N24 Luimneach – Port Láirge;
- An N19 Aerfort na Sionainne – M18; agus
- An N18 An tSionainn – Cathair Luimnigh (Ten-T Cuimsitheach).

Tá táille ar an N18 idir Acomhal 2 agus Acomhal 4 ar imeall Chathair Luimnigh. Tugann anailís ar an bhfás i dtrácht a íocann táille a rinne an TII sa bhliain 2015 le fios go mbíonn aistriú tráchta Feithiclí Earraí Troma (HGV) go dtí an N18 Tollán Luimnigh mar thoradh ar na leibhéil arda brú tráchta i gCathair Luimnigh. Tugann staidéir eile le fios, áfach, go n-aistríonn an trácht HGV chuig Lár na Cathrach chun táillí a sheachaint.

Léiríonn trácht HGV i Luimneach ceangail láidre idir cheantair an M7 ó thuaidh agus ó dheas, an chuid den N18 idir an M7 agus an N69, agus bóithre áitiúla idir Lár na Cathrach, Tuar an Daill, Caladh an Treoigh agus Garraí Eoin. Tarlaíonn na leibhéil is airde gníomhaíochta HGV le linn na tréimhse idir-bhuaicuaireanta.

Tá an-tábhacht ag baint le cothabháil a dhéanamh ar acmhainneacht na mbóithre straitéiseacha ó thaobh leibhéil chuí seirbhíse ar mhaithe le geilleagar an LSMA a fhás. Cé go bhfuil acmhainneacht shuntasach i gcodanna den líonra bóithre straitéiseacha, tá leibhéil arda tráchta i gceantair áirithe mar thoradh ar bhrú tráchta ag láithreacha caolais, lena n-áirítear, Timpeallán Newport (Mackey), Béal Átha Síomoin agus an tSionainn.

Tá easpa cuair-chonair straitéiseacha san LSMA ar an taobh ó thuaidh den chathair a mbíonn trácht straitéiseach agus HGV'nna ag dul trí Lár na Cathrach mar thoradh air go minic, lena n-áirítear, an N18 (Droichead na Sionainne) agus Bóthar Bhaile Átha Cliath. Beidh feabhsú agus bainistiú an líonra bóithre do ghluaiseacht tráchta straitéisigh mar ghné thábhachtach do chóras iompar an LSMA amach anseo.

Líonra Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla

Cuireann an líonra bóithre áitiúla rochtain ar fáil chuig seirbhísi áitiúla agus ceanglaíonn pobail le chéile. Tá forbairt tagtha le roinnt blianta ar an líonra bóithre áitiúla atá ann i láthair na huaire ach níl an líonra oiriúnach do ghluaiseacht éifeachtúil daoine agus earraí.

Tá plódú ann le linn na dtréimhsí buaicuaireanta laistigh de Lár na Cathrach ar bhealaí gathacha.

Tiocfaidh ardú le fás amach anseo gan amhras ar bhrú tráchta agus ar mhoill mar gheall ar bhrú tráchta mura dtugtar aghaidh ar an spleáchas laistigh den LSMA ar an gcarr priobháideach. Beidh sé mar chuspóir leis an straitéis bainistiú a dhéanamh ar bhrú thráchta le córas iompair éifeachtach, inbhuanaithe agus éifeachtúil a bhaint amach.

FEABHSÚCHÁIN LE GAIRID

Rinneadh roinnt feabhsúcháin ar an tsoláthair iompair laistigh den LSMA le blianta beaga anuas, lena n-áirítear:

- Tógáil Tollán Luimnigh an N18;
- Feabhsúcháin ar an mbonneagar iompair agus ar bhusbhealaí i Luimneach ar nós Bóthar Bhéal Átha na Cora;
- Athfhorbairt Plás Stáisiún Cholbaird;
- Forbairt bealach siúil agus rothaíochta ó Ollscoil Luimnigh go Lár na Cathrach;
- Feabhsúcháin ar an líonra rothaíochta ó Mhungairt go Ráithín;
- Forbairt Glasbhealach Comharsanachta na Réabóige;
- Feidhmiú Scéim Phoiblí Roinnt Rothair Luimnigh (BSS);
- An N19 Scéim Rochtana an Aerfort; agus
- Siúl Cois Abhainn na Sionainne.






04 ÚSÁID TALÚN

Is 40% ar a laghad an sprioc don tithíocht nua go léir a bheidh le seachadadh laistigh de limistéir faoi fhoirgnimh na gcathracha, bailte agus sráidbhailte ar láithreáin inlíonta agus/nó láithreáin athfhorbraíochta.

An Creat Náisiúnta Pleanála 2040

Aithnítear go gcuireann an patrún stairiúil forbartha ar fud an LSMA leis na leibhéil arda spleáchais ar an gcarr. Ar mhaithe lena chinntiú go dtarlaíonn daonra réamh-mheasta agus fás fostaíochta ar bhealach inbhuanaithe, tá sé rithábachtach go ndéantar ailíniú dlúth idir úsáid talún agus pleanáil iompair. Is féidir le hiompar comhtháite agus le pleanáil úsáid talún laghdú a dhéanamh ar an ngá le taisteal sa charr agus tacú le córas iompair atá nasctha agus inbhuanaithe a fheidhmiú.

Cuirtear beartas ar fáil san NPF maidir le hathnuachan agus forbairt lonnaíochtaí atá ann cheana féin agus láithreáin athfhorbraíochta, seachas leathnú leanúnach agus sraoilleáil cathracha agus bailte isteach sa tuath, a mbionn lár bailte agus sráidbhailte níos lú thíos leis.



Leagtar síos sprioc san NPF ó thaobh diriú ar 40% ar a laghad d'fhorbairtí tithíochta amach anseo le diriú laistigh de, agus i ngar do, 'lorg' reatha na limistéar faoi fhoirgnimh. Rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair forbairt ar an gcás maidir le húsáid talún 2040 an LSMATS i gcomhar leis an dá Údarás Áitiúil.

FÁS NÁISIÚNTA

Meastar sna NPF go dtiocfaidh ardú de thart ar 1 mhilliún duine ar dhaoine na hÉireann faoin mbliain 2040 a chiallóidh go mbeidh riachtanas ann le haghaidh 600,000 post breise agus 500,000 teach cónaithe breise ar a laghad. Aithnítear san NPF an ról a bheidh á imirt ag Luimneach agus ag cathracha réigiúnacha eile Chorcaigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge ó thaobh bheith ina bhfórsa tionchair i gcomparáid le Baile Átha Cliath agus tá fás daonra idir 50-60% ar a laghad sannta do gach cathair réigiúnach.

Cuspóir Beartais Náisiúnta an NPF

Tá na beartais éagsúla atá laistigh den NPF eagraithe faoina Cuspóirí Beartais Náisiúnta (NPO'nna). Rinneadh na NPO'nna a fhorbairt tar éis anailís agus comhairliúchán leathan agus leagtar amach iontu an bealach chun cinn do phleanáil réigiúnach agus áitiúil agus do bheartas forbartha inbhuanaithe in Éirinn.

Baineadh úsáid as na NPO'nna mar bhunús le spriocanna fás úsáid talún a fhorbairt agus mar bhunús do dháileadh fás laistigh den LSMATS, chomh maith le straitéisí croiláir laistigh de Phleananna Forbartha Chathair agus Chontae Luimnigh, Plean Forbartha Chontae an Chláir agus na Pleananna Limistéir Áitiúla ábhartha.

Áirítear ar an príomh-NPO'nna atá ábhartha d'fhorbairt an LSMATS:

- **NPO 1b:** Fás daonra idir 340,000-380,000 go dtí an bhliain 2040 do Réigiún an Deiscirt (daonra sprice de beagnach 2 milliún duine);
- **NPO 1c:** 225,000 duine breise ag obair i Réigiún an Deiscirt (880,000 duine ar an iomlán);
- **NPO 2a:** Direofar sprioc de 50% i dtéarmaí fás daonra agus fostaíochta amach anseo ar na cúig chathair agus ar a mbruachbhailte atá ann;
- **NPO 3a:** Leagtar sprioc amach san NPF de 40% ar a laghad de thithe nua a dhéanfar a sheachadadh go náisiúnta laistigh de cheantair faoi fhoirgnimh chathrach, baile agus sráidbhailte ar láithreáin inlíonta agus/nó láithreáin athfhorbraíochta atá ann;
- **NPO 3b:** Leath (50%) na dtithe nua ar fad, ar a laghad, atá dirithe ar na cúig Chathair, Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge, agus a gcuid bruachbhailte, a sheachadadh laistigh dá lorg reatha faoi fhoirgnimh;
- **NPO g:** Is féidir lonnaíochtaí atá lasmuigh den 'Chathair agus de na Bruachbhailte' a aithint as na rátaí suntasacha (m.sh. 30% nó níos mó) d'fhás daonra ag na céimeanna pleanála réigiúnacha agus áitiúla. Déantar tagairt san NPF don fhiric go bhféadfadh na lonnaíochtaí seo a bheith laistigh d'abhantrach comaitéara cathrach agus ceantair a bhfuil an acmhainneacht acu do sciar mhodha ard atá inbhuanaithe. Bheadh sé seo ag ailíniú le lonnaíochtaí feadh na líne iarnróid agus conairí iompair ardacmhainneachta atá san LSMA cheana;

- **NPO 27:** A chinntiú go ndéantar roghanna eile sábháilte agus áisiúla in áit an chairr a chomhtháthú i ndearadh ár bpobal, trí thosaíocht a thabhairt d'infrochtaineacht siúil agus rothaíochta d'fhorbairtí reatha agus beartaithe araon, agus trí áiseanna gníomhaíochta fisiciúla a chomhtháthú do dhaoine ar gach aois;
- **NPO 68:** D'fhéadfadh MASP'nna freastal sa Limistéar Mórcheantair níos leithne ar suas le 20% den spriocfhás céimnithe daonra sa Phríomhchathair agus sna Bruachbhailte m.sh. lasmuigh den chathair agus de na bruachbhailte, chomh maith leis an bhfás a sainaithníodh don Limistéar Mórcheantair. Luaitear san NPF gur chóir go mbeadh sé sin faoi réir ag fás athdháilte ar bith a bheidh i bhfoirm dlúthfhorbartha, ar nós inlíonadh nó leathnú uirbeach inbhuanaithe agus/ nó fás athdháilte ar bith a bhfreastalaíonn iompar poiblí ardacmhainne air agus/ nó a bhaineann le soláthar suntasach fostaíochta; agus
- **NPO 69:** Leathnófar socruithe reachtúla idir an phleanáil spásúil agus an phleanáil iompair i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath amach go cathracha eile.

FÁS RÉIGIÚNACH

Tá an NPF 2040 aistrithe ag leibhéal réigiúnach, mórcheantair agus ag leibhéal áitiúil trí tháirgeadh an RSES, MASP agus na Pleananna Forbartha agus na Pleananna Limistéir Áitiúla do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus do Chomhairle Chontae an Chláir araon.

Cuspóirí Beartais Réigiúnacha an RSES

Soláthraíonn cuspóirí an RSES, atá mar bhonn taca leis NPF, creat láidir don LSMATS le cruth a chur ar spriocanna fáis a chomhtháthaíonn úsáid talún agus pleanáil iompair.

Sprioc 2 den RSES: Nascacht den Scoth agus Iompar Inbhuanaithe, a bhfuil sé mar aidhm leo comhtháthú rathúil a bhaint amach idir úsáid talún agus pleanáil iompair, ag baint amach dlúis níos airde agus úsáidí cuí inbhuanaithe ag nóid atá ag fáil seirbhíse ó líonraí iompair phoiblí.

Tugtar breac-chuntas i gCuspóir Beartais 10 an RSES ar na cuspóirí tharr ar Fhás Dlúth sa Limistéar Mórcheantair:

- Tosaíocht a thabhairt do thithíocht agus d'fhostaíocht i láithreacha laistigh agus atá le taobh lorg na cathrach atá an cheana féin agus inar féidir le líonraí iompair phoiblí, siúil agus rothaíochta atá ar ardchaighdeán freastal air;
- Comhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún le seachadadh tithíochta agus fostaíochta a chur chun cinn in ionaid uirbeacha, ag díriú ar chomhordú agus ar fhorbairt a dhéanamh ar bhunachar talún atá suite go straitéiseach agus faoi úinéireacht an phobail, ag laghdú folúntais agus ag cur le hathnuachan láithreáin lárnacha; agus
- Bunachar sonraí atá á thabhairt cothrom le dáta go leanúnach a chruthú lena n-aithnítear láithreáin athfhorbraíochta agus láithreáin inlíonta, limistéir athnuachana agus máistirphlean agus pacáistí bonneagair le dul chun cinn a chumasú i dtreo spriocanna fáis dlúth a bhaint amach. Láithreacha straitéiseach d'fhás cónaitheach a aithint trí thionscnaimh gníomhacha bainistíochta talún.

Tacaíonn Cuspóir Beartais 14 MASP Luimnigh/ Shionainne le hiarratas ar ainmniúchán agus ar fhorbairt Crios Forbartha Straitéiseach (SDZ) Geilleagrach Dheisceart an Chláir/Ollscoil Luimnigh ina dhiaidh sin faoi réir ag forálacha an Achta um Phleanáil agus Forbairt agus na breithnithe comhshaoil go léir.

Déantar cur síos air seo san RSES mar thionscadal eiseamláir a chumasaíonn luath-thorthaí sa straitéis forbartha réigiúnach tomhaiste atá leagtha amach san NPF.

TORTHAÍ MAIDIR LE HÚSÁID TALÚN AN LSMATS

Tá sé mar aidhm ag an LSMATS freastal ar riachtanais an daonra atá ann cheana féin agus tacú le seachadadh a dhéanamh ar an spriocfhás daonra don LSMA don bhliain 2040 agus don fhás fostaíochta agus oideachais a ghabhann leis. Beidh an LSMA mar thiománaí náisiúnta don fhás ar an daonra agus ar ghníomhaíocht geilleagrach thar shaolré an LSMATS, go háirithe do Réigiún an Iarthair Láir.

Chun tacú leis an uailmhian maidir le fás dlúth an, beidh Lár na Cathrach i Luimneach mar fhócas do dheiseanna athnuachana suntasacha ag láithreáin athfhorbraíochta, lena n-áirítear:

- Láthair na Ceoldrámaíochta;
- Ceathrú na Seoirseach;
- Iar-Láthair Cleaves;
- Irish Town;
- An bunachar talún faoi úinéireacht an Stáit ó dheas de Stáisiún Cholbaird;
- Kings Island;
- Ionad Ollscoil Luimnigh i Lár na Cathrach ag sean-láthair Dunnes Stores;
- Forbairt Cheantar na nDugaí; agus
- Forbairt Cé Artúir.

Tacaíonn an LSMATS, i dtéarmaí fostaíochta agus oideachais leis an bhforbairt feadh na gconairí iompair phoiblí ardchumais aitheanta, chun freastal ar Ollscoil Luimnigh, ar Ospidéal Ollscoile Luimnigh, ar an LIT, Tuar an Daill, Coláiste Mhuire gan Smál, an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Limistéar Neamhchustaim Shionainne agus Aerfort na Sionainne.

TOSAÍOCHTAÍ ÚSÁID TALÚN AN LSMATS

Tugtar aghaidh sa Straitéis seo ar an oidhreacht stairiúil a bhain leis na leibhéil shuntasacha fáis agus imirce úsáidí talún chuig láithreacha uirbeacha agus láithreacha imeallacha peirea-uirbeacha, ar dhlús íseal de ghnáth agus gan aon bhaint acu leis na seirbhísí iompair phoiblí a bhí ann cheana féin agus leis na seirbhísí iompair phoiblí atá pleanáilte.

Chun rathúlacht na Straitéise seo a chinntiú, ní mór do chreatbheartais pleanála agus bearta feidhmithe Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Luimnigh agus Comhairle Chontae an Chláir diriú ar dhlús níos airde agus ar fhorbairtí úsáid mheasctha i limistéir ina bhfuil deiseanna iontu do sholáthar iompair inbhuanaithe agus ar bhealach a dhéanann ailiniú níos fearr ar sholáthar iompair agus ar éileamh.



D'fhéadfadh cur i bhfeidhm prionsabail na Forbartha atá Dirithe ar Iompar Poiblí (PTOD) a bheith i gceist leis sin. Is féidir PTOD a shainmhíniú mar fhorbairt atá comhdhlúite timpeall ar stáisiúin iarnróid atá ann cheana féin nó atá pleanáilte agus/nó feadh conairí bus ardmhínicíochta ar mhéid agus ar dhlús a chuireann mais chriticiúil ar fáil chun tacú le hinmharthanacht iompair poiblí atá ar ardchumas.

Cuireann an PTOD agus an comhdhlúthú gníomhaíochta laistigh de na dobharcheantair seo chun cinn:

- Nascacht áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta;
- Aistriú córa iompair i dtreo iompair inbhuanaithe;
- Mais chriticiúil chun tacú le hinmharthanacht conairí iompair poiblí; agus
- Feidhm straitéiseach an Líonra Náisiúnta Bóithre a chosaint.

Cuirfidh an LSMATS an deis ar fáil le forbairtí nua úsáid-mheasctha a chomhtháthú ag dlús cuí le bonneagar iompair poiblí atá ar ardchaighdeán i gcomhar le líonraí siúil agus rothaíochta atá níos tarraingtí agus feabhsúcháin an réimse poiblí. Tá acmhainneacht leas dúbailte i gceist anseo ó thaobh síneadh a chur le modhanna taistil inbhuanaithe do níos mó daoine agus áiteanna agus le feabhas a chur ar inmharthanacht infheistíochta in iompair poiblí amach anseo trí éileamh níos airde a mhealladh.

Faoi threoir ag prionsabail an NPF, treoróidh na cuspóirí seo a leanas pleanáil úsáid talún san LSMA:

- Chun forbairt comhdhlúite a seachadadh ar bhealach a bheidh in ann leas a bhaint as an mbonneagar agus na seirbhísí bonneagair iompair poiblí atá ann cheana agus as na taitneamhachtaí agus na saoráidí atá in aice láimhe, ag teacht le prionsabail na Forbartha atá Dirithe ar Iompar Poiblí. Is é atá mar chuspóir leis an gcur chuige seo ná mais chriticiúil fáis sa daonra agus i bhfostaíocht a sheachadadh a bheidh in ann tacú le haistriú chuig agus infheistíocht a chur in ord do bhonneagar agus do sheirbhísí iompair phoiblí ardchumais;
- Chun cur le dlús i bhforbairtí cónaitheach agus fostaíochta amach anseo. Is féidir leis an mbeart seo cur le lorg uirbeach atá níos dlúithe a thugann níos mó daoine níos gaire dá gceann scríbe agus níos gaire do sheirbhísí iompair phoiblí;
- Tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt úsáid mheasctha a laghdáil an riachtanas ó thaobh taisteal. Áirítear anseo, a chinntiú go mbionn ceantair á bhforbairt i gcomhar le scoileanna, siopaí agus seirbhísí pobail a chur ar fáil chun cur ar chumas daoine modhanna iompair níos inbhuanaithe a roghnú ar nós siúl agus rothaíocht;
- Beidh na limistéir forbartha nua go léir tréscailteach go hiomlán do choisithe agus do rothaithe agus lorgófar deiseanna le tréscailteacht a fheabhsú do na modhanna seo sna limistéir forbartha atá ann cheana féin. Beidh feidhm le tréscailteacht scagtha, trína gcuirfear in aghaidh trácht carranna príobháideacha; agus
- Tabharfar tosaíocht do shiúl agus do rothaíocht i leagan amach na bhforbairtí nua le soláthar éifeachtúil seirbhísí iompair phoiblí a chumasú.



05 FORBAIRT STRAITÉISE

An Príomhchumasóir Fáis don LSMA: Líonra iompair phoiblí a sholáthar ar fud na Cathrach, agus rochtain fheabhsaithe ó Lár na Cathrach go dtí an Pháirc Teicneolaíochta Náisiúnta, Ollscoil Luimnigh agus Aerfort na Sionainne.

An Straitéis Spáis agus Eacnamaíoch Réigiúnach do
Réigiún an Deiscirt

Rinne an NTA forbairt ar an LSMATS i gcomhar
le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh,
Comhairle Contae an Chláir agus an TII.

AG FORBAIRT NA STRAITÉISE

Rinneadh an LSMATS a fhorbairt ar bhealach
atrialach le líonra iompair a sholáthar chun a
bheith mar bhonn taca leis an bhfás daonra agus
fostaíochta uailmhianach a shamhlaítear faoin NPF
do Luimneach, don tSionainn agus don cheantar
máguaird suas go dtí an bhliain 2040 agus ina
dhiaidh sin.

Bhí feidhm leis an gcur chuige seo i bhforbairt agus
i measúnú bearta iompair beartaithe an LSMATS
2040 mar a leanas:

- Beartas agus treoir ábhartha a athbhreithniú agus
a bhunú;
- Na coinníollacha bonnlíne iompair a bhunú;
- Na príomhdhúshláin a bhfuil aghaidh le tabhairt
orthu a aithint, i gcomhairliúchán leis na
príomhpháirtithe leasmhara;
- Roghanna líonra a fhorbairt bunaithe ar na
treoirphrionsabail;

- Tástáil a dhéanamh ar na roghanna maidir le
líonra iompair le cásanna úsáide talún amach
anseo a bheidh socraithe ag na húdaráis áitiúla;
- An straitéis iompair tosaíochta a aithint; agus
- An Dréacht-Straitéis a fhoilsiú do chomhairliúchán
poiblí. Cuirfidh aiseolas le linn comhairliúchán
poiblí eolas ar fáil do chríochnú an LSMATS ina
dhiaidh sin.

AN LÍONRA IOMPAIR POIBLÍ

Forbairt Líonra Iompair Poiblí Táscach Foriomlán

Bhí soláthar líonra iompair poiblí atá feabhsaithe
go suntasach mar phríomhthosaíocht don Straitéis.
Leagadh amach sé cinn de threoirphrionsabail,
chun cuidiú le luath-fhorbairt agus measúnú
roghanna atá bunúsach i líonra iompair poiblí
rathúil ar bith:


- Acmhainneacht leordhóthanach a sholáthar chun
freastal ar éileamh;
- Minicíocht oiriúnach chun éileamh a mhealladh
agus freastal ar an éileamh sin;
- Meánluasanna arda chun seirbhís ar
ardchaighdeán agus iontaofacht ó thaobh achair
aistir a chur ar fáil;
- Seirbhísí a threorú chun achair aistir a íoslaghdú
agus cur le hinléiteacht an líonra;
- Clúdach líonra ardleibhéil chun a chinntiú go
bhfuil rochtain ag daonra níos leithne an LSMA
ar sheirbhísí iompair poiblí atá ar
ardchaighdeán; agus
- Acomhal réidh a sholáthar idir modhanna
chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus
ar chomhtháthú.

Beidh seirbhís iompair poiblí atá tarraingteach
agus a chuireann malairt réalaíoch ar an gcarr
príobháideach ar fáil mar thoradh ar ghlacadh leis na
prionsabail a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith.

Aithníodh príomhchonairí iompair poiblí
straitéiseacha agus seirbhísí iompair poiblí
tacaíochta don LSMA níos leithne a bhfuil na
prionsabail seo mar bhonn taca leo. Ar an bpointe
boise is a aithníodh líonra táscach ardleibhéil,
breithníodh anailís níos mionsonraithe agus
breithnithe sonracha don líonra iompair poiblí agus
leibhéal conair.

Roghanna maidir le Líonra Iompair Phoiblí atá Sonrach ó thaobh Conair

Rinneadh forbairt ar thograí iompair poiblí, laistigh
de gach conair shonrach, bunaithe ar an éileamh
iompair aitheanta ón anailís líonra 'den scoth'.



Passenger Numbers Per Direction/Per Hour

Foinse: Comhdháil an UITP 2009. Iompar Poiblí ag Déanamh na
Roghanna Cearta Soghluasteachta




Is féidir mionsonraí breise a fháil maidir leis an mhodheolaíocht a úsáideadh sa Tuarascáil maidir le hAnailís ar Éileamh agus sa Tuarascáil maidir le Roghanna Iompair agus Forbairt Líonra atá in éineacht leis seo.

Bunaíodh aithint an bhonneagair chuí chun freastal ar na leibhéil éilimh ar ghnáthraon acmhainní iompair phoiblí, i bpaisinéirí/in aghaidh na huaire/de réir treo (pax/hr/dir), is féidir a bhaint amach trí mhodhanna iompair phoiblí éagsúla.

Tugann an cur chuige seo líonra iompair phoiblí atá scálaithe go cuí leis an tsolúbthacht agus an inscálaitheacht chun dul in oiriúint d'athruithe i leibhéil éilimh taistil agus dáileadh.

Bunaithe ar éileamh gathach agus ar chuar-éileamh, ar an mbealach beartaithe, ar an gcineál seirbhíse, ar mhinicíocht na seirbhíse agus leibhéal tosaíochta a fhorbairt do gach aon chonair.

Beidh líon comhchodanna sa struchtúr líonra iompair phoiblí a bheidh ann amach anseo a dhéanfaidh an soláthar is fearr is féidir don éileamh a bheidh ar iompar poiblí amach anseo laistigh de LSMA:



- **Líonra Iarnróid:** Feabhsúcháin na gconairí iarnróid atá ann cheana féin;
- **Líonra Bus Croiláir:** Líonra cuimsitheach de sheirbhísí bus ardmhinicíochta a chuireann seirbhísí gathacha ar fáil do chonair eile agus do chuar-sheirbhísí ar fud an líonra;
- **Comhtháthú Iompair Phoiblí:** Soláthar do dheiseanna aomhail in éineacht le soláthar faisnéise agus struchtúir leasaithe áille; agus
- **Bearta Tacaíochta:** Bearta breise chun tacú le córas iompair poiblí éifeachtach a sheachadadh, lena n-áirítear: bainistiú páirceála, saoráidí Páirceála agus Taistil, bearta maidir le bainistiú éileamh, pleananna bainistíochta soghluaisteachta agus cláir maidir le hathrú iompair.

LÍONRA ROTHÁIOCHTA

Beidh forbairt an Líonra Rothaíochta bunaithe go bunúsach ar na moltaí atá laistigh de Staidéar maidir le Líonra Rothaíochta Mhórcheantar Luimnigh agus LAP Bhaile Shionainne agus an Cheantair Máguaire 2012-2018 agus tá obair pleanála breise riachtanach le líonra rothaíochta LSMA iomlán a sheachadadh.

LÍONRA SIÚIL

Dhirigh an Líonra Siúil ar Chreat Gluaisteachta Cheantar Bardasach Luimnigh, ar Phlean Limistéir Áitiúil Shionainne agus ar an gCeantar Máguaire agus ar Phleananna Forbartha agus ar Phleananna Limistéir Áitiúil ón dá Údarás Áitiúil.

Rinneadh athbhreithniú ar na pleananna seo lena gcomhtháthú agus lena n-ailíniú leis na tograí don líonra rothaíochta, líonra iompar poiblí agus líonra bóithre a chinntiú.

LÍONRA BÓITHRE

Tugadh faoi athbhreithniú ar an éileamh ar an Líonra Bóithre, lena n-áirítear, éileamh taistil ar an líonra bóithre lasmuigh den LSMA, le cinneadh a dhéanamh maidir le riachtanas d'fheabhsúcháin an líonra bóithre. Breithniodh Líonraí Bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha agus Cathracha.

Tugadh faoi athbhreithniú ar an mbonneagar líonra bóithre atá beartaithe faoi láthair agus rinneadh é a ailíniú le riachtanais beartais agus éileamh laistigh den LSMA. Rinneadh athbhreithniú ar an líonra bóithre freisin leis an aidhm an soláthar líonra bóithre a ailíniú le soláthar iompar poiblí, siúil agus rothaíochta.

TORTHAÍ STRAITÉISE

Is é an cur chuige mar a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith thuas is fearr a fhreastalóidh ar an treo maidir le húsáid talún faoi láthair agus amach anseo san LSMA.

Chuirfeadh sé líonra iompair poiblí comhtháite i láthair a thabharfadh rochtain ó cheann ceann de na seirbhísí ar ardchaighdeán chomh maith leis an gcumas níos mó ceann scribe a rochtain go héasca seachas mar a cheadódh an líonra atá ann faoi láthair do chónaitheoirí an LSMA agus do chuiditheoirí chuig an LSMA.

Áirítear ar Thorthaí na Straitéise



Creat líonra iompair inscálaithe le bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an éileamh méadaithe ar thaisteal a bheith mar thoradh ar fhás suntasach daonra;



Tosaíocht a thabhairt d'iompar poiblí, siúil agus rothaíochta i limistéir uirbeacha ar fud Limistéar Mhórcheantar Luimnigh/Shionainne;



Cuimsiú sóisialta feabhsaithe trí sholáthar córas iompair atá níos cothroime agus inrochtaineacht chuig córas iompair níos leithne chuig limistéir ina bhfuil bochtaineacht;



Líonra iompair níos sábháilte ina bhfuil infheistíocht dírithe ar thosaíocht agus atá bunaithe ar fhianaise;



Sláinte agus folláine poiblí a fheabhsú trí níos mó gníomhaíochta coirp a chur ar fáil ar nós siúl nó turais rothaíochta ina gceart féin nó mar chuid de thurais atá nasctha le hiompar poiblí;



Astaíochtaí a bhaineann le hiompar a laghdú trí fhliot iompair poiblí atá níos glaine agus níos glaise a sholáthar, aistriú córa iompair chuig siúl nó rothaíocht, laghdú ar úsáid a bhaint as carr príobháideach agus aistriú i dtreo feithiclí astaíochtaí isle; agus



Cás eacnamaíoch láidir ó thaobh infheistíocht in iompar san LSMA.

SIÚL



56m
Turas Siúil
bliantúla



**Ardú
31%**

ar thurais siúil idir 2016
agus 2040. 37,300 turas
laethúil breise



**Ardú
35%**

ar líon na ndaoine
atá ag siúl ar
Shráid Uí Chonaill



Inrochtaineacht
fheabhsaithe chuig
lompár Poiblí



Córas
Treorchomharthaíochta
Fheabhsaithe



57km
de Ghlasbhealach



46,000
turas siúil
déanta le linn
bhuaicthréimhs
e na maidine



Lár Bailte atá
Aoisbháúil



Bealaí níos
sábháilte
chun na Scoile



Laghdaíonn **20** nóiméad
gníomhaíochta 20% ar a laghad den
bhaol ó thaobh galar croí, diaibéiteas
chineál 2 agus roinnt ailse



€50m
d'infheistíocht
mheasta, lena
n-áirítear gnéithe
de BusConnects

06 SIÚL

Déanfaidh siúl agus rothaíocht a spreagadh, atá nasctha le rochtain níos éasca do raon leathan aoiseanna agus cumais, beocht agus idirghníomhaíocht a chinntiú ar na sráideanna, ag cur le fuinneamh agus ag feabhsú gníomhaíocht tráchtála agus miondíola ar an mbealach sin.

An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha, 2019

Is trí shiúl a chuirtear tús agus a thagann deireadh le gach turas, beag beann ar na modhanna eile a úsáidtear. Is coisi atá i ngach duine ag pointe éigin le linn an lae. Ceanglaíonn an siúl, cé nach dtugtar an t-aitheantas ceart dó, gach modh iompair agus tá sé rithabhachtach, dá bhrí sin, le haidhmeanna na Straitéise a bhaint amach. Ní mór go mbeidh an timpeallacht coisithe sábháilte, inrochtana, spéisiúil agus tarraingteach do choisithe don uile aois agus cumas.

AN LÍONRA AGUS NA DEISEANNA ATÁ ANN CHEANA FÉIN

Tá sé cruthaithe go mbaineann buntáistí suntasacha don tsochaí leis an siúl, go sóisialta, go geilleagrach, ó thaobh na timpeallachta, na sláinte agus na folláine.

In ainneoin na mbuntáistí seo, tá raon bacainní i leith siúl soiléir ar fud an LSMA. Áirítear leo seo, ach níl siad teoranta do:

- Constaicí i leith gluaiseachta, ar nós, tranglam sráide agus feithicil atá páirceáilte ar chosáin;

- Córas tráchtála aontreo i Lár na Cathrach i Luimneach, a spreagann luas tráchtála níos airde;
- Soláthar neamhréir agus caighdeán na gcosán, go háirithe sna bailte agus sráidbhailte mórcheantair;
- Cul-de-sac agus easpa tréscailteachta;
- Easpa deiseanna trasnaithe atá sábháilte;
- Forbairt ribineach; agus
- Easpa tosaíochta do choisithe trasna aomhail.

Tá deis shuntasach ann le leas a bhaint as móiminteam agus as moltaí le gairid. Áirítear orthu seo:

- Cuspóirí ó thaobh fás dlúth go náisiúnta agus go réigiúnach chun cur le dlús agus le gníomhaíocht laistigh de limistéir faoi fhoirgneamh atá ann cheana féin;
- Tograí athraithe go 'Sráideanna Iontacha' do Shráid Uí Chonaill, Sráid Chaitríona agus Sráid Anraí;
- Uasghrádaithe le gairid ar pháirc agus ar chosáin Lár an Bhaile sa tSionainn;
- Tionscadail Beartaithe Éadan le hUisce de Chéad Scoth, lena n-áirítear struchtúir nua atá beartaithe thar an tSionainn agus Abhainn an Abbey;
- Líonra Coisithe Luimnigh;
- An coincheap bloc cónaitheach/tráchtála iontach agus bainistíocht tráchtála atá molta ag Luimneach, Cathair inar Fiú Maireachtáil inti; agus
- Léarscáil do Chomharsanacht Insiúlta a d'fhoilsigh an LCCC le déanaí.

NA PRÍOMHTHORTHAÍ DON SIÚL

Tá na príomhthorthaí ó thaobh siúil mar a leanas:

- Ardú ar sciar mhodha do gach turas, go háirithe do thurais ghearra;

- Ardú ar thurais atá nasctha le hiompar poiblí, le rothaíocht agus le cineálacha eile micrea-soghluaiseachta;
- Timpeallacht coisithe atá inrochtana, sábháilte agus tarraingteach go hiomlán do gach aois agus cumas;
- Déanfar na scéimeanna nua agus na scéimeanna aiséistithe go léir a dhearadh de réir na bprionsabal uileghabhálach atá leagtha amach sa DMURS; agus
- Caighdeán níos airde ó thaobh dearadh uirbeach a thugann tosaíocht do ghluaiseacht coisithe agus atá níos éifeachtúla agus níos sábháilte seachas an carr príobháideach a úsáid.

CUSPÓIR WK1

Feabhsúcháin ar an Timpeallacht Coisithe

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na hÚdaráis Áitiúla:

- Príomhlíonra coisithe a fhorbairt ar fud Cathair Luimnigh, an tSionainn agus bailte Ceannchathartha eile;
- An bonneagar comharsanachta a aiséistiú agus a fheabhsú chun insiúlacht a fheabhsú agus cur le meallacht siúil ar nós tréscailteacht agus faireachas éighníomhach;
- Luas tráchtála a ísliú le sábháilteacht coisithe i limistéir chónaitheacha a fheabhsú;
- Aomhail agus trasrianta coisithe a fheabhsú le bearta ar nós comhaireamh sios coisithe, amanna trasnaithe níos faide a ailíníonn le mianlínite; agus
- Infheistiú a dhéanamh i scéimeanna atá ar chaighdeán leordhóthanach le cuspóirí an Plean a bhaint amach agus sin amháin.



LÍONRA SIÚIL AN LSMATS

Rinneadh na prionsabail agus na cuspóirí uileghabhálacha a aithníodh sna doiciméid ar nós Creat Gluaiseachta do Mhórcheantar Luimnigh agus Plean Limistéar Áitiúil Shionainne agus an Cheantair Máguaird 2012-2018 a chomhtháthú sa Straitéis seo.

Cathair Luimnigh

Cé go bhfuil croilár stairiúil Cathair Luimnigh dlúth, tá rochtain coisithe srianta ag líon teoranta droichid choisithe thar an tSionainn, saoráidí trasnaithe faoin bhun an chaighdeáin, sráideanna aontreo le go leor lánai agus go leor tráchta agus luasanna feithicle ar bhóithre isteach. Tá acmhainneacht shuntasach i Lár na Cathrach i Luimneach le hinsiúltacht a fheabhsú mar gheall ar thirdhreach cothrom agus feabhsúchán a cuireadh ar an réimse poiblí le gairid, lena n-áirítear, limistéir tosaíochta do choisithe agus saoráidí trasnaithe atá feabhsaithe.

Samhlaítear fás suntasach laistigh de Lár na Cathrach i Luimneach suas go dtí an bhliain 2040. Tuigtear go ndéanfar líon tionscadail ar nós, Limistéar Digiteach, Láthair na Ceoldrámaíochta, Láthair Cleaves, athfhorbairt Cé Artúir agus Tionscadal Chathair Bheo na Seoirseach a chur chun cinn thar shaolré na Straitéise. Meallfaidh na forbairtí seo níos mó gníomhaíochta coisithe ar fud na Cathrach a chiallaíonn go bhfuil sé riachtanach cur le caighdeán na timpeallachta coisithe.

Áirítear ar na feabhsúcháin insiúltachta a shamhlaítear do Lár na Cathrach thar shaolré na Straitéise:

- Feabhsúcháin Shráid Uí Chonaill;
- Athdháileadh spás bóthair chun tosaíocht a thabhairt do ghluaiseacht coisithe;
- Feabhsúcháin ar an bpríomhacmhainn chun tosaíocht a thabhairt do nascacht agus tréscailteacht coisithe;

- Saoráidí trasnaithe a mheaitseáil le mianlíní coisithe;
- Fáil réidh le tranglam sráide;
- Feabhsúcháin a chur ar an líonra treorchomharthaíochta ar fud na cathrach;
- Forfheidhmiú maidir le páirceáil go neamhdhleathach ar chosáin;
- Tabhairt faoi Iniúcháireachtaí Insiúltachta le grúpaí páirtithe leasmhara éagsúla;
- Tionscadal maidir le hÉadan le hUisce den Scoth, lena n-áirítear droichead nua do choisithe/rothaithe thar an tSionainn;
- Nascacht feabhsaithe idir Lár na Cathrach agus Stáisiún Cholbaird; agus
- Soláthar leordhóthanach leithris, soilse agus suíocháin atá inrochtana go poiblí.

Ceadaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh athdhearadh Sráid Uí Chonaill sa bhliain 2019, cuirfidh sé seo timpeallachta coisithe a bheidh feabhsaithe go mór ar fáil don tsráid.

Sa bhliain 2015, d'fhoilsigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Cód Deartha agus Cód an Réimse Poiblí le Limistéir Athnuachana Luimnigh chun an Creatphlean Feidhmithe Athnuachana a chomhlánú. Soláthraítear treoir sa Chreatphlean ó thaobh dearadh sráid-dreacha agus tréscailteacht sráide le fócas ar South Hill, Béal Átha na Cora (Weston), Páirc Naomh Muire, Oileán an Rí agus Maigh Rois.

Bealaí Siúil Straitéiseacha

Nascann na bealaí seo a leanas limistéir chónaithe le príomhlímistéir fostaíochta agus oideachais tríú leibhéal i Lár na Cathrach agus i mBruachbhailte Luimnigh.

Samhlaítear go ndéanfar uasghrádú orthu seo i gcomhar le líonra coisithe (agus rothaíochta) le leibhéal níos mó turais chomaitéireachta siúil a chumasú nó mar chuid de thurais atá nasctha le hiompar poiblí.

Áirítear ar na bealaí, ach níl siad teoranta do:

- **Bóthar Neasáin** – Ospidéal Ollscoile Luimnigh, Tuar an Daill agus Ionad Siopadóireachta an Crescent;
- **Bóthar na hInse;**
- **Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh / Limistéar Sheanbhothar na Creatalaí** – Páirc Thuamhan / Maigh Rois;
- **Limistéar Ollscoil Luimnigh** – an R445 Bóthar Bhaile Átha Cliath agus Bóthar Plassey / Caladh an Treoigh / Áth an Choite;
- **Bóthar Ballycummin** – Páirc Ghnó an Ráithín;
- **Bóthar an Chorrbaile/Bóthar Áth Longfoirt** – Oileán an Rí;
- **Bealach na Canála** – a nascann Páirceanna na Sionainne le hOllscoil Luimnigh agus le Lár na Cathrach;
- **Glasbhealach Comharsanacht na Réabóige;**
- **Lár an Bhaile sa tSionainn go Limistéar Neamhchustaim Shionainne;**
- **Bóthar Childers;** agus
- **An R527 Bóthar Bhéal Átha Siomoin.**

Droichead Nua do Choisithe/Tionscadal Éadan le hUisce den Scoth

Fuair Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maoiniú do Thionscadal Éadan le hUisce den Scoth a bhfuil sé beartaithe leis athrú ó bhonn a chur ar chois cé i gCathair Luimnigh.

CUSPÓIR WK2

Limerick City Strategic Pedestrian Projects

It is the intention of the NTA and the local authorities to:

- Upgrade the quality of the pedestrian environment in Limerick City Centre.
- Secure improvements to the walking network in tandem with the implementation of BusConnects to prioritise multi-modal travel.
- Realise the potential of the World Class Waterfront Project.

Tá droichead nua coisithe/rothaíochta thar an tSionainn beartaithe mar chuid den Tionscadal seo, chomh le droichid thar Abhainn an Abbey.

Lár na mBailte Mórcheantair

Ag tógáil san áireamh an leibhéal ard comaitéireachta amach atá le brath sna bailte Mórcheantair, ba chóir siúl a chur chun cinn mar chuid de thurais atá nasctha le hiompar poiblí. Ní mór an timpeallacht coisithe thart ar stadanna bus agus stáisiúin iarnróid a fheabhsú sa Chreatalach, sa tSionainn, i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh agus i mbailte agus is sráidbhailte mórcheantair eile.

Tabharfar fúthu seo i gcomhair le tograí úsáide talún a dhéanann comhdhlúthú ar lár sráidbhailte, a láidríonn a bhfeidhm áite agus a dhéanann laghdú ar phatrúin ó thaobh forbairt ribineach atá soiléir i sráidbhailte ar nós Clarina agus Tobar Phádraig. Tacaíonn an LSMATS le cuspóirí LAP do thimpeallacht coisithe do Chaisleán Uí Chonaill, Eas Géitine, Caladh an Treoigh agus Tobar Phádraig.



An tSionainn

Go dtí le gairid anuas, bhí an líonra coisithe Shionainne agus an cheantair máguaird faoi réir ag leagan amach forbairtí a thug tús áite do ghluaiseacht feithiclí príobháideacha seachas do choisithe, agus ní railbh an timpeallacht tarraingteach.

Tá mearbhall ag baint le treorchomharthaíocht sa tSionainn mar gheall ar ord na sráideanna nach bhfuil soiléir, easpa éadanas gníomhach agus leideanna feiceálacha ar nós sainchomharthaí agus geataí.

Áirítear ar na dúshláin atá i ndán don tSionainn amach anseo, an gá le naisc coisithe a athrú agus a athchruthú idir forbairt atá ann cheana féin agus forbairt nua ar nós Limistéar Neamchustaim Shionainne agus limistéir chónaithe, trí fheabhas a chur ar:

- Inléiteacht;
- Tréscailteacht; agus
- Nascacht.

Moltar Comhforbairt Áite i bPlean Limistéir Áitiúil Shionainne agus an Cheantair Máguaird lena ndéantar iarracht aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo trí chearnóg láir agus sraith príomhnóid agus príomhbhealaí a chruthú. D'athraigh Comhairle Contae an Chláir coillearnacha i bPáirc na Sionainne agus i bPáirc Rineanna atá in aice láimhe go Príomhpháirc an Bhaile le gairid. Samhlaítear tuilleadh feabhsúcháin atá ag teacht leis an LAP thar shaolré na Straitéise.

Droichead Abhann Ó gCearnaigh

Tá lár an baile i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh dlúth, mar sin féin, tá an timpeallacht choisithe ar chaighdeán measctha agus an carr i mbarr a réime.

CUSPÓIR WK3

Láir Bailte agus Sráidbhailte Mórcheantair

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na hÚdarais Áitiúla:

- Na feabhsúcháin ar an timpeallachta coisithe atá leagtha amach i LAP Bhaile Shionainne agus an Cheantair Máguaird a chríochnú; agus
- Comhlánú a dhéanamh ar chomhdhlúthú na forbartha thart ar láir bailte agus sráidbhailte ata san LSMA cheana féin le feabhsúcháin an réimse poiblí a dhéanann leibhéil níos sábháilte turais siúil a éascú.

Beidh an fócas ar an nascacht idir an stáisiún traenach agus lár an bhaile a fheabhsú. Ba chóir thabhairt faoi fheabhsúcháin sráid-dreacha, forbairt inlíonta le éadanas gníomhach agus nascacht fheabhsaithe do choisithe trasna na habhann le nascacht fhoriomlán thuaidh-theas a fheabhsú.

Bun Raite

Tá sráidbhaile Bhun Raite suite amach ón N18, feadh Seanbhóthar Bhun Raite. Is ceann scríbe ollmhór do thurasóirí atá sa sráidbhaile laistigh den LSMA mar gheall ar Chaisleán Bhun Raite agus Daonpháirc Bhun Raite. Tá Cairéal Adhmaid suite feadh an bhóthair seo freisin, a chiallaíonn go mbíonn trácht trom HGV ag dul tríd an mbaile. Chun freastal ar an líon measta cuairteoirí, ní mór feabhas a chur ar Sheanbhóthar Bhun Raite, lena n-áirítear uasghrádú a dhéanamh ar chosáin agus ar shaoráidí trasnaithe.

An Chreatalach

Tá an timpeallacht coisithe sa Chreatalach dúshlánach mar gheall ar an nádúr scaipthe, sraoileála agus limistéir chónaithe feadh an R462, agus mar gheall air sin tá easpa ómós áite ann.

Ní mór go mbeidh an fócas ar lár an bhaile a neartú idir Wood Road agus Cros na Creatalaí agus ar fheabhas a chur ar an sráid-dreach sa limistéar seo agus chuirfeadh sé sin feabhas ar shábháilteacht agus ar chompord na ndaoine atá ina gcónaí ann, chruthódh sé ómós aite agus chuirfeadh sé feabhas ar an nascacht le hiompar poiblí.

Ard na Croise

Ba chóir don fhócas d'fheabhsúcháin coisithe a bheith ar lár sráidbhaile a chruthú agus ar naisc siúil agus tréscailteachta idir limistéir chónaithe, miondiola agus saoráidí pobail a láidriú.

Cluain Lára

Tá forbairt tagtha ar shráidbhaile Chluain Lára le himeacht ama feadh crosbhóthar, agus forbairt líneach mar thoradh air sin. Ba chóir don fhócas a bheith ar fhorbairt a chomhdhlúthú thart ar lár an bhaile, ag láidriú geataí ar theacht chun an tsráidbhaile agus feabhas a chur ar leagan amach an acomhail ag an gcrosbhealach ag Gort na Tiobraide agus Páirc an Teampaill chun an trácht a mhoilliú agus feabhas a chur ar an timpeallacht coisithe.

An Pairtín

Ba chóir don fhócas d'fheabhsúcháin timpeallacht coisithe sa Phairtín a chur ar úsáid talún thart timpeall lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú. Ba chóir coinníollacha siúil agus tréscailteachta idir scoil náisiúnta Scoil an Phairtín, agus na n-eastát cónaithe mórtimpeall a láidriú.

Crios Forbartha Straitéisí Geilleagrach Dheisceart an Chláir/ Ollscoil Luimnigh (SDZ)

Tá cuspóir san RSES chun tacú le hainmniúchán agus le forbairt a dhéanamh ina dhiaidh sin ar na tailte atá ó thuaidh d'Ollscoil Luimnigh, faoi réir ag forálacha an Achta um Phleanáil agus Forbairt agus breithnithe eile mar SDZ Geilleagrach Dheisceart an Chláir.

Tá sé molta ag an LSMATS gur chóir thabhairt faoin Straitéis Iompair Limistéar-Bhunaithe chun cruthú comharsanachtaí tréscailteach agus insiúlta a chinntiú ón tús chun úsáid an chairr a íoslaghdú.

Tobar Phádraig

Rinneadh Scéim Athnuachan Sráidbhaile Thobar Phádraig a fhorbairt sa bhliain 2016 agus bhí moltaí sa phlean maidir le huasghrádú a dhéanamh ar an réimse poiblí, athdhearadh a dhéanamh ar leagan amach na Príomhshráide chun bainistiú tráchta a fheabhsú agus timpeallacht siúil sábháilte a chur ar fáil do choisithe.

Tá cuspóir i LAP Thobar Phádraig chun aiseisteiú agus cosaint a dhéanamh ar thréscailteacht na limistéir chónaithe agus taitneamhachta dá chéile agus do lár an bhaile. Tá cuspóir sa phlean freisin chun cosán agus bealach rotháiochta easbhóthair a chur i bhfeidhm feadh Abhainn Bhearna Choil.

Áth an Choite

Mar chuid d'fheabhsúcháin limistéar Ollscoil Luimnigh níos leithne, cuirfear feabhas ar an timpeallacht choisithe in Áth an Choite.

Clarina

Beidh sé mar fhócas do Clarina cur in aghaidh forbairt bhreise líneach scaipthe mar bhealach lena chinntiú go mbeidh an lucht cónaithe amach anseo ag maireachtáil laistigh d'achar siúil do sheirbhísí.

Caisleán Uí Chonaill

De réir LAP Chaisleán Uí Chonaill (plean ar cuireadh síneadh leis go dtí an bhliain 2023), beidh sé mar fhócas do Chaisleán Uí Chonaill an timpeallacht nádúrtha agus thógtha a fheabhsú, an fhorbairt thart ar lár an tsráidbhaile a chomhdhlúthú agus feabhas a chur ar naisc choisithe idir an sráidbhaile agus an stáisiún traenach.

Bealaí Taitneamhachta Áitiúla

Cuireann bealaí taitneamhachta nasc ar fáil idir limistéir spásanna oscailte agus taitneamhachtaí caitheamh aimsire agus cuireann feabhas orthu.

De ghnáth freastalaíonn bealaí taitneamhachta áitiúla ar choisithe agus ar rothaithe araon. Beidh laghdú a dhéanamh ar an gcoimhlint idir choisithe agus rothaithe mar údar imní a bheith níos práinní de réir mar a thagann méid ar an tóir a bheith ar na limistéir seo.

D'fhéadfadh sé, sa chás nach mbíonn deighilt iomlán indéanta, go mbeidh idirghabhálacha atá suíomhoiriúnaithe, lena n-áirítear, moilliú tráchta ar shráideanna cónaithe cóngaracha, stiallacha tormáin íseal-leibhéil rothair agus feachtais siúil agus rotháiocht atá tuisceanach chun an choimhlint a laghdú, a bheith cuí. Ní freagra cuí a bhíonn i gcosáin roinnte do choisithe agus do rothaithe go minic mar go gcruthaíonn siad coimhlint idir raon úsáideoirí, go háirithe i dtimpeallacht atá srianta.

Cuireann láthair éadan le huisce Luimnigh chomh maith lena chuid glasbhealaí agus go leor spásanna glasa deiseanna suntasacha ar fáil chun conairí glasa-gorma a chruthú ar fud na cathrach agus na mbruachbhailte a nascann na limistéir seo.

Tá buntáistí na gconairí glasa-gorma ilghnéitheach, lena n-áirítear:

- Cuireann siad sláinte agus folláine dearfach chun cinn;
- Cuireann siad feabhas ar cháilíocht an aeir;
- Tugann siad cosaint do agus cuireann le bithéagsúlacht uirbeach;
- Feabhsaíonn siad rochtain ar an nádúr; agus
- Cuireann siad le bainistiú tuilte.

Cuireann siúlta taitneamhachta laistigh agus trí Chaladh an Treoigh acmhainneacht shuntasach ar fáil d'fhorbairt turasóireachta, go háirithe feadh na Sionainne, na Grúdan agus na Maoilchearna. Luaitear i gcuspóir de chuid Plean Limistéir Áitiúil Chaladh an Treoigh go ndéanfaidh an Chomhairle iarracht lena chinntiú go mbeidh gach aonad cónaithe nua sna heastáit tithíochta nua suite laistigh d'achar siúil 100m de mhionpháirc/clós súgartha, páirc bheag nó de pháirc áitiúil.

CUSPÓIR WK4

Bealaí Fóillíochta agus Áineasa

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na hÚdaráis Áitiúla:

- Na saoráidí siúil a nascann na spásanna glasa leis an tSionainn agus le limistéir caitheamh aimsire eile a uasghrádú le conairí glasa-gorma a chruthú le folláine fhisiciúil agus mheabhrach dhearfach a chur chun cinn.

Aithnítear ceithre shiúl lúibe i bPlean Limistéir Áitiúil Shionainne agus an Cheantair Máguaird a nascann lár an bhaile leis an ionad fóillíochta, le páirceanna agus le coillearnacha éagsúla, le Limistéar Neamhchustaim Shionainne agus mar sin de:

- Cosán Inbhear an Iarthair;
- Cosán Slí Na Mara;
- Cosán Inbhear an Oirthir; agus
- Cosán Inbhear an Limistéir Saorthrádala.

BEARTA TACAÍOCHTA

Spreagann timpeallachtaí sráide atá mealltach, spéisíúil agus inrochtana daoine le dul ag siúl. Tugtar breac-chuntas sna codanna seo a leanas ar na bearta tacaíochta leis na timpeallachtaí seo a chruthú, agus cuirtear tuilleadh mionsonraí ar fáil sa chaibidil ar 'Bhearta Tacaíochta'.

Inrochtaineacht agus Dearadh Uilíoch

Tá inrochtaineacht chun an réimse poiblí rithábhachtach don uile dhuine. Leanfar na prionsabail maidir le Dearadh Uilíoch i gcur i bhfeidhm feabhsúcháin réimse poiblí agus sráid-dreacha.

CUSPÓIR WK5

Bearta Tacaíochta do Shiúl

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na hÚdaráis Áitiúla:

- Feabhas a chur ar an gcóras treorchomharthaíochta agus inléiteachta maidir le Cathair Luimnigh agus le príomhcheann scríbe atá ann cheana féin ar fud an LSMA;
- A chinntiú go bhfuil bonneagar coisithe cuimsitheach agus inrochtana don uile dhuine agus prionsabail do Dhearadh Uilíoch á n-úsáid agus comhoibriú idir raon leathan páirtithe leasmhara; agus Leanúint le tionscnaimh athrú iompraíochta a chur i bhfeidhm a chuireann siúl chun cinn a chuirtear ar fáil trí áiteanna oibre, scoileanna, m.sh. Taisteal níos Cliste agus tionscnaimh ar nós Bealaí níos Sábháilte chun na Scoile agus Sráideanna Scoile.

Is ionann Dearadh Uilíoch agus dearadh a dhéanamh ar an timpeallacht ionas go mbeidh an timpeallacht inrochtana, intuigthe agus á húsáid ag daoine den uile aois á mhéid agus is féidir, beag beann ar aois, méid, cumas nó míchumas, lena n-áirítear, fisiciúil, cognaíoch agus céadfach.

Bailte atá Aoisbháúil

Tá Comhairle Contae an Chláir agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh araon ina gcomhaltaí d'Aoisbhá Éireann agus tá glactha acu lena gcuid Straitéisí Aoisbháúla féin.

Áirítear orthu seo, oiriúnú na timpeallachta tógtha agus an líonra iompair chun freagairt do riachtanais an phobail atá ag dul in aois. Éileoidh athruithe a bhfuiltear ag súil leo ar phróifíli aoise ar fud an LSMA, oiriúnú réimse poiblí agus líonra iompair le riachtanais éagsúla daoine breacaosta a thógáil ar bord, lena n-áirítear, iad siúl ar bheagluaineacht agus/nó le laigí amhairc nó éisteachta agus iad siúd le bugaithe. Áirítear ar bhearta, soláthar leordhóthanach suíocháin phoiblí, bonneagar treorchomharthaíochta agus cosáin thadhhlacha.

Bealaí Siúil chuig Scoileanna

Tá leibhéal arda úsáide maidir leis an gcarr do thurais atá measartha gearr chun áiteanna oideachais, go háirithe i measc daltaí bunscoile. Beidh siúl mar rogha atá níos sábháilte agus níos mealltaí trí bhealaí siúil atá sábháilte, inléite agus taitneamhach a chruthú laistigh de chomharsanacht dhíreach na scoileanna.


Tá tuilleadh mionsonraí maidir le bearta do thaisteal scoile curtha ar sa chaibidil ar 'Bhearta Tacaíochta'.

Treorchomharthaíocht

D'fhéadfadh easpa feasachta ar bhealaí agus ar achar chuig ceann scríbe a bheith mar bhacainn ó thaobh siúil, ní do thurasóirí nó do chuairteoirí amháin, ach dóibh siúd le huathachas nó le néaltrú. Sheol Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Léarscáil de Chomharsanacht Insiúlta de Chathair Luimnigh sa bhliain 2019. Cuirtear i láthair príomhláithreacha agus príomhphointí spéise laistigh de Lár na Cathrach, tá an léarscáil deartha i gcosúlacht léarscáil iompair traidisiúnta. Tugtar mionsonraí sa léarscáil maidir leis an am a thógann sé siúl idir gach aon stad.

Tréscailteacht

Tá líonra sráide tréscailteach mar phríomhpháirt ó thaobh tacú le timpeallachtaí atá níos insiúlta.





Bhí cuid mhór den leagan amach maidir le forbairt chónaithe ar fud an LSMA le blianta anuas i bhfabhar a bheith neamhscagach, leagan amach cul-de-sac a bhfuil bealaí timpeallacha chuig seirbhís, scoileanna agus stadanna iompair phoiblí áitiúla mar thoradh orthu.

Áirítear ar bhearta le tréscailteacht a fheabhsú do choisithe:

- Teorainneacha /cul-de-sac'anna a bhfuil ballaí thart orthu a oscailt suas;
- Scagadh a dhéanamh ar an trácht le srian a chur ar charranna a úsáideann sráideanna cónaithe le spraoi ar na sráideanna a éascú;
- Sráideanna DFÉ;
- Éileoidh na sráideanna seo cáilíocht deartha agus iniúchóireachtaí maidir le hinrochtaineacht coisithe in iarratais phleanála do limistéir chónaithe nua;
- Trasrianta a sholáthar do choisithe agus do rothaithe chun limistéir a nascadh atá deighilte ag bóithre nó ag bacainní fisiciúla eile; agus
- Pleanáil agus dearadh a chinntíonn inrochtaineacht do dhaoine le dúshláin soghluaisteachta.

Tá Treoir Sárchleachtas maidir le Tréscailteacht an NTA le fáil chun cuidiú le húdaráis áitiúla agus le heagraíochtaí eile ó thaobh dul i ngleic le saincheistanna a mbíonn tionchar acu ar thréscailteacht a chuireann bunús ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar oidhreacht maidir le scoilteadh.

Walkable Neighbourhood Limerick City

Approximate walking times around the city, calculated on the basis of an average speed of 5 km/h.



Created by Rian MacGiobhuin © Limerick City and County Council

ROTHAÍOCHT



9m
turas rothaíochta
go bliantúil



6,200
turas rothaíochta a
rinneadh le linn
bhuaicthréimhse
na maidine a rinne
éascú ar bhrú



46km
de Phríomhlíonra
rothaíochta



41km
de Líonra
Tánaisteach



40km
de Líonra
Friothálach



57km
de Líonra
Glasbhealaigh



Tionchar dearfach
ar mheabhairshláinte



Déanann **20** nóiméad
gníomhaíochta in aghaidh an lae
laghdú 20% ar a laghad ar an
mbaol ó ghalar croí, diaibéiteas
chineál 2 agus ar roinnt ailsí



Leathnú
ar na Córais maidir le
Rothair a Roinnt



Saoráidí feabhsaithe
ar chríochnú
turais



Is thart ar
€69m
costas measta na
straitéise (+gnéithe
rothaíochta BusConnects)

07 ROTHÁÍOCHT

Is í an fhís don Staidéar maidir leis an Líonra Rothaíochta do Limistéar Mhórchéantar Luimnigh líonra de líonraí rothaíochta uirbeacha agus bruachbhailteacha atá seasmhach, soiléir agus leanúnach a fhorbairt ar fud Limistéar Mhórchéantar Luimnigh lena chinntiú go mbíonn rothaíocht mar mhodh iompair atá ina rogha réalaióch.

Staidéar maidir leis an Líonra Rothaíochta do Limistéar Mhórchéantar Luimnigh 2016

Is í an fhís do bhaile Shionainne go mbeidh sé mar bhaile atá báúil ó thaobh rothair. Beidh an rothaíocht mar ghnáthbhealach le taisteal timpeall an bhaile, go háirithe do thurais ghearra. Cuirfear rothaíocht chun cinn chun freastal ar an turasóir atá i mbun comaitéireachta nó i mbun caitheamh aimsire agus ar lucht rothaíochta iomaíocha

Plean Limistéir Áitiúil Shionainne agus an Cheantair Máguaird 2012-2018

Is modh iompair í an rothaíocht atá le fáil ar chostas íseal, atá inbhuanaithe agus atá ag dul i méid. Tá go leor acmhainneachta i gCathair Luimnigh nár úsáideadh go fóill chun cur go suntasach leis an méid atá le tairiscint ó thaobh na rothaíochta agus an chultúir le tirdhreach cothrom na Cathrach, dearadh dlúth agus an fhiric nach dtógann turas ó Lár na Cathrach go dtí an t-imeall uirbeach ach suas agus anuas le 30 nóiméad.

Tá an NDP tiomanta go líonraí rothaíochta a sheachadadh do chathracha go léir na hÉireann. Ciallaíonn sé sin ag leibhéal réigiúnach, go bhfuil an Staidéar maidir leis an Líonra Rothaíochta do Limistéar Mhórchéantar Luimnigh agus Plean Limistéir Áitiúil Shionainne agus an Cheantair Máguaird mar bhonn le líonra rothaíochta an LSMA. Beidh tograí eile ag ailíniú le scéimeanna BusConnects, an LNDP agus Páirceáil agus Taisteal. Tá bonneagar atá ar ardchaighdeán agus bearta tacaíochta riachtanach le cultúr na rothaíochta a fhorbairt san LSMA, agus leis an rogha a thabhairt don uile dhuine chun dul i mbun na rothaíochta, lena n-áirítear:

- Príomhbhealaí, Bealaí Tánaisteacha, Bealaí Idir-Uirbeacha, Glasbhealaí agus Bealaí Suaimhneacha a aithint;
- Tá saoráidí deartha ar chaighdeán an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta, lena n-áirítear, páirceáil do rothair;
- Cinntíonn deighilt iomlán nó beagán deighilte ó mhodhanna eile sábháilteacht agus compord d'úsáideoirí bóithre;
- Moilliú tráchta go háitiúil, luasteorainneacha agus cothromaíocht ag aomhal, go háirithe ag aomhail atá casta i gcomhthéacs uirbeach; agus
- Comhtháthú le timpeallachtaí coisithe i limistéir lárnacha.

LÍONRA ROTHÁÍOCHTA AN LSMATS

Staidéar maidir leis an Líonra Rothaíochta do Limistéar Mhórchéantar Luimnigh

Leagtar amach sa Staidéar maidir le Líonra Rothaíochta do Limistéar Mhórchéantar Luimnigh an líonra rothaíochta a shamhlaítear don LMA agus cruthaíonn sé an bonn le Líonra Rothaíochta a sheachadadh.

Tá an Staidéar mar chomhpháirt thábhachtach den fhís atá ag Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le cultúr rothaíochta a fhorbairt laistigh den LMA. Rinneadh an Staidéar a fhorbairt ag teacht le cuspóirí tábhachtacha Taisteal níos Cliste, m.sh. is ar rothair a dhéanfar 10% de na turais go léir (lena n-áirítear, turas a nascann le hiompar poiblí).

Príomhaidhmeanna an Staidéir

- Líonra rothaíochta a aithint a sholáthraíonn bealaí leanúnacha agus stuama idir na príomhghineadóirí turais agus na nithe is díol spéise;
- Caighdeán seirbhíse leibhéal B nó níos fearr a bhaint amach ar gach príomhchonair;
- Caighdeán seirbhíse leibhéal B agus nach lú ná Leibhéal C a bhaint amach ar bhealaí tánaisteacha; agus
- Caighdeán seirbhíse leibhéal B a chur ar fáil ar bhealaí friothálacha.

Conairí Ardacmhainne

Aithníodh trí Chonair Eacnamaíoch sa Staidéar seo, eadhon, Trasnach; an tIarlthuaisceart; agus an tOirdheisceart. Áirítear ar na príomhghineadóirí turais feadh na gconairí seo:

- Ospidéal Ollscoile Luimnigh;
- Ollscoil Luimnigh;
- Ionad Siopadóireachta an Crescent;
- Limistéir chónaithe i dTuar an Daill, Caladh an Treoigh, Baile an Churraigh agus Móin an Lín;
- Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh;
- Coláiste Mhuire gan Smál;
- Scoil na hEalaíne agus an Dearaidh Luimnigh; agus
- An Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta.



Cruthaíonn an Staidéar maidir leis an Líonra Rothaíochta an bonn do líonra rothaíochta an LSMATS agus aithníodh roinnt bealaí breise ó foilsíodh an Staidéar.

CUSPÓIR CC1

Líonra Rothaíochta Straitéiseach Cuimsitheach a Fhorbairt

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na hÚdaráis Áitiúla:

- Cur leis an Staidéar maidir le Líonra Rothaíochta do Limistéar Ceannchathartha Luimnigh agus le Plean Limistéir Áitiúil Shionainne agus an Cheantair Máguaird atá ann cheana fine chun líonra rothaíochta cuimsitheach a sheachadadh don LSMA, ar bhealach atá ag teacht leis an Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta;
- Líonra rothaíochta atá ar ardchaighdeán atá comhtháite, nasctha go hiomlán a sheachadadh a nascann gach ceann scribe laistigh den LSMA;
- Líonra Idir-Uirbeach a fhorbairt a nascann Cathair Luimnigh agus lár na mbaile Ceannchathartha;
- Deiseanna áitiúil do thréscaoilteacht agus do bhealaí friothálacha a aithint chun nasc leis an bpríomhlíonra, líonra tánaisteach agus glasbhealaigh a aithint agus feabhas a chur ar mhealltacht na rothaíochta do thurais ghearra.
- Cothabháil a dhéanamh chuig ardchaighdeán ar an mbonneagar atá ann cheana féin.

Príomhlíonra Rothaíochta

Is ionann Príomhbhealaí sainithe agus na bealaí sin ar a bhfuil an leibhéal is airde éileamh orthu. De ghnáth, bíonn Príomhbhealaí díreach agus cuireann siad nasc ghathacha meánfhada ar fáil chuig príomhcheann scribe. Cuireann bealaí tánaisteacha agus friothálacha leis na bealaí seo a chuireann rochtain chuig abhantracha cónaithe agus saoráidí/seirbhísí áitiúla ar fáil.

Príomhbhealaí Gathacha

- Mungairit go Lár na Cathrach feadh an R510, an R526, Bóthar Bhéal Átha na Cora, an Cuarbhóthar Theas agus Sráid Anraí;
- Bóthar Bhéal Átha Síomoin (R527) a theann ar mhalairt slí ar Sheanbhóthar Bhéal Átha Síomoin sa chuid thoir;
- Lár na Cathrach go hOllscoil Luimnigh agus an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta feadh Bóthar Bhaile Átha Cliath, Sheanbhóthar Bhaile Átha Cliath agus Bóthar Páirc Plassey;
- Lár na Cathrach go Westbury agus Ard na Croise feadh Bóthar an Chorrbaile (R463);
- Cros Chathair Dháibhin go Droichead an tSáirséalaigh trí Bhóthar na Creatalaí, Sráid Uí Sheasnáin, an Bóthar Ard, Gairdíní Belfield agus Trá Mhic Fhlanncha; agus
- Bóthar na hInse go Droichead an tSáirséalaigh.

Cuar-Bhealaí Príomha

- Bóthar Childers; agus
- An LND.

Is iad na lánai deighilte an bonneagar is mó a bhfuil tóir air do Phríomhbhealaí i dtéarmaí sábháilteachta agus compoird.

Líonra Tánaisteach Rothaíochta

Nascann bealaí tánaisteacha limistéir cónaithe, tráchtála agus fostaíochta le Príomhlíonraí. Ritheann siad go minic comhthreomhar leis na Príomhlíonraí, agus cuireann siad nasc malartach ar fáil. Is meascán de bhealaí rothaíochta easbhóthair, lánai rothaíochta, lánai bus agus rothaíochta atá roinnte agus bóithre ina bhfuil an trácht moillithe. Áirítear ar na Príomhlíonraí Tánaisteacha atá aitheanta sa Staidéar maidir le Líonra Rothaíochta do Limistéar Mórcheantair Luimnigh:

- Bóthar an Athar Ruiséil ón R510 go dtí Bóthar Naomh Nessan;
- Bóthar Tuar an Daill ón M20 go dtí Timpeallán Ballykeefe;
- Bóthar an Duga trí Ascaill Ashbourne go Bóthar Ros Uí Bhriain;
- Bóthar de hÍde ó Bhóthar Childers go lár na cathrach;
- Lár na Cathrach go Southill trí Bhóthar Bhaile an Róistigh;
- Bóthar Chill Mocheallóg ón M7 go lár na cathrach;
- Bóthar Bhéal Átha Síomoin;
- Timpeallán na Grúdan trí Bhóthar Bhaile Átha Cliath;
- Bóthar Ceangail na Grúdan (L5173);
- Bóthar na Réabóige;
- Bóthar Pa Healy;
- Droichead Thomond go Sráid Áth Loingfoirt;
- Bóthar Shiol Bhroin;
- Bóthar Chnoc an Lisín; agus
- An R464 Bóthar an Phairtín.

Líonra Rothaíochta Glasbhealaigh

Is ionann Líonraí Glasbhealaí agus bealaí saor ó thrácht nó ar bheagán tráchta agus de ghnáth cuimsíonn siad línte iarnróid atá tréigthe, bealaí trí pháirceanna nó feadh aibhneacha. Mar gheall go bhfuil go leor de na bealaí seo suaimhneach, i gceantar tuaithe nó dírithe ar an nádúr, tá siad in ann freastal ar fheidhm thaitneamhachta agus comaitéara araon. Rinneadh an Líonra Glasbhealaigh atá beartaithe don LSMA a fhorbairt ar bhonn líonra na Glasbhealaí atá ann cheana féin agus uasghrádú cosáin atá ann cheana féin chun líonra rothaíochta cuimsitheacha a sholáthar. Áirítear ar na Glasbhealaí atá beartaithe:

- Síneadh a chur ar Ghlasbhealach Pháirceanna na Sionainne chomh fada le hOllscoil Luimnigh feadh bruacha na Sionainne chuig an NTP agus Áth an Choite;
- Lár na Cathrach i Luimneach go Tobar Phádraig feadh nó in aice le hIarnród Luimnigh go Fainge. Cé nach bhfuil an líne seo in úsáid i láthair na huaire, is é cuspóir na Straitéise fíósú a dhéanamh an bhféadfaí é a chur ar ais arís;
- An acmhainneacht atá ann é seo a nascadh le Glasbhealach Mhórchonair an Deiscirt a nascann Ráth Caola le Trá Lí, Contae Chiarraí trí Mhainistir na Féile agus an Caisleán Nua (bailte a bhfuil cuid mhór den chomaitéireacht amach chuig an LSMA le brath iontu);
- Bealach Dugaí Luimnigh atá comhthreomhar leis an N6g;
- Breithniú a dhéanamh ar iarnród Irish Cement nach bhfuil in úsáid níos mó ón N6g (Mungarit) go Ros Uí Bhriain mar mhalairt ar an mbealach thuas; agus
- Lár na Cathrach go Bun Raite in aice leis an tSionainn.

Líonra Idir-Uirbeach

Nascann Líonra Rothaíochta Idir-Uirbeach na bailte Mórcheantair le Cathair Luimnigh. Áirítear ar Phríomhlíonraí Idir-Uirbeacha atá beartaithe ag an LSMATS:

- Lár Chathair Luimnigh go dtí an tSionainn;
- Lár Chathair Luimnigh agus Shionainne chuig lonnaíochtaí eile sa Limistéar Mórcheantair, lena n-áirítear Tobar Phádraig, Bun Raite agus Droichead Abhann Ó gCearnaigh.

D'fhéadfaí Glasbhealaí agus Bealaí Idir-Uirbeacha breise a fhíósú faoi réir ag athruithe ar an scaipeadh daonra agus fostaíochta atá beartaithe mar chuid d'athbhreithniú beartaithe tréimhsiúil 5 bliana an LSMATS.

Líonra Rothaíochta Friothálach

Nascann Bealaí Friothálacha críosanna áitiúla le Príomhbhealaí agus Bealaí Tánaisteacha agus Glasbhealaí. Tugann Bealaí Friothálacha, faoi bhearta moillithe agus bainistíochta tráchta leordhóthanacha, an deis do rothaithe agus do thiománaithe meascadh go sábháilte lena chéile. Áirítear ar Phríomhbhealaí Friothálacha atá aitheanta sa Staidéar:

- Páirc Granville; ▪ Bóthar an Mhuilinn;
- Bóthar Phádraig; ▪ Bóthar Redgate;
- Bóthar Mhílic; ▪ Bóthar Rochtana Mhaigh Rois;
- Bóthar an Oileáin; ▪ Ascaill Uí Dhonnchú.

Bealaí Suaimhneacha

Is bealaí rothaíochta leanúnacha agus áisiúla de chuid is mó iad na Bealaí Suaimhneacha ar bhealaí ar bheagán tráchta ar nós cúlshráideanna. Go hidéalach, tá siad díreach agus éasca le leanúint dóibh siúd ar mhian leo rothaíocht ar bhealaí níos suaimhní agus níos socra. Ní mór líonra Bealaí Suaimhneacha a aithint sa ghearr go meántearma sa Phlean. Cuideoidh comharthaíocht a chur ar na bealaí seo lena gcomhtháthú leis an líonra rothaíochta níos leithne ar mhaithe le húsáid ginearálta.

Líonra Rothaíochta Shionainne

Tá acmhainneacht shuntasach i mBaile Shionainne le líonra rothaíochta cuimsitheach ar ardchaighdeán a fhorbairt mar gheall ar lár an bhaile a bheith réasúnta dlúth, ar a charrbhealaí leathana agus an 4km de bhealaí rothaíochta atá ann cheana féin. Tá cuspóirí i LAP Shionainne chun feabhas suntasach a chur ar nascacht coisithe agus rothair idir lár an bhaile, na limistéir thionsclaíocha, Aerfort na Sionainne, limistéir bhruachbhailteacha imeallacha chomh maith le bealaí fad-achair go hInis agus chuig Droichead Abhann Ó gCearnaigh. Áirítear ar na príomhchuspóirí atá leagtha síos ag an LAP don rothaíocht:

- Bealaí rothaíochta easbhóthair agus ar an mbóthar a shuiteáil a thagann as cuar-bhealach timpeall lár an bhaile;
- Tabhairt faoi oibreacha feabhsúcháin ag aomhail chun gluaiseacht rothaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear, línte stop a shuiteáil ag soilse tráchta;
- Cur le soláthar páirceála do rothair;
- Straitéis treorchomharthaíochta a chur i bhfeidhm feadh na mbealaí chuig limistéir sa bhaile lena mbaineann tábhacht straitéiseach;
- Moilliú tráchta a shuiteáil san áit is cuí ar mhaithe le timpeallacht níos sábháilte a chruthú do rothaithe;
- Tógáil suas ranganna oiliúna rothair, cothabhála rothair agus oideachais maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i scoileanna agus in áiteanna oibre; agus
- A chinntiú go bhfuil cothabháil cheart á dhéanamh ar bhonneagar agus ar shaoráidí rothair.

Chuir Comhairle Chontae an Chláir athrú le gairid ar Pháirc Bhaile na Sionainne atá ann cheana féin agus ar Pháirc Rineanna atá in aice láimhe agus tá siad ina bPáirc Bhaile den scoth anois. San áireamh san obair seo freisin bhí trasrian Toucan nua do choisithe/rothaithe ar Bhóthar Linne. Tuigtear go mbeidh an pháirc seo ag nascadh le bealaí rothaíochta amach anseo.

BEARTA TACAÍOCHTA


Molann an LSMATS líon bearta tacaíochta le comhlánú a dhéanamh ar an Líonra Rothaíochta atá beartaithe. Tugtar breac-chuntas ar bhearta breise sa chaibidil ar 'Bhearta Tacaíochta'.

Scéimeanna maidir le Rothair a Roinnt (BSS)

Is féidir leis na Scéimeanna maidir le Rothair a Roinnt (BSS) cur go dearfach le leathnú a dhéanamh ar iompar poiblí agus aghaidh a thabhairt ar an 'míle deiridh' de thuras agus éascú a dhéanamh ag an am céanna ar raon leathan turais laistigh den chathair.

LÍONRA ROTHÁÍOCHTA LUIMNIGH

Is léiriú iad na bealaí agus an t-ailíniú go léir agus tá siad faoi réir ag athrú trí phróiseas breithmheasa na scéime reachtúil.



LEGEND - KEY INFORMATION

- Green Route
- Primary
- Secondary
- Inter-Urban

Seoladh an BSS i Luimneach sa bhliain 2014 agus cuimsionn an scéim 23 stáisiún agus 215 rothar ar fud Lár na Cathrach.

Sna limistéir lasmuigh de Lár na Cathrach agus sna limistéir bhrúachbhailteacha laistigh san áit nach dóigh go mbeidh sé indéanta sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma BSS Luimnigh atá ann faoi láthair a leathnú amach chomh fada sin, ní mór samhlacha eile stáisiúin nasctha a bhreithniú. Ba cheart tacú leis na scéimeanna seo trí ghlacadh le soláthar páirceála rothar in ionaid, in áiteanna oideachais agus in ionaid chomharsanachta.

CUSPÓIR CC2

Scéimeanna maidir le Rothair a Roinnt

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na hÚdaráis Áitiúla:

- Cothabháil a dhéanamh ar Scéim maidir le Rothair a Roinnt Luimnigh agus an seirbhís a leathnú sa chás é a bheith indéanta bunaithe ar patrúin acmhainneacht a aithnítear; agus
- Indéanta Stáisiúin Neamh-Nasctha BSS a bhreithniú i limistéir ar fud an LSMA atá níos imeallaí.

Páirceáil do Rothair sa Ghearrthréimhse

Teastaíonn, chun tacú leis an éileamh atá ann faoi láthair ar rothaíocht agus an t-éileamh a bheidh ann amach anseo, ardú suntasach a dhéanamh ar sholáthar páirceála do rothair atá ar ardchaighdeán, slán agus páirceáil go gearrthréimhseach i Lár na Cathrach, i lár na mbailte mórcheantair, i scoileanna, i stáisiúin bus agus iarnróid, i bhfoirgnimh phoiblí, limistéir shiopadóireachta agus in áiteanna oibre.

Páirceáil do Rothair ar Bhonn Fadfhanachta

Is féidir le heaspa páirceáil shlán do rothair laghdú a dhéanamh ar tharraingteacht na rothaíochta mar rogha taistil laethúil.

Cuireann locair rothair, moil rothair agus haingir roinnte sráide aonair slándáil ar fáil do rothaithe agus soláthraíonn réiteach nuálach do riachtanais pháirceála rothair ar feadh tréimhsí ama níos faide, go háirithe nuair a bhíonn spás stórála inmheánach teoranta.

CUSPÓIR CC3

Páirceáil do Rothair

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na hÚdaráis Áitiúla:

- Páirceáil sráide do rothair atá ar ardchaighdeán; páirceáil poiblí rothar atá foscúil agus slán; agus a chinntiú go gcuirtear páirceáil rothar atá foscúil agus slán ar fáil mar chuid d'aon tograí forbartha ag teacht leis na caighdeáin atá leagtha síos sa Lámhleabhar Náisiúnta maidir le Rothair ar a laghad.

Ba chóir páirceáil rothar fadfhanachta a chur ar fáil ag Stáisiún Cholbaird agus i bpríomhnóid iompair eile ar fud an LSMA. Cuirfear tuilleadh leis na riachtanais bhainistíochta forbartha do leibhéil níos airde páirceála rothar ar bhonn cónaithe agus áit oibre. Tá soláthar moil pháirceála rothar sna láithreacha straitéiseacha seo mar chomhpháirt lárnach ó thaobh cultúr na rothaíochta a chur chun cinn agus turais nasctha ar fud an LSMA a éascú.

Saoráidí ag Deireadh an Turais

D'fhéadfadh saoráidí seirbhíse ag deireadh turais in áiteanna oibre, ar nós, cithfholcadáin, seomraí feistithe agus locair, cur go suntasach le meallacht rothaíochta, go háirithe do thurais atá níos faide nó le linn drochaimsire. Tá ardú a chur ar na saoráidí seo ag deireadh turais mar sprioc nach mór do na hÚdaráis Áitiúla a bhreithniú nuair atáthar i mbun breithnithe ar Phleananna Forbartha.

CUSPÓIR CC4

Saoráidí ag Deireadh an Turais

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na hÚdaráis Áitiúla:

- Soláthar saoráidí tacaíochta ag deireadh an turais a chinntiú ar nós cithfholcadáin agus locair i bhforbairtí nua.

Ní mór Áiteanna Oibre a spreagadh freisin chun leas a bhaint as deontais rialtais chun aisfheistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh nó cur le saoráidí roinnte a bhreithniú.

Athrú Iompraíochta agus Cur Chun Cinn

D'fhéadfadh imeachtaí cur chun cinn agus feachtais mhargaíochta a bheith mar uirlis maidir le hathrú iompraíochta éifeachtach, lena n-áirítear:

- Áiteanna Oibre agus Campais Taistil Níos Cliste;
- Bus Rothaíochta chun na Scoile, Luimnigh;
- Modúl Taistil Scoileanna Glasa;
- Cothabháil rialta 'an Dochtúir Rothair'. Imeachtaí aonuaire ar nós Lá Saor ó Charranna, Seachtain Soghluaisteachta an AE, Cyclovía (Rotharbhealach) agus comhdhálacha eile ar nós POLIS agus cathair-Velo;
- Oiliúint maidir le rothair a chur ar fáil i scoileanna, áiteanna oibre agus in ionaid pobail; agus
- Aipeanna tiomanta rothaíochta chun sonraí a shluafoinsiú chun feabhsúcháin a mholadh don timpeallacht rothaíochta.

CUSPÓIR CC5

Athrú Iompraíochta agus Cur Chun Cinn

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na hÚdaráis Áitiúla:

- Tosaíochta a thabhairt d'infheistíocht chun bealaí rothaíochta chuig scoileanna a fheabhsú; agus
- Cultúr rothaíochta a chothú trí imeachtaí cur chun cinn agus tionscnaimh maidir le hathrú iompraíochta.

LÍONRA ROTHÁÍOCHTA NA SIONAINNE

Is léiriú iad na bealaí agus an t-ailiniú go léir agus tá siad faoi réir ag athrú trí phróiseas breithmheasa na scéime reachtúil.



LEGEND - KEY INFORMATION

- Green Route
- Primary
- Secondary
- Inter-Urban

BUSCONNECTS

Paisinéirí Bus

Ag iompar
19,500
paisinéir le linn
buaicuaireanta
na maidine

Ag iompar
52m
paisinéir in
aghaidh na bliana

Feidhmíocht Conair Bus

Sráid Uí Chonaill
1 bus
in aghaidh an
nóiméid
2450
paisinéir

Droichead an
tSáirséalaigh
1 bus
in aghaidh an
nóiméid
1750
paisinéir

Feithiclí agus Líonra Bus



85km
de lánai bus
agus bearta
tosaíochta bus

140
flit bus
dhá urlár
riachtanach

4
Láthair
Straitéiseach
Páirceála agus Taistil

137km
de bhealaí
traschathracha

28km
cuar-bhealaí

66km
de bhealaí
gathacha

Ag Nascadh Ionaid Chathracha agus Mhórchéantair

Ag Nascadh le Stáisiún Cholbaird,
Ollscoil Luimnigh, an Líonra Páirceála
agus Taistil agus ag soláthar
idirmhalartuithe idir seirbhísí bus
gathacha agus cuarsheirbhísí bus

3,123 paisinéir ag idirmhalartú
idir Seirbhísí Gathacha,
Traschathracha agus Cuarsheirbhísí
Bus agus Iarnróid

Costas Measta

Tá costas
measta na
Straitéise thart ar
€405m

08 BUSCONNECTS

Clár iomlán BusConnects a sheachadadh do gach cathair in Éirinn (le córais ticéadú, conairí bus, acmhainneacht bhreise, stadanna bus agus scáthláin bus nua, srl.) atá beartaithe a sheachadadh le linn na tréimhse go dtí an bhliain 2027.

An Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027

Is modh iompar atá thar a bheith éifeachtúil iad na busanna agus beidh siad mar bhonn don chóras iompair phoiblí atá ag freastal ar an LSMA. Ní bheidh ar chumas an LSMA fás ar bhealach inbhuanaithe ach amháin má láidritear ról an iompair phoiblí. Ciallaíonn solúbthacht ó thaobh busanna gur féidir bealaí agus minicíocht a chur in oiriúint go tapa chun tacú le céimeanna tacaíochta forbartha nua nó ag brath ar chúinsí. Beidh ról a bheidh ag éirí níos tábhachtaí ag busanna freisin, de réir mar a dhéantar forbairt ar shaoráidí Páirceála agus Taistil.

Aithnítear san NPF, soláthar líonra iompair phoiblí ar fud na cathrach, le hinrochtaineacht feabhsaithe ó Lár na Cathrach go dtí an Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Ollscoil Luimnigh agus Aerfort na Sionainne, mar phríomhchumasóir do Luimneach. Tá sé seo ag teacht leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, leis an NDP agus leis an RSES, lena samhlaítear seirbhís bus i Luimneach faoin mbliain 2027 a bheidh feabhsaithe go mór.

Chun críocha measúnú a dhéanamh ar an Straitéis, tá forbairt agus minphróiseáil déanta ar líonra bus táscach don bhliain 2040 ar bhealach atriach ag tógáil obair anailíse maidir le héileamh ar chonair taistil san áireamh.

Éileoidh an líonra bus deiridh a chuirfear i bhfeidhm sa ghearr go meántearma pleanáil seirbhíse níos mionsonraithe agus d'fhéadfadh sé a bheith difriúil ón méid atá glactha leis san LSMATS mar gheall ar, inter alia, ceanglais mionsonraithe oibríochta agus cúrsaí tráchta áitiúla a bhíonn ag athrú.

PRIONSABAIL AN LÍONRA BUS

Rinneadh BusConnects Luimneach a phleanáil bunaithe ar na 6 phrionsabal seo a leanas:

- Acmhainneacht;
- Minicíocht;
- Luas;
- Simpli;
- Clúdach; agus
- Idirmhalartú.

BUSCONNECTS LUIMNIGH

Cuirfidh clár BusConnect Luimnigh seirbhís iompair phoiblí ar fáil atá iontaofa agus ar ardmhinicíocht le nascacht i gCathair Luimnigh agus sna bruachbhailte a fheabhsú. Ciallóidh an tseirbhís fheabhsaithe uasghrádú suntasach ar an tseirbhís atá ann cheana féin agus cuimseoidh líonra atá níos cuimsithí, córas tosaíochta bus agus flit nua. Freastalóidh sé ar na príomhchinn scribe go léir agus cuirfidh idirmhalartú ar fáil leis an líonra iarnróid agus leis na seirbhísí Páirceála agus Taistil atá beartaithe.

Príomhbhealaí Dromlaigh

Nascann na Príomhbhealaí Dromlaigh na comharsanachtaí agus na limistéir bruachbhailteacha lasmuigh de Lár na Cathrach agus déanfar iad a fhorbairt chun éileamh taistil Traschathrach a nascadh leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na seirbhísí bus.

CUSPÓIR BC1

BusConnects Limerick

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla BusConnect Luimnigh a fhorbairt agus a sheachadadh. Beidh sé sin comhdhéanta de:

- Líonra 'brainse agus cnámh droma';
- Cuar-bhealaí;
- Bealaí gathacha breise;
- Tosaíocht bus atá feabhsaithe go mór;
- Acmhainneacht agus minicíocht atá méadaithe;
- An flit iompair phoiblí a athrú go roghanna malartacha atá saor ó charbón; Táillí, teicéadú agus seirbhísí idirmhalartaithe agus bonneagar a fheabhsú.

Is 10 nóiméad in aghaidh an lae an mhinicíocht atá beartaithe do na bealaí seo, le minicíocht níos airde le linn buaicuaireanta agus an acmhainneacht le minicíochtaí níos airde ar feadh an lae de réir mar a mhéadaíonn éileamh thar thréimhse na Straitéise.

Ag Tacú le Bealaí Gathacha

Cuirfidh tacaíocht a thabhairt do Bhealaí Gathacha clúdach breise ar fáil do na Bealaí Dromlaigh ag minicíocht níos isle chuig limistéir nach n-éilíonn éileamh ar thaisteal seirbhísí ardmhinicíochta.

Cuar-bhealaí

Cuimsíonn Cuar-Líonra Bus táscacha dhá chuar-sheirbhís ardmhinicíochta tosaigh atá beartaithe chun freastal ar líon ceann scribe rithábachtach lasmuigh de Lár na Cathrach, lena n-áirítear, Ollscoil Luimnigh agus Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.



Cuirfidh an chuar-líonra uasghrádaithe nascacht agus idirmhalartú breise leis na seirbhísí gathacha bus.

An Cuar-Bhealach Thuaidh

Freastalóidh an Cuar-Bhealach Thuaidh a bheidh ann amach anseo ar an taobh ó thuaidh de Chathair Luimnigh agus tabharfar isteach i mBóthar Dáileacháin an Tuaiscirt Luimnigh (LNDR) atá beartaithe é sa mheán go fadtéarma agus é beartaithe go mbeidh tosaíocht iomlán bus aige.

An Cuar-Bhealach Theas

Freastalóidh an Cuar-Bhealach Theas ar an taobh theas de Chathair Luimnigh, lena n-áirítear, Baile an Churraigh, Béal Átha Síomoin, Garraí Eoin agus Ollscoil Luimnigh.

Stáisiún Cholbaird

Is é Stáisiún Cholbaird príomhstáisiún bus agus traenach Luimnigh. Beidh gá le feabhsúcháin a dhéanamh ar na stadanna bus atá os comhair an stáisiúin leis an acomhal a fheabhsú. Molann an LSMATS nasc bus amháin ar chúl Stáisiún Cholbaird ar Bhóthar Bhaile an Róistigh.

CUSPÓIR BC2

Nasc Bus Amháin ag Stáisiún Cholbaird

Tá sé i gceist ag an NTA, ag Bus Éireann agus na hÚdarais Áitiúla indéantacht nasc bus amháin a bheith ar chúl Stáisiún Cholbaird ar Bhóthar Bhaile an Róistigh.

Chuirfeadh sé seo go mór le tréscailteacht agus le nascacht Stáisiún Cholbaird a fheabhsú do bhusanna réigiúnacha agus áitiúla mar nach bhfuil ann ach pointe rochtana amháin trí Shráid Parnell/Bóthar de hÍde faoi láthair. Tá tuilleadh díospóireachta ar Stáisiún Cholbaird san áireamh sa chaibidil ar Iarnróid.

Tosaíocht Bus – Conairí Bus Croiláir Luimnigh

Tá sé rithabhachtach tosaíocht a thabhairt do sheirbhísí bus thar thrácht ginearálta le córas bus atá éifeachtúil, go minic agus iontaofa a sheachadadh agus beidh sé mar chuid lárnach de chlár foriomlán BusConnects.

Rachaidh an t-ardú atá beartaithe ar acmhainneacht bus agus ar sheirbhísí chun tairbhe do chion suntasach de dhaonra Luimnigh ach ní bhainfear an tairbhe is fearr is féidir amach mura gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán an tosaíocht bus mar go gcuirfidh an trácht ginearálta moill ar na busanna.

Tá méid na mbeart tosaíochta bus atá beartaithe ag teacht leis patrúin maidir le héileamh atá ag teacht chun cinn, a chinntíonn gur féidir freastal ar sheirbhísí atá éifeachtúil, iontaofa agus go minic. Is é atá mar chuspóir do na Príomhbhealaí Dromlaigh aitheanta, i bprionsabal, ná tosaíocht bus ó cheann go ceann a chur ar fáil do gach treo.

CUSPÓIR BC3

Tosaíocht Bus

Is é atá i gceist ag an NTA, ag Bus Éireann agus ag na hÚdarais Áitiúla:

- Tosaíocht bus a sholáthar tríd an spás bóthair ón gcarr príobháideach a athdháileadh, Comharthaíocht Bus a Chur Chun Cinn, geataí bus agus seilbh talún chun freastal ar lánáí bus atá ag teastáil anseo.
- Tosaíocht bus a sholáthar laistigh de Lár na Cathrach i Luimnigh agus Droichead an tSáirséalaigh trí spás a athdháileadh óna lánáí tráchta ginearálta.

Ó thaobh páirteanna eile den Líonra Náisiúnta Bóithre, beidh tuilleadh imscrúdaithe, anailíse agus comhaontaithe leis an TII riachtanach leis na torthaí tosaíochta bus is fearr a chinneadh.

Tá an carrbhealach atá ann cheana féin, i roinnt limistéir den líonra, srianta ag scrogaill tráchta agus ag páirceáil ar an tsráid. Ar mhaithe le tosaíocht bus a sholáthar, ní mór bearta a ghlacadh, lena n-áirítear: fáil réidh le páirceáil ar an tsráid, lánáí tráchta ginearálta agus córais aontreo; Córas Iompair Cliste (ITS), ar nós geataí bus agus Comharthaíocht Bus a Chur Chun Cinn agus seilbh talún.

Feabhsúcháin Shráid Uí Chonaill

Sa bhliain 2019, cheadaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh scéim le hathdhearadh a dhéanamh ar Shráid Uí Chonaill.

Mar chuid den scéim ceadaithe, cuimsíodh an acmhainneacht le haghaidh tosaíocht bus dhá bhealach sa dearadh agus sa phleanáil. Is í Sráid Uí Chonaill an rogha is fearr do phríomhdhromlach iompair phoiblí Luimnigh do sheirbhísí agus do bhearta tosaíochta bus araon. Beartaítear san LSMATS go mbeidh Sráid Uí Chonaill mar chonair iompair phoiblí agus rothaíochta amháin mar gheall ar na cúiseanna seo a leanas:

- Cuireann Sráid Uí Chonaill an ródú is díri ar fáil do sheirbhísí bus traschathracha ag nascadh na príomhlímistéar tráchtála uirbeacha agus cónaithe le Croilár na Cathrach;
- Freastalóidh ródú feadh Sráid Uí Chonaill ar an limistéar láir i bhfad níos éifeachtaí i dtéarmaí an líon is mó daoine a thabhairt chomh fada lena gceann scribe deiridh miondíola nó fostaíochta ar Shráid Uí Chonaill agus ar an gceantar máguaird; agus

- Cuireann Sráid Uí Chonaill bainistiú tráchta níos éasca ar fáil, agus ceadaítear, ag an am céanna, do charranna dul isteach i Lár na Cathrach.

Droichead an tSáirséalaigh

Mar chuid de Líonra BusConnects agus bainistíocht tráchta Lár na Cathrach, moltar go ndéanfaidh Droichead an tSáirséalaigh soláthar do thosaíocht bus dhá threo, do rothaíocht agus do shiúl amháin.

Droichead Thomand agus Droichead na Sionainne

Beidh sé tábhachtach a chinntiú nach mbeidh busanna a bheidh ag taisteal chuig agus ó Luimneach faoi réir ag moill iomarcach ar Dhroichid Thomand agus na Sionainne. Cé go bhfuil an dá nasc seo srianta go fisiciúil agus nach bhfuil aon mholadh ann i láthair na huaire a thaobh fáil réidh le trácht ginearálta den dá dhroichead, tá an acmhainneacht ann le comharthaí tosaíochta nó bearta eile den chineál céanna a thabhairt isteach ar na bealaí isteach a thabharfadh an deis do bhusanna tosaíocht a fháil ar an trácht ginearálta. Dhéanadh bearta den sórt seo éascaíocht ar oibríochtaí éifeachtúla bus agus ar an sruth tráchta araon.

SEIRBHÍSÍ BUS SHIONAINNE

Cuirfear go suntasach le nascacht chun na Sionainne thar shaolré na Straitéise. Cuirfear feabhas ar sheirbhísí bus atá ann cheana féin agus cuirfear seirbhísí breise nua ar fáil, lena n-áirítear:

- Lár na Cathrach i Luimneach – Lár an Bhaile sa tSionainn – Limistéar Neamhchustaim Shionainne – Aerfort na Sionainne (Mearsheirbhís);
- Lár na Cathrach i Luimneach – an Chreatalach – Bun Raite – Lár an Bhaile sa tSionainn – Limistéar Neamhchustaim Shionainne – Aerfort na Sionainne;
- Stáisiún Iarnróid Droichead Abhann Ó gCearnaigh – an tSionainn (Seirbhís Tointeála);
- An tSionainn – Inis; agus
- Déanfar scrúdú ar an acmhainneacht le seirbhísí díreacha feabhsaithe a chur ar fáil ón tSionainn go Corcaigh agus go Gaillimh.

CUSPÓIR BC4

Nascacht Bus na Sionainne

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla feabhas a chur ar nascacht bus áitiúil agus réigiúnach go lár an bhaile sa tSionainn, go limistéir fhostaíochta agus chuig an Aerfort.

AN LÍONRA BUS RÉIGIÚNACH

Soláthraíonn seirbhísí bus réigiúnacha gné thábhachtach den Straitéis le nascacht réigiúnach a chur chun cinn, atá mar phríomchuspóir straitéiseach de chuid an NPF agus an RSES. Tá sé beartaithe an líonra seirbhísí réigiúnacha atá ann faoi láthair a fheabhsú ar bhonn leanúnach ag súil le leathnú a dhéanamh ar mhinicíocht na seirbhíse chun freastal de réir mar is gá ar an éileamh atá ag dul i méid. Beidh ar phleananna bainistíochta tráchta freastal agus tacú le gluaiseacht busanna réigiúnacha.

CUSPÓIR BC5

Líonraí Bus Réigiúnacha


Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla cothabháil agus feabhas a chur ar líonraí bus réigiúnacha.

LÍONRA BUS MÓRCHEANTAIR

Ba chóir tosaíocht a chur ar fáil ag scrogaill tráchta sna bailte Mórcheantair le hoibriocht éifeachtúil seirbhísí bus agus achair aistir is féidir brath orthu a chinntiú. D'fhéadfai, mar shampla, breithniú a dhéanamh ar thosaíocht bus idir stáisiún traenach Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh agus an tSionainn.


NASC ÁITIÚIL

Chun comhlánú a dhéanamh ar an líonra bus agus ar na seirbhísí áitiúla do na bailte mórcheantair, tá seirbhís ar a dtugtar Nasc Áitiúil ag an Údarás Náisiúnta Iompair. Tá sé mar aidhm leis an Nasc Áitiúil aghaidh a thabhairt ar eisiamh sóisialta tuaithe agus seirbhísí bus, sa chás gur féidir, é a chomhtháthú le bealaí atá ann cheana. Tá bealaí ó dhoras go doras mar ghné ar leith de sheirbhís an Naisc Áitiúil a chuireann seirbhís den scoth ar fáil dóibh siúd ar bheagán luaineachta agus/nó nach bhfuil aon rochtain acu ar iompar poiblí i gceantair thuaithe.



LÍONRA BUS LSMATS

Is léiriú iad na bealaí agus an t-ailíniú go léir agus tá siad faoi réir ag athrú trí phróiseas breithmheasa na scéime reachtúil.



Tá seirbhísí Nasc Áitiúil ag feidhmiú ar fud Limistéar Mhórchéantar Luimnigh/Shionainne agus lasmuigh de.

CUSPÓIR BC6

Seirbhísí Nasc Áitiúla

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla cothabháil agus feabhas a chur ar sheirbhísí Nasc Áitiúla sa chás é a bheith riachtanach.

CÓISTÍ

Tugann cóistí go leor cuairteoirí chuig Cathair Luimnigh agus chuig na limistéir mórchéantair atá mórthimpeall air, lena n-áirítear, an tSionainn, Caisleán Bhun Raite agus an Daonpháirc agus feadh bealach Shlí an Atlantaigh Fhiáin.

Chun a chinntiú gur féidir leis an LSMA an líon cuairteoirí atá ag dul i méid a éascú, moltar an méid seo a leanas:

- Measúnú a dhéanamh ar oibríochtaí sheirbhísí na gcóistí atá ann cheana féin maidir le paisinéirí ag tuirlingt agus ag bordáil chun na coinníollacha atá ann faoi láthair a fheabhsú; agus

CUSPÓIR BC7

Straitéis Bhainistíochta Cóiste

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis Áitiúla Straitéis Bainistíochta Cóistí a chur ar fáil chun tacú le líon na gcuairteoirí atá ag dul i méid.

- Straitéis Bhainistíochta Cóistí Comhtháite a cheapadh chun tacú le bearta bainistíochta tráchta, limistéir pháirceála agus chun daoine a ligean amach ag príomhchinn scribe.

BEARTA TACAÍOCHTA

Déanfar uasghrádú suntasach ar an Líonra Bus nua i Luimneach chuig caighdeán BusConnects. Déanfar an líonra bus réigiúnach a uasghrádú ar an mbealach céanna chun bearta ar nós iad seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- Tionscnamh an Eolais Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI);
- Comhtháthú fíor-ama Aimsiú Uathoibrioch Feithiclí (AVL) ar bord le Córais Iompair Cliste (ITS) chun tosaíocht a thabhairt do ghluaiseachtaí iompair phoiblí ag aomhail chomharthaíochta;
- Uasghrádú líonra siúil chuig agus timpeall stadanna bus chun compord, sábháilteacht agus inrochtaineacht coisithe a chinntiú;

- Déanfar breithniú ar sholáthar spáis do phaisinéirí le rothair a thabhairt ar bord;
- Déanfar breithniú ar leathnú a dhéanamh ar sheirbhísí 24 uair an chloig;
- Ticéadú cliste chun comhtháthú le modhanna iompair eile a chumasú agus le moill a laghdú;
- Aistriú chuig flit bus atá inrochtana go hiomlán;
- Flit bus an LSMA a aistriú chuig foinsí breosla atá saor ó charbón agus chuig teicneolaíochtaí eile íseal-astaíochta, lena n-áirítear, busanna leictreacha; agus
- Comhartha maidir le stad bus, cuaille agus painéal faisnéise ar stil caighdeánaithe, le brandáil agus libhré comhsheasmhach.

CUSPÓIR BC8


Bearta Tacaíochta

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis Áitiúla bearta tacaíochta a sheachadadh chun comhlánú a dhéanamh ar fheidhmiú BusConnects Luimneach agus ar sheirbhísí réigiúnacha atá feabhsaithe.



BEARTA TOSAÍOCHTA BUS DO LUIMNEACH

Is léiriú iad na bealai agus an t-ailiniú go léir agus tá siad faoi réir ag athrú trí phróiseas breithmheasa na scéime reachtúil.





09 IARNRÓD

Tá línte iarnróid Bhaile Átha Cliath go hAcomhal Luimnigh/Corcaigh faoi réir ag iniúchadh maidir le bogadh chuig luas níos airde agus/nó leictriú a mbeidh nascacht agus achair aistir fheabhsaithe chuig cathracha réigiúnacha mar thoradh air.

An Straitéis Réigiúnach Spáis agus Eacnamaíoch
Réigiún an Deiscirt

Tá sé beartaithe ag an LSMATS cur an méid is fearr is féidir le deiseanna atá á gcur ar fáil ag an líonra iarnróid atá ann cheana féin chun feabhas a chur ar nascacht réigiúnach. Tacóidh cur an méid is fearr is féidir le hacmhainneacht an chonair iarnróid le comhtháthú níos fearr a dhéanamh ar phleanáil úsáid talún agus ar iompar poiblí.

Cuireann líonra iarnróid an LSMA atá ann cheana féin rochtain ar fáil ó Bhaile Átha Cliath, Inis agus ón Aonach chuig Lár na Cathrach i Luimneach ag Stáisiún Cholbaird. Is ionann Acomhal Luimnigh agus sócmhainn réigiúnach atá tábhachtach agus a nascann le chéile conairí iarnróid Bhaile Átha Cliath, Luimnigh, Chorcaigh, na Gaillimhe agus Phort Láirge.

SEIRBHÍSÍ IDIR-CHATHRACHA

Tá líon seirbhísí Idir-Chathracha i gCathair Luimnigh a chuireann naisc dhíreacha iarnróid ar fáil ó Stáisiún Cholbaird go hInis agus go Gaillimh agus naisc trí Acomhal Luimnigh go Baile Átha Cliath, Corcaigh, Cluain Meala, Trá Lí agus Port Láirge. Tá an líon is airde naisc ó Bhaile Átha Cliath ag Líonra Iarnróid Luimnigh, agus cuirtear a bhformhór sin ar fáil ag Acomhal Luimnigh ar Líne Iarnróid Bhaile Átha Cliath-Corcaigh.

Mar a aithnítear san NDP, san RSES agus i dTuarascáil Athbhreithnithe Iarnróid 2016 Iarnróid Éireann, tá línte iarnróid Bhaile Átha Cliath-Acomhal Luimnigh/Corcaigh faoi réir ag iniúchadh chun bogadh chuig luas níos airde a mbeidh nascacht fheabhsaithe chuig cathracha réigiúnach trí achair aistir fheabhsaithe mar thoradh air.

Luaitear san RSES go dtabharfar faoi mheastóireacht ar bhuntáistí geilleagracha iarnróid ardluais do línte iarnróid Bhaile Átha Cliath-Béal Feirste, Baile Átha Cliath-Acomhal Luimnigh agus Baile Átha Cliath-Corcaigh i gcoinne feabhsúcháin ar luas línte atá ann cheana féin i gcoinne próisis measúnaithe ábhartha agus tástálacha maidir le luach ar airgead.

Tá staidéar ar leathnú féideartha Conair Iarnróid an Iarthair faoi bhealach mar chuid de thiomantas an NDP.

CUSPÓIR RL1

Seirbhísí Idir-Chathracha

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla oibriú i gcomhair le hIarnród Éireann agus le páirtithe leasmhara eile chun:

- Feabhas a chur ar sheirbhísí Idir-Chathracha, go háirithe idir Baile Átha Cliath, Acomhal Luimnigh agus Corcaigh.

Dé-Ráille Traenach ó Stáisiún Cholbaird Luimnigh-Acomhal Luimnigh

Cé go bhfuil sé i bhfad lasmuigh de Limistéar Staidéir an LSMA, ar mhaithe le nascacht náisiúnta agus réigiúnach a fheabhsú, atá mar phríomhchuspóir straitéiseach san NPF, tá dé-ráille beartaithe idir Stáisiún Cholbaird agus Acomhal Luimnigh.

Tá achar fanachta níos faide agus móill ar bhonn rialta mar thoradh ar an ráille aonair atá ann cheana féin. Chuirfeadh sé seo feabhas ar achair aistir agus dhéanfaidh sé ardú ar mhinicíocht seirbhísí agus ar naisc a chumasú. Ba chóir tabhairt faoi seo i gcomhar le fheabhsúcháin mhinicíochta Idir-Chathrach níos leithne ag teacht le seirbhísí agus tráthchláir Chorcaigh/Bhaile Átha Cliath. D'fhéadfai breithniú agus breithmheas féideartha a dhéanamh chun stáisiúin nua agus do Pháirceáil agus Taisteal a chur chun cinn ag Úlla agus ag Pailís Ghréine thar shaolré na Straitéise.

CUSPÓIR RL2

Dé-Ráille Traenach ó Stáisiún Cholbaird Luimneach-Acomhal Luimnigh

Tá sé i gceist ag an NTA, ag Iarnród Éireann agus ag an dá údarás áitiúil oibriú i gcomhar le chéile chun:

- Imscrúdú a dhéanamh ar an fhéidearthacht dé-ráille a sholáthar idir Stáisiún Cholbaird Luimnigh agus Acomhal Luimnigh le nascacht fheabhsaithe náisiúnta agus réigiúnach a éascú.

Páirceáil agus Taisteal Bunaithe ar Iarnród

Déanfar an fhéidearthacht maidir le stáisiún iarnróid nua ag Baile Siomoin a fhiosrú i gcomhar le Páirceáil agus Taisteal straitéiseach. D'fhéadfadh sé seo nascacht inbhuanaithe ó thuaidh agus ó dheas den LSMA agus an réigiún níos leithne a fheabhsú agus d'fhreastalódh sé ar thaisteal ar aghaidh bus-bhunaithe agus iarnród-bhunaithe chuig Lár na Cathrach. Bheadh minicíocht níos airde iarnróid riachtanach ar mhaithe le caighdeán na seirbhíse maidir le Páirceáil agus Taisteal iarnróid-bhunaithe a chinntiú.

CUSPÓIR RL3

Páirceáil agus Taisteal Bunaithe ar Iarnród

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla oibriú i gcomhar le hIarnród Éireann agus le páirtithe leasmhara eile chun:

- An fhéidearthacht maidir le stáisiún nua chun tacú le Páirceáil agus Taisteal ag Baile Shíomoin.

AN LSMA AGUS AN LÍONRA IARNRÓID BRUACHBHAILTEACH

Is é atá mar chuspóir uileghabhálach líonra iarnróid an LSMA cur an méid is fearr is féidir le deiseanna forbartha atá á gcur ar fáil ag na conairí iarnróid atá ann cheana féin ar mhaithe le tacú le leibhéal níos fearr comhordaithe idir úsáid talún agus pleanáil iompair.

Mar chuid de phróiseas forbartha na Straitéise, breithníodh córas iarnróid bruachbhailteach agus mórcheantair, lena n-áirítear: stáisiúin traenach nua laistigh de Chathair Luimnigh, an LSMA agus limistéir Luimnigh agus Chontae an Chláir níos leithne; dé-ráille a chur ar línte iarnróid idir Stáisiún Cholbaird Luimnigh, Acomhal Luimnigh – an tAonach agus Inis; agus líne iarnróid nua chuig Baile Shionainne agus Aerfort na Sionainne.

Léiríodh sa mheasúnú nach dtacaíonn an fás agus dáileadh úsáid talún atá beartaithe le soláthar líonra iarnróid limistéar bruachbhailteach agus mórcheantair a bheidh feabhsaithe go suntasach, laistigh de shaolré na Straitéise. Bhí leibhéal phátrúnachta íseal mar thoradh ar easpa Forbartha atá Dirthe ar Iompar Poiblí (PTOD) thart ar stáisiúin traenach atá beartaithe, in éineacht le heaspa achair aistir iomaíocha in aghaidh tograí bus-bhunaithe.

Léirigh an measúnú go mbeadh áitíocht 84% ag an nasc iompair poiblí bus-bhunaithe idir Stáisiún Cholbaird agus Aerfort na Sionainne, cé go mbeidh pátrúnacht níos ísle ag nasc iarnród-bhunaithe agus áitíocht 24%.

Tá fócas spriocdhirithe ag dáileadh ag ar chomhdhlúthú úsáid talún riachtanach le haon ardú suntasach a dhéanamh ar sholáthar iarnróid agus ar sheirbhísí. Moltar, thar shaolré na Straitéise, gur chóir scrúdú a dhéanamh arís leis an mais chriticiúil atá riachtanach a bhaint amach i gcomhthéacs PTOD iarnród-bhunaithe.

CUSPÓIR RL4

An Líonra Iarnróid Bruachbhailteach

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla oibriú i gcomhar le hIarnród Éireann agus le páirtithe leasmhara eile chun:

- Comhdhlúthú forbartha timpeall ar stáisiúin a chur chun cinn.

STÁISIÚN CHOLBAIRD

Is é Stáisiún Cholbaird an príomhchríochfort d'iompar poiblí i gCathair Luimnigh, tá an stáisiún suite tamall beag ó Shráid Parnell/Bóthar de hÍde, thart 15 nóiméad de shiúl na gcos ó Lár na Cathrach. Déanann Iarnród Idirchathrach agus Réigiúnach, seirbhísí bus agus roinnt seirbhís bus cathrach freastal ar an stáisiún seo, a chuireann deiseanna maidir le hathrú ar fáil.

Teastaíonn an stáisiún féin a thabhairt suas chun dáta agus rinne Iarnród Éireann agus an NTA scéim a fhorbairt sa bhliain 2014 chun feabhas suntasach a dhéanamh ar fhoirgneamh an stáisiúin agus ar an gceantar thart timpeall air, ag teacht le Plean Eacnamaíoch agus Spáis Luimnigh 2030.

CUSPÓIR RL5

Athfhorbairt Stáisiún Cholbaird

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla oibriú i gcomhar le hIarnród Éireann agus le páirtithe leasmhara eile chun:

- Athfhorbairt stáisiún iarnróid agus bus Cholbaird a chríochnú le taithí níos mealltaí, slán agus compordach a chur ar fáil do phaisinéir, ag teacht leis an tionscadal atá forbartha ag Iarnród Éireann agus ag an NTA; agus
- Indéantacht nasc bus amháin ar chúil Stáisiún Cholbaird ar Bhóthar Bhaile an Róistigh agus nascacht fheabhsaithe coisithe, rothaíochta agus bus chun Lár na Cathrach a fhiosrú.

Bhí fáil réidh leis an gcarrchlós chun tosaigh agus forbairt plás poiblí agus stáisiún rothair i gceist le céim 1 den tionscadal seo. Sa bhreis ar na saincheisteanna thart ar an bhfoirgneamh agus ar an gceantar thart timpeall air, tá easpa nasc atá soiléir ag Stáisiún Cholbaird le Lár na Cathrach. Níl mórán forbartha déanta ar shaoráidí trasnaithe do choiste ag an mbealach is follasaí sa chomharsanacht – Sráid na Sionainne/ Sráid Parnell – agus níl saoráidí rothair chuig Lár na Cathrach, cé go bhfuil feabhas ag teacht orthu, curtha ar fáil ar bhealach leanúnach.

Faoi láthair, níl ach pointe rochtana amháin do bhusanna chuig Stáisiún Cholbaird trí Shráid Parnell/Bóthar de hÍde. Samhlaítear, san fhógra a rinne an Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le gairid, máistirphlean agus forbairt a dhéanamh ar os cionn 100 acra atá faoi úinéireacht an Stát thart ar Stáisiún Cholbaird, úsáid mheasctha PTOD atá íseal ó thaobh carranna den chuid is mó. Cuirfidh naisc bus, coisithe agus rothaíochta atá feabhsaithe eolas ar fáil don phróiseas seo.



LASTAS IARNRÓID

Nil an líne lastais iarnróid idir Luimneach agus Calafort Fhainge gníomhach ón mbliain 2001. Moltar san RSES ar glacadh leis, imscrúdú a dhéanamh maidir leis an líne seo a chur i mbun oibre arís leis an bport is doimhne sa tír a nascadh leis an líonra iarnróid náisiúnta. Aithnítear san RSES freisin an acmhainneacht le hAcomhal Luimnigh a fhorbairt do lóistíocht lastála iarnróid. Tacaíonn an LSMATS le cuspóir an RSES ó thaobh forbairt a dhéanamh ar Straitéis Réigiúnach Lastais.

CUSPÓIR RL6

Lastas Bunaithe ar an Iarnród

Tá sé i gceist ag an NTA, ag Iarnród Éireann, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus ag páirtithe leasmhara eile:

- An acmhainneacht maidir le lastas iarnróid a imscrúdú chun tacú leis an Straitéis Réigiúnach Lastais atá beartaithe, lena n-áirítear, an líne idir Luimneach agus Calafort Fhainge a chur ar ais ag obair.

Tá tuilleadh mionsonraí maidir le lastas curtha ar fáil i gCaibidil 13 Lastas, Seachadadh agus Seirbhís.

BONNEAGAR TACAÍOCHTA

Feabhsúcháin agus Uasghrádú Stáisiún

Breithneofar feabhsúcháin agus uasghrádú stáisiúin atá ann cheana féin thar shaolré na Straitéise le hoibríocht éifeachtúil agus éifeachtach seirbhísí iarnróid a chumasú. Áirítear anseo, feabhsúcháin ar inrochtaineacht stáisiún Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa Chaibidil ar Shiúl.

Tá caighdeán, cuma, glaineacht, slándáil agus inrochtaineacht stáisiúin tábhachtach do shástacht paisinéirí iarnróid. Áirítear ar fheabhsúcháin:

- Inrochtaineacht iomlán dóibh siúd ar bheagán luaineachta, iad siúd atá i gcathaoir rothai nó bugaithe;
- A bheith feistithe le saoráidí maidir le ticéadú cliste;
- Limistéir feithimh atá compordach agus foscúil a chur ar fáil do phaisinéirí iarnróid;
- Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) atá cruinn a sholáthar maidir le traenacha agus le busanna nasctha; agus
- Páirceáil do rothair atá slán, foscúil agus atá suite go háisiúil ag teacht leis an Lámhleabhar Náisiúnta Rothair a chur ar fáil.

Feabhsúcháin ar Chomharthaíocht

Beidh feabhsúcháin ar chomharthaíocht riachtanach le seirbhísí méadaithe a éascú agus le moill agus coimhlíntí a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint.

Beidh feabhsúcháin ar chomharthaí riachtanach, cé go bhfuil siad lasmuigh de scóip an Limistéir Staidéir, ag Acomhal Luimnigh, má thagann ardú ar mhinicíocht seirbhísí Idirchathracha thar shaolré na Straitéise.

Ionad Rialaithe Comharthaí

Oibríonn Iarnród Éireann Lárionad Rialaithe Trácha i Stáisiún Uí Chonghaile i láthair na huaire, a rialaíonn formhór an líonra iarnróid in Éirinn. Tá an NDP tiomanta Lárionad Náisiúnta um Rialú Traenach a thabhairt chun críche thar shaolré na Straitéise. Beidh sé seo riachtanach chun freastal ar riachtanais rialaithe an líonra iarnróid amach anseo.

CUSPÓIR RL7

Bonneagar Tacaíochta Iarnróid

Tá sé i gceist ag an NTA, Iarnród Éireann agus ag páirtithe leasmhara eile:

- Mealltacht agus éifeachtúlacht seirbhísí iarnróid a fheabhsú, trí fheabhsúcháin ag stáisiúin Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh agus ag Caisleán Uí Chonaill, feabhsúcháin comharthaíochta agus an Lárionad Náisiúnta um Rialú Traenach a chríochnú

Bainistíocht Tuilte Bhaile an Chathraigh

I láthair na huaire, dúnann minicíocht tuilte líne iarnróid Luimnigh-na hInse ag Baile an Chathraigh agus cuireann sé seo as go mór do Líonra Iarnróid an LSMA. Faoi láthair tá Iarnród Éireann ag fiosrú réiteach teicniúil leis an bhfadhb seo a mhaolú.

CUSPÓIR RL8

Bainistíocht Tuilte Bhaile an Chathraigh

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla oibriú i gcomhar le Iarnród Éireann agus le páirtithe leasmhara cuí eile chun:

- An fhadhb a bhaineann le tuilte a bheith i gceantair áirithe ar líne Luimnigh-na hInse ag Baile an Chathraigh a réiteach.

LEICTRIÚ AGUS/NÓ BREOSLÚ MALARTACH AN LÍONRA IARNRÓID

Tá Gníomh 92 den Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide 2019 chun tús a chur leis an aistriú chuig traenacha hibrideacha le deis a thabhairt le leictriú a dhéanamh ar sheirbhísí iarnróid.



Tacaíonn an LSMATS leis an ngníomh seo a mbeidh ard-fheidhmíocht, costais chothabhála níos ísle, costais fuinnimh níos ísle agus astaíochtaí laghdaithe mar thoradh air. Tá astaíochtaí aeir agus torainn atá níos ísle rithábachtach chun tacú le taitneamhacht chónaithe forbairtí nua atá comhdhlúite thart ar chonair iarnróid.

Tá an NDP tiomanta leictriú a dhéanamh ar línte iarnróid bruachbhailteach i mBaile Átha Cliath faoi Chlár Leathnaithe DART faoin mbliain 2027. Is dóigh go dtarlódh tiomantas de chineál céanna maidir le Líonra Iarnróid LSMA sa dara leath den Straitéis.

CUSPÓIR RL9

Electrification and Alternative Fuelling

It is the intention of the NTA and the local authorities to work in collaboration with Iarnród Éireann and other relevant stakeholders to:

- Progress the electrification of the Rail Network in line with the Climate Action Plan 2019; and
- Investigate the potential for alternatively fuelled trains.

D'fhéadfaí, mar mhalairt ar leictriú iomlán an líonra iarnróid, scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le huasghrádú a dhéanamh ar an bhflít go traenacha cadhnra agus/nó hibride.

Cé go gcuireann siad buntáistí den chineál céanna ar fáil agus a chuireann an líonra leictirthe caighdeánach ar fáil, ní éilíonn an cineál seo traenach leictreach aisfheistiú suntasach bonneagair leictreach ar fud an líonra ar nós soláthar cumhachta agus athrú droichid a bheadh ag teastáil de ghnáth agus ar an gcaoi sin bíonn spáráil shuntasach costais ar leictriú an líonra iarnróid i gceist leo.

LÍNTE IARNRÓID AGUS GLASBHEALAÍ

LSMATS supports the development of greenway provision to provide connectivity with Limerick City with Metropolitan Town centres and settlements in North Cork, Tipperary, Clare and Kerry via the Great Southern Trail.

CUSPÓIR RL10

Rail Lines and Greenways

It is the intention of the NTA and the local authorities to work in collaboration with Iarnród Éireann and other relevant stakeholders to:

- Examine the feasibility of the provision of new greenways either within disused rail lines or immediately adjacent to existing or proposed rail corridors.



BÓITHRE AGUS SRÁIDEANNA



Bóithre Réigiúnacha & Dáileacháin

le feidhm ilmhódach a chur ar fáil



Bóthar Dáileacháin ilmhódach nua an Tuaiscirt



Plean Bainistíochta Tráchta Chathair Luimnigh



Srianta HGV i gCathair Luimnigh



An M20

Bóthar
Chorcaigh-Luimnigh



An M21/N69

Bóthar
Fhainge-Luimnigh



An M7/N18

Seachbhóthar
Chathair Luimnigh



An N18/N19

Uasghrádú Acomhal
agus Nascacht
Feabhsaithe Bus chun
na Sionainne



Uasghrádú an Réimse Poiblí

do Chathair Luimnigh



Feabhsúcháin Coisithe

na nIonad Mórcheantair go léir

ITS & UTC

Córais Iompair Cliste agus
Feabhsúcháin ar Rialú
Tráchta Uirbigh



Is thart ar
€290m
Costas Measta
na Straitéise



Ba chóir go mbeidh líonraí sráide deartha chun cur an méid is fearr is féidir le nascacht idir cinn scríbe chun leibhéal níos airde tréscailteachta agus inléiteachta a chur chun cinn do gach úsáideoir, go háirithe cineálacha iompair atá níos inbhuanaithe.

An Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha

Ní mór go gcinnteofar sa chóras pleanála go ndéanfar cothabháil ar fheidhm straitéiseach thrácht na mBóithre Náisiúnta trí mhéid na forbartha a shrianadh a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le trácht ó thaobh thurais ghearra a ghiniúint ar Bhóithre Náisiúnta.

Pleanáil Spáis agus Bóithre Náisiúnta

Tá líonra bóithre agus sráideanna Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla san LSMA cheana féin atá dea-fhorbartha. Ní amháin go dtagraíonn an líonra bóithre don charrbhealach féin ach tagraíonn sé do bhonneagar mórbhealaí eile, lena n-áirítear droichid, Tollán na Sionainne, cosáin, bealaí rothaíochta, comharthaíocht, marcanna agus soilse trácht.

CUR CHUIGE EILE I LEITH TAISTEAL CARR-BHUNAITHE

Leanfaidh líonra bóithre an LSMA le líon suntasach daoine agus earraí a iompar.

Ag tógáil san áireamh na patrúin taistil atá san LSMA cheana féin, ní mór go mbainfidh aon soláthar ó thaobh acmhainn bóithre nua cothromaíocht amach idir cur ar chumas an LSMA a acmhainneacht fáis a bhaint amach agus a chinntiú ag an am céanna nach meallann aon acmhainn bhreise bóithre tuilleadh carranna príobháideacha nó nach ndéanfar cumasú ar aon phatrúin forbartha nach bhfuil cuí. Ní mó go bhfreastalóidh iompar poiblí, siúl agus rothaíochta go príomha ar réimsí fáis suntasacha amach anseo.

Ag teacht le cuspóir an NPF le Fás Dlúth a bhaint amach, ní mór don Straitéis iarracht a dhéanamh tosaíochtaí forbartha straitéiseacha a sheachadadh chun patrún lonnaithe atá níos dlúithe a dháileadh bunaithe ar chomhtháthú éifeachtach idir iompar agus úsáid talún a chinntiú. Cuirfidh sé seo cás inbhuanaithe, geilleagrach, timpeallachta agus sóisialta fadtéarmach ar fáil d'iompar poiblí iontaofa, do bhealaí siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán atá tréscailteach agus réimse poiblí ionchuimsitheach atá dirithe ar dhaoine.

CUSPÓIR RS1

Líonra Bóithre agus Sráideanna

Tá sé i gceist ag an NTA, ag an TII agus ag na húdaráis áitiúla:

- An bonneagar bóithre atá ann cheana féin a chothabháil, a bhainistiú agus a oibriú ar bhealach níos éifeachtúla;
- An líonra bóithre a bhainistiú le cur in éadan tréthracht i limistéir fhoirgnithe; agus
- Tosaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna comhforbartha áite líonra sráideanna uirbeacha ag teacht leis an ordlathas a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa DMURS.

Dá bhrí sin, ar phríomhprionsabal de chuid na Straitéise tá tosaíocht a thabhairt do sholáthar iompair phoiblí atá iontaofa agus éifeachtúil agus bealaí siúil agus rothaíochta feabhsaithe chun an gá le taisteal sa charr a laghdú. Beidh cinntí cuí maidir le húsáid talún leis an dá Údarás Áitiúil mar bhonn taca leis seo chun cur an méid is fearr is féidir le deiseanna do thaisteal inbhuanaithe.

Ag Tacú le Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Cruthaíonn nádúr scaipthe na forbartha agus suíomh príomhchinn scríbe a bhaineann le tithíocht laistigh den LSMA dúshlán suntasach ó thaobh laghdú a dhéanamh ar an ngá le taisteal sa charr príobháideach. Tacóidh líonra bóithre an LSMA le taisteal inbhuanaithe leis na dúshláin seo a sháru ar an mbealach seo a leanas:

- Déanfaidh cur i bhfeidhm Líonraí BusConnects agus Páirceáil agus Taisteal laghdú ar an éileamh ar Bhóithre Náisiúnta agus feabhsóidh nascacht réigiúnach, go háirithe dóibh siúd atá ag taisteal ó limistéir nach bhfuil ag fáil mórán seirbhíse ó iompar poiblí;
- Déanfar rochtain áitiúil chuig an líonra bóithre straitéiseacha a bhainistiú agus a shrianadh chun feidhm na mBóithre Náisiúnta a chosaint agus le cur in éadan trácht áitiúil mar gheall ar charranna ar aistir ghearra;
- Bearta bainistíochta maidir le héileamh a chur i bhfeidhm;
- Déanfar bóithre agus sráideanna uirbeacha a dhearadh le níos mó siúil agus rothaíochta a éascú; agus
- Cuirfidh líonra sráideanna laistigh de limistéir agus de chomharsanachtaí uirbeacha inmheánacha béim ar a bhfeidhm 'áite' agus cuirfidh le hoiriúnacht le maireachtáil iontu na limistéir seo.



CUSPÓIR RS2

Cuspóir RS2 Ag Tacú le Soghluaisteacht Inbhuanaithe

Tá sé i gceist ag an NTA, an TII agus ag na húdaráis áitiúla:

- Bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an líonra bóithre chun feidhm an líonra bóithre straitéiseach a chosaint agus úsáid carr príobháideach d'aistir ghearra a íoslaghdú;
- Spás bóithre i gCathair Luimnigh agus sa tSionainn a athdháileadh chun tosaíocht a thabhairt do shiúl, rothaíocht agus úsáid iompar poiblí; agus
- Tosaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna comhfhobartha áite an líonra sráideanna ag teacht leis an ordlathas a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa DMURS.

Ní mór a threisiú go dtiocfaidh athrú ar nádúr na mbóithre agus na sráideanna ag teacht le héilimh atá ag athrú de réir mar a bhítear ag taisteal trí chodanna difriúla den LSMA. Beidh gach bealach, mar shampla, ag díriú níos lú ar an gcarr i dtéarmaí a gcuid feidhmeanna, dearadh agus úsáide de réir mar a bhítear ag taisteal i dtreo na cathrach, nuair a bheidh an tábhacht a bhaineann leis an soláthar d'iompar poiblí, siúl agus rothaíocht ag dul i méid.

PRIONSABAIL MAIDIR LE BÓITHRE NUA A SHOLÁTHAR LAISTIGH DEN LSMA

Moltar líon teoranta tionscadail nua bóthar-bhunaithe san LSMATS atá ag teastáil chun gluaiseacht inbhuanaithe daoine, earraí agus seirbhísí a éascú agus le taisteal inbhuanaithe agus cuspóirí bainistíochta tráchta a chomhlánú.

Cuirfear na prionsabail seo a leanas i bhfeidhm maidir le bóithre nua san LSMA, ag teacht le hathruithe le déanaí i mbeartais náisiúnta iompair, aeráide agus talún;

- Déanfar na scéimeanna bóithre go léir a fhorbairt de réir cuspóir Fás Dúlúth an NPF agus Tosaíochtaí Infheistíochta an Rialtais atá san áireamh san NPF agus san NDP;
- Ní mór go gcinnteofar leis na Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla go bhfuil cothabháil a dhéanamh ar acmhainn agus ar fheidhm na mBóithre Náisiúnta do thrácht straitéiseach de réir cuspóir an NPR chun Inrochtaineacht Réigiúnacha a Fheabhsú. Atreorófar trácht áitiúil chuig bealaí cuí agus déanfar laghdú ar phointí rochtana isteach ar an Líonra Bóithre Náisiúnta;
- Seachas tograí Mótarbhealaigh nó luasbhealaigh, déanfar scéimeanna nua na mbóithre go léir a dhearadh chun socruithe sábháilteachta agus iomchuí a sholáthar chun siúl, rothaíocht agus soláthar iompar poiblí a éascú; agus
- Ní mór do scéimeanna nua na mbóithre a léiriú nach féidir leis na réitigh mhalartacha, ar nós soláthar iompar poiblí, bainistíocht tráchta nó bearta bainistíochta éilimh, aghaidh a thabhairt go héifeachtach agus go sásúil ar na himthosca faoi leith ba chúis leis an togra bóthair nó nach bhfuil siad infheidhmithe ná iomchuí.

Aithnítear sna codanna seo a leanas na feabhsúcháin bonneagair atá beartaithe don Líonra Bóithre Náisiúnta, Réigiúnach agus Áitiúil laistigh den LSMA, atá riachtanach leis an LSMATS a sheachadadh.

CUSPÓIR RS3

Prionsabail maidir le Bóithre Nua a Sholáthar

Tá sé i gceist ag an NTA, ag an TII agus ag na húdaráis Áitiúla:

- Go ndéanfar, faoi réir ag indéantacht agus próiseas measúnaithe comhshaoil, bóithre nua, sa chás go gcuirtear ar fáil iad, a fhorbairt de réir na bprionsabail agus na gcuspóirí a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa chaibidil seo.

Déanfar ailiniú agus cineál tograí na mbóithre Náisiúnta go léir a chinneadh ag teacht le Treoirilínte Meastóireachta ar Thionscadal (PAG) an TII agus treoir an DTTaS do mheastóireacht scéime, lena n-áirítear, Measúnú Roghanna Bealaigh agus Cás Gnó. Tá na tograí seo a leanas faoi réir chomhlíonadh Threorach an AE maidir le Gnáthóga agus/nó Éin.

AN LÍONRA BÓITHRE NÁISIÚNTA

Tá príomhról ag bóithre Náisiúnta na hÉireann laistigh den chóras iompair fhoriomlán agus d'fhorbairt gheilleagrách, sóisialta agus fisiciúil. Cuireann na bóithre náisiúnta nascacht straitéiseach ar fáil idir lárionaid daonra agus fostaíochta na tíre agus idir príomhthairseacha idirnáisiúnta ar nós calafoirt agus aerfoirt.

Direofar ar chothabháil a dhéanamh ar an infheistíocht atá déanta cheana féin, chun acmhainní na mBóithre Náisiúnta atá ann cheana féin a chosaint agus iad a choinneáil sábháilte agus oiriúnach don fheidhm trí chleachtais bhainistíochta cuí conairí a chur i bhfeidhm. Bainteach leis seo, tá an riachtanas laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar an gcarr do chuarthuais má tá laghdú le déanamh ar na leibhéil brú tráchta ar an N18, an M7 agus ar bhóithre Náisiúnta eile sa réigiún níos leithne.

Tugtar breac-chuntas sa mhéid seo a leanas ar na riachtanais maidir le pleanáil agus forbairt bóithre Náisiúnta laistigh den LSMA i gcomhthéacs tacú le cuspóirí iompair inbhuanaithe an LSMATS agus ailíniú iomlán leis na sainmhínithe agus na prionsabail atá leagtha amach i dTreoracha Pleanála Spásúla agus Bhóithre Náisiúnta d'Údaráis Phleanála an Rialtais:

- Tá sé mar phríomhfheidhm ag na Bóithre Náisiúnta freastal ar thrácht straitéiseach;
- Cuimsíonn trácht straitéiseach, i gcomhthéacs Bóithre Náisiúnta, trácht idir-uirbeach agus idir-réigiúnach go príomha, cibé HGV, carr, seirbhísí iompair phoiblí bus nó feithiclí seirbhíse poiblí eile a chuireann le forbairt shocheacnamaíoch, le hiompar earraí agus táirgí, go háirithe trácht chuig/ó príomhchalafoirt agus aerfoirt, a bhaineann le paisinéirí agus le lastas araon;
- Níor chóir feidhmeanna tánaisteacha áitiúla a spreagadh nó a phleanáil do nó ar bhóithre Náisiúnta san LSMA;
- Tabharfar tosaíocht ó thaobh críosaithe d'fhorbairt láithreáin athfhorbraíochta i limistéir a bhfuil iompar poiblí ag freastal orthu cheana féin nó a bhfuil iompar poiblí agus PTOD beartaithe;
- Is féidir cur suas le trácht feidhmeanna tánaisteacha áitiúla ar bhóithre Náisiúnta chomh fada is nach bhfuil tionchar acu ar an bhfeidhm phríomha, is ionann an fheidhm phríomha agus freastal ar thrácht straitéiseach; agus
- Má bhíonn tionchar ag na feidhmeanna tánaisteacha atá ann ar phríomhfheidhm na mbóithre Náisiúnta, ansin bainfear úsáid as bearta um bainistiú éilimh leis an tionchar sin a mhaolú.

CUSPÓIR RS4

Bóithre Náisiúnta

Tá sé i gceist ag an NTA, ag an TII agus ag na húdaráis áitiúla:

- Feidhm straitéiseach líonra na mbóithre Náisiúnta a choinneáil agus a chosaint;
- An próiseas meastóireachta a chríochnú agus Scéim Feabhsúcháin an N/M20 Corcaigh go Luimneach a sheachadadh;
- An brú tráchta ar líonra an N18/N19 ag an tSionainn le linn buaicuaireanta a laghdú; agus
- An N69/M21 Fainge go Bóthar Luimnigh (lena n-áirítear, Seachbhóthar Áth Dara) a thógáil go dtí caighdeán TEN-T.

Freastalóidh na bearta seo chun cur in éadan úsáid mhíchui an líonra bóithre Náisiúnta ag trácht áitiúil carranna, agus chuirfeadh sé le tarraingteacht na roghanna iompair phoiblí agus bheadh sé níos inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta d'infheistíocht a dhéanamh i bhfeabhsúcháin iompair phoiblí den sórt sin. Gan idirghabhálacha den sórt sin, beidh brú tráchta agus úsáid carr príobháideach á bhrath go leanúnach san LSMA a chuirfí i mbaol na hinfheistíochtaí substaintiúla a rinneadh cheana féin ar bhóithre náisiúnta lena mbaineann tábhacht straitéiseach.

An M7/an N18

Tá Seachbhóthar Cathair Luimnigh an M7/N18 rithábachtach don Straitéis mar go gcuireann sé nasc straitéiseach ar fáil idir an M7 Baile Átha Cliath, an N24 Port Láirge, an N/M20 Corcaigh, an N21 Trá Lí, an N69 Calafort Fhainge, an N18 Gaillimh agus an N19 Sionainn. Tá íocaíocht táille i gceist le húsáid a bhaint as Tollán na Sionainne a sholáthraíonn leibhéal bainistiú éilimh ar an M7/N18.

Feidhmíonn príomhlíne carrbhealaigh an M7/N18 laistigh dá acmhainn ar feadh an lae le linn buaicuaireanta, mar sin féin, tá brú trácht aitheanta ar acomhail ilairde leis an mbóthar seo, go háirithe: Timpeallán Mackey (Newport), Acomhal Bhéal Átha Siomoin agus Acomhal Bhóthar an Duga.

Tá sé tábhachtach don Straitéis go gcinntítear nach mbíonn tionchar ag an mbrú tráchta atá ag an acomhal áitiúil seo ar fheidhm straitéiseach bhóthar an M7/N18, agus déantar soláthar san LSMATS d'fheabhsúcháin acomhail ar an mbealach seo.

An N/M20 Corcaigh go Luimneach

Tá soláthar Bóithre/Mótarbhealaí Náisiúnta tiomanta le nascacht fheabhsaithe idir na dara agus tríú cathracha is mór in Éirinn ag teacht le Toradh Straitéiseach Náisiúnta 2 an NPF sé sin soláthar a dhéanamh d'Inrochtaineacht níos Fearr sna Réigiúin an NPF.


Aithnítear san NDP an M20 Corcaigh-Bóthar Luimnigh atá le seachadadh faoin mbliain 2027, faoi réir ag meastóireacht, pleanáil agus soláthar. Is cuid de Líonra Cuimsitheach an Ten-T a bheidh san N20 Corcaigh-Bóthar Luimnigh. Aithneofar an réiteach do chonair an N/M20 trí phróiseas meastóireachta Scéim Fheabhsúcháin an N/M20 Corcaigh-Bóthar Luimnigh agus trí chás gnó a fhorbairt don Scéim.

An N18/N19 an tSionainn

Cuireann an N18 nascacht ar fáil idir Luimneach agus Gaillimh, agus soláthraíonn an N19 nascacht idir an N18 agus Aerfort na Sionainne. D'fheidhmigh carrbhealaí an N18 agus an N19 laistigh dá n-acmhainne, mar sin féin, tá brú trácht aitheanta ar acomhail ilairde an N18/N19.

LÍONRA BÓITHRE AN LSMATS

Is léiriú iad na bealai agus an t-ailiniú go léir agus tá siad faoi réir ag athrú trí phróiseas breithmheasa na scéime reachtúil.



LEGEND - KEY INFORMATION

- | | | | | | |
|--|---------------------------|--|---------------------------|--|--------------------------------|
| | Motorway | | Junction Improvement | | HGV Restrictions |
| | National Roads | | Northern Distributor Road | | Re-Classified to Regional Road |
| | Northern Distributor Road | | Toll | | |
| | Other Roads | | | | |
| | New Roads | | | | |

Moltar líon tograí san L-SMATS a chuideoidh leis an mbrú tráchta seo a laghdú, lena n-áirítear fás dlúth i limistéar Lár an Bhaile sa tSionainn (a dhéanadh laghdú ar an ngá le taisteal chun na hoibre), líonra iompar poiblí a bhfuil feabhas suntasach curtha air ó Chathair Luimnigh agus ó na Bailte Mórcheantair agus tionscnaimh Taisteal níos Cliste a chur chun cinn leis an trácht a scaradh amach thar thréimhse níos faide ag laghdú an bhrú trácht ar an mbealach sin le linn buaicuaireanta. Moltar uasghrádú ar aomhail an N18/ N19 ábhartha le bearta a thabhairt san áireamh le bailiú tráchta ar rampaí a laghdú. D'fhéadfadh sé go n-áireodh siad seo ITS agus comharthaíocht tráchta cliste, mar sin féin, ní mór measúnú a dhéanamh ar na roghanna go léir. Tá ceithre phointe rochtana bóthair ón N19 atá ag dul ó thuaidh chuig limistéar Shionainne laistigh de spás de 3.5km. D'fhéadfadh sé seo deis a chur ar fáil le rochtain iompair phoiblí tiomanta amháin a sholáthar ón N18 ag dul ó thuaidh chun na Sionainne, ag cur úsáid iompar poiblí chun cinn agus ag cur feabhas ar achair aistir. Teastaíonn uasghrádú a dhéanamh ar an N19 atá ag freastal ar Aerfort na Sionainne.

An M21/N69 Fainge go Bóthar Luimnigh (lena n-áirítear Seachbhóthar Átha Dara)

Tá Bóthar Fhainge go Luimneach atá beartaithe 35km ar fhaid agus áirítear ann, seachbhóthar Átha Dara, déanfaidh sé Calafort Fhainge a nascadh leis an Líonra Mótarbhealaí siar ó dheas de Chathair Luimnigh ag Áit Tí Flainn ag Acomhal 5 ar an M20/ N21 in aice le Tobar Phádraig. Aithnítear feabhas a chur ar an nascacht bóthair chun Calafort na Sionainne agus Fhainge mar phríomhchumasóir fais san NPF agus san NDP. Breithnítear uasghrádú an bhóthair mar phríomhghné chun tacú le leathnú a chur ar Chalafort Fhainge a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith i mBeartas Calafóirt Náisiúnta an Rialtais agus san NPF.

Tá Fainge ainmnithe mar Chalafort Croiláir faoi rialacháin an AE (Gréasán tras-Eorpach Iompartha TEN-T). Éilíonn rialacháin an TEN-T nascacht bóthair ar ardchaighdeán ag cur feabhas ar an mbealach sin ar achair aistir agus ar shábháilteacht don lucht úsáide bóithre go léir. Cuideoidh an bóthar le fáil réidh le tréthracht (go háirithe HGV agus feithiclí lastais eile) ó shráidbhailte agus ó bhailte, lena n-áirítear, iad siúd atá lasmuigh den LSMA ag Áth Dara. Cuireadh iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí na Nollag 2019 agus tá an LSMATS ag tacú leis. Beidh athshannadh tráchta chuig an M20 idir Tobar Phádraig agus an M7 mar thoradh ar athailíniú beartaithe an N69 a nascadh leis an M20 agus an rangú a bhaint den N69 atá ann cheana go stádas bóthar Réigiúnach.

BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

Riachtanais

Tá ar an líonra Bóithre Réigiúnacha freastal ar an méid seo a leanas:

- Naisc ardchaighdeáin siúil agus rothaíochta a sholáthar;
- Rochtain agus tosaíochta a chur ar fáil do bhealaí iompair phoiblí; cuar agus gathach;
- Gluaiseacht tréthrachta trasna Cathair Luimnigh a shrianadh; agus
- Éascú a dhéanamh ar fáil réidh le trácht áitiúil ó líonra bóithre straitéiseacha.

CUSPÓIR RS5

Limerick Northern Distributor Road

- Deliver the LNDR, subject to appraisal and environmental assessment, in line with its functions and characteristics as set out in the LSMATS

Ar mhaithe leis na riachtanais sin a bhaint amach, ní mór de chuid (go garbh) de na bóithre seo spás a leithdháileadh go cothrom do shiúl, rothaíocht, iompar poiblí agus trácht carranna. Tugtar breac-chuntas sna codanna seo a leanas ar bhonneagar agus ar fheabhsúcháin bhreise bóithre réigiúnacha agus áitiúla don LSMA.

Bóthar Dáileacháin Thuaisceart Luimnigh

Is cuspóir beartais atá i mBóthar Dáileacháin Thuaisceart Luimnigh don dá Údarás Áitiúil, ar tugadh tacaíocht dó le gairid trína chur san áireamh mar Chumasóir Náisiúnta san RSES ar glacadh leis. Go stairiúil, aithníodh an gá atá leis an Scéim i Staidéar Talamhúsáide, Pleanála agus Iompair Luimnigh. Táthar i mbun tógála ar chéim 1 den LNDR ó Chnoc an Lisín go dtí Ó Cuanach i láthair na huaire. Meastar go bhfuil na feidhmeanna seo a leanas ag an LNDR:

- Tacú le bearta tosaíochta bus, rothaíochta agus coisithe sa Limistéar Mórcheantair trí fhreastal ar thurais i bhfeithiclí príobháideacha atá ag rochtain limistéir chónaithe agus ceann scríbe fostaíochta i gCathair Luimnigh, Ollscoil Luimnigh agus seirbhísí eile;
- Nasc díreach a sholáthar don charr príobháideach agus d'iompar poiblí ón tSionainn agus ó Ollscoil Luimnigh, an NTP agus an SDZ;
- Seirbhísí bus saincheaptha féideartha a chur ar fáil ó Ghaillimh go Baile Shionainne agus Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne go hOllscoil Luimnigh, SDZ agus an NTP;
- Pointe rochtana breise a sholáthar don trácht agus d'iompar poiblí féideartha ón M7 agus Ollscoil Luimnigh agus an NTP gan Bhóthar Bhaile Átha Cliath nó Bóthar Páirc Plassey a úsáid; agus
- Nasc ilmhódach a sholáthar chun freastal ar an éileamh ón gClár agus ó Ghaillimh go hOllscoil Luimnigh agus NTP.

Faoi réir ag torthaí meastóireachta, glactar leis go mbeidh na saintréithe seo a leanas aige:

- Luasteorainn de 60kph;
- Carrbhealach aonair le soláthar do charr sa dá threo;
- Soláthar do thosaíocht bus sa dá threo;
- Soláthar do choisithe agus do rothaithe sa dá threo;
- Soláthar iomlán do rothaithe agus do choisithe ag gach acomhal;
- Ag acomhail ilairde; agus
- Rochtain go Plassey, Ollscoil Luimnigh, an SDZ, an Corrbhaile, an Pairtín agus Maigh Rois
- Rochtain isteach ar an M7 ag J28;

I dtéarmaí beartas pleanála maidir le húsáid talún, cé gur bealach Réigiúnach a bheidh sa LNDR, caithfear leis ar an mbealach céanna is a chaithfí le Bóithre Náisiúnta agus beidh feidhm leis na Treoracha Pleanála Spásúla agus Bóithre Náisiúnta i gcás athruithe féideartha ar bheartas maidir le húsáid talún ar an gconair seo. Ní thacóidh feidhmiú an LSMATS, seachas an SDZ atá beartaithe sa Chlár Theas agus fás líon beag lonnaithe ag teacht le Croi-Straitéisí Contae agus leis an RSES, de réir prionsabail phleanála ceart agus forbairt inbhuanaithe, le haon fhorbairt shuntasach feadh an LNDR, agus cosnófar a chuid feidhmeanna straitéiseacha (mar atá leagtha amach thuas).

Bóthar Childers – Bóthar Golf Links

Tá riachtanas do nascbhóthar aitheanta ó Bhóthar Childers go dtí Bóthar na Golf Links trí Bhóthar Mhuileann na Fola agus Bóthar na Grúdan ar mhaithe le freastal ar na limistéir nua atá forbartha ar an láthair seo agus ar mhaithe le bealach breise iompair phoiblí a sholáthar ó lár na cathrach i dtreo Mhóin an Lin agus ar aghaidh i dtreo Áth an Choite.

Theastódh nasc nua bus amháin don bhealach iompair phoiblí seo ó Gharraí Eoin chomh fada le Bóthar Childers. Déanfar codanna don nasc seo a sheachadadh sa ghearrthéarma, faoi réir ag tuilleadh pleanála agus meastóireachta, agus cuirfear na codanna atá fanta (lena n-áirítear, nasc bus amháin) chun cinn sna céimeanna deiridh de straitéis.

Feabhsúcháin Acomhal

Tá sé beartaithe go gcuirfidh feabhsúcháin acomhal feabhas ar an sruth tráchta, go ndéanfaidh sé soláthar d'iompar poiblí agus, i roinnt cásanna, don timpeallacht coisithe. D'fhéadfadh sé go n-áireodh sé seo uasghrádú acomhail le Córas Iompair Cliste (ITS) nó le comharthaíocht tráchta cliste a thabhairt san áireamh.

Bainistíocht Tráchta Lár na Cathrach

Tá formhór Chathair Luimnigh faoi rialú ag carranna priobháideacha. Thar shaolré na Straitéise seo, beidh laghdú ar thaisteal sa charr go Lár na Cathrach. Tá an t-athrú seo ar fhócas mar go n-aithnítear an tionchar atá ag trácht carranna agus ag astaíochtaí carbóin ar chaighdeán saoil na ndaoine.

CUSPÓIR RS6

Bainistíocht Tráchta i gCathair Luimnigh agus sna hIonaid Mórcheantair

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Bainistíocht a dhéanamh ar an líonra bóithre le cur in éadan tréthracht i limistéir faoi fhoirgnimh;
- Tosaíocht a thabhairt d'fheidhmeanna comhfhobartha áite an líonra sráideanna uirbeacha ag teacht leis an ordlathas a bhfuil breac-chuntas tugtha ina leith sa DMURS;
- Tabhairt faoi fheabhsúcháin ar an réimse poiblí in ionaid bailte agus sráidbhailte Mórcheantair; agus
- Tosaíocht bus a sholáthar.

Déanfar athbhreithniú ar líonra sráideanna na Cathrach agus é mar aidhm tosaíocht a thabhairt do spás d'iompar poiblí, do sholáthar siúl agus rothaíochta agus é i gceist taithí níos mealltaí agus níos briomhaire a chruthú don lucht cónaithe agus do chuairteoirí agus feabhas a chur ar an gcaighdeán aeir agus torainn. Déanfar rochtain áitiúil a éascú i gcónaí le bealaí tiomána ainmnithe isteach sa Chathair agus carrchlóis eas-sráide. Tabharfar tosaíocht d'iompar poiblí ar líon bealaí i bhfoirm lánai bus, geataí bus atá srianta ó thaobh ama nó Comharthaíocht Bus Scaoil ar Aghaidh ag acomhail. Breithneofar tabhairt isteach táille maidir le brú tráchta chun dul isteach i Lár na Cathrach le linn saolré na Straitéise ag teacht le feabhsúcháin ar iompar poiblí chun tacú leis an tosaíocht seo.

Bailte Mórcheantair

Samhlaítear, thar shaolré na Straitéise, go mbeidh na feabhsúcháin ar an líonra bóithre laistigh de na bailte Mórcheantair comhdhéanta de chuid is mó d'fheabhsúcháin sráid-dreacha agus an réimse poiblí, a pléadh roimhe seo sa chaibidil ar 'Shiúl'. Go ginearálta beidh sé mar fhócas do na limistéir seo an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin atá á gcruthú ag oidhreacht na forbartha scaipthe agus ionaid a bhí leagtha amach go dona. Ní mór na cuspóirí do na limistéir seo a fhorbairt trí Phleananna Iompair Áitiúil (LTPs) aonair. Áirítear ar bhailte Mórcheantair sa Limistéar Staidéir:

- | | |
|----------------------------------|---------------------|
| ▪ Tobar Phádraig; | ▪ Cluain Lára; |
| ▪ Caisleán Uí Chonaill; | ▪ An Chreatalach; |
| ▪ An tSionainn; | ▪ Baile Uí Chanáin; |
| ▪ Ard na Croise; | ▪ Bun Raite; agus |
| ▪ Droichead Abhann Ó gCearnaigh; | ▪ An Phairtín. |



Go ginearálta ba cheart nach mbeadh aon riachtanas páirceála ag gabháil le forbairt nua i láir na gcúig chathrach nó in aice leo, agus go laghdófaí go mór an riachtanas i mbruachbhailte isteach na gcúig chathrach.

An Creat Náisiúnta Pleanála 2040

Tá nasc sean-bhunaithe idir fáil, soláthar agus praghas páirceála agus an mheallacht a bhaineann leis an gcarr príobháideach i gcomparáid le roghanna iompair inbhuanaithe. Ní mór dea-bhainistíocht páirceála a úsáid mar uirlis bhainistíochta éilimh chun cur in éadan turais sa charr príobháideach go háirithe do thurais ghearra ar fud an LSMA. Do thurais atá níos faide, cuirfear an bhéim ar chur in éadain tréthurais i limistéir uirbeacha trí shaoráidí Páirceála agus Taistil a sholáthar agus trí idirmhalartú iontaofa go soláthar siúil, rothaíochta agus iompar poiblí.

PÁIRCEÁIL AGUS TAISTEAL STRAITÉISEACH

Tá soláthar saoráidí páirceála ard-chumais i gceist le Páirceáil agus Taisteal (PnR) ag idirmhalartuithe iompair phoiblí ainmnithe ar na bóithre isteach chuig Cathair Luimnigh (agus chun na Sionainne). Tá Páirceáil agus Taisteal mar phríomchomhchuid den LSMATS agus is bealach é chun cur le limistéar freastail an líonra iompair dóibh siúd nach mbeadh rochtain acu, seachas sin, ar shiúl, rothaíocht nó iompar poiblí.

Is féidir leis saoráidí Páirceála agus Taistil na buntáistí seo a leanas a chur ar fáil don LSMA:

- Turais Chomaitéireacht a aistriú ón gcarr príobháideach go taisteal inbhuanaithe agus gníomhach;
- Turais Chomaitéireacht a aistriú ón gcarr príobháideach go taisteal inbhuanaithe agus gníomhach;
- Tacú le beogacht gheilleagrach trí fheabhas a chur ar inrochtaineacht fhoriomlán chuig Lár na Cathrach i Luimneach agus chuig príomhchinn scribe eile;
- Brú tráchta ar bhóithre ar bhealaí gathacha a laghdú;
- Cur le meallacht Lár na Cathrach do chuirteoirí agus do dhaoine atá ag siopadóireacht;
- Freastal ar easnamh san acmhainn páirceála ionaid uirbeacha agus laghdú páirceála ar an tsráid a éascú;
- Cur an méid is fearr is féidir le pátrúnacht iompar poiblí trí chur le limistéar an líonra iompair phoiblí atá éifeachtach; agus
- Feabhas a chur ar inrochtaineacht dóibh siúd atá ag maireachtáil i mbailte agus i sráidbhailte réigiúnacha agus i gceantair thuaithe.

I láthair na huaire, ní aon saoráidí Páirceála agus Taistil tiomanta, buan laistigh den LSMA. Tabharfar aghaidh ar an easnamh seo sa Straitéis. Beifear at súil go bhfreastalóidh Páirceáil agus Taisteal Straitéiseach ar idir 400-600 spás páirceála agus go mbeidh tacaíocht á fháil acu, i ngach cás, ó sheirbhísí bus iontaofa, ardmhinicíochta agus ó stáisiún iarnróid féideartha i mBaile Shíomoin.

Tá láithreacha tascacha do Pháirceáil agus Taisteal beartaithe ag:

- An M7: Timpeallán Newport;
- An M20/N21: An Ráithin;
- An N18: Bóthar na hInse; agus
- An N24: Baile Shíomoin (iarnród agus bus).

Tugann an méid thuas eolas maidir le láithreacha tascacha amháin agus tá siad faoi réir ag tuilleadh imscrúdaithe. I bhformhór na gcásanna, beidh Páirceáil agus Taisteal straitéiseach bainteach le seachadadh líonra BusConnects agus beidh gá le bearta tosaíochta bus a chur i bhfeidhm sula n-osclaítear an tsaoráid. Breithneofar Páirceáil agus Taisteal sa Chorrhbhaile agus feadh an N69 mar shaoráidí breise féideartha má tá éileamh ann.

Ní mór go mbeidh saoráidí Páirceála agus Taistil oscailte le linn uaireanta seachbhuaice chun tacú le páirceáil le linn imeachtaí ar nós spóirt agus féilte, agus ní mór go mbeidh soláthar seirbhísí bus agus cóiste áitiúla atá níos solúbtha ag cur bealach ar fáil chuig imeachtaí. Aithneofar deis chun cur lena n-acmhainneacht trí Phleananna Taistil Áiteanna Oibre, Pleananna Taistil Scoile agus Pleananna Inrochtaineachta agus Soghluaisteachta d'fhorbairt chónaithe nua.

Beifear ag súil go gcuirfidh na saoráidí Páirceála agus Taistil/Iarnróid go léir seirbhísí tánaisteacha ar fáil, lena n-áirítear:

- Eolas Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI);
- Láithreacha feithimh atá foscúil; agus
- Pointí Luchtaithe d'Fheithiclí Leictreacha (EVCP'nna).

Saoráidí tiomanta mol rothaíochta do pháirceáil fadthartha rothair.

Breithneofar soláthar EVCP'nna chun dul in oiriúint do luasanna luchtaithe difriúla chun aistriú chuig feithicil ar astaíochtaí ísle agus do rothair leictreacha, i ndearadh agus i bhforbairt gach ceann de na saoráidí. Tá sé i gceist go mbeidh saoráidí Páirceála agus Taistil inrochtana trí shiúl, rothaíocht agus trí iompar poiblí chun a chinntiú gur féidir turais ar aghaidh a dhéanamh agus úsáid á bhaint as iompar inbhuanaithe.

Idirmhalartuithe

Cuirfidh Páirceáil agus Taisteal deiseanna idirmhalartuithe ar fáil idir mhodhanna agus leathnóidh an limistéar do sheirbhísí iompair phoiblí, ag feabhsú inrochtaineacht chuig príomhchinn scríbe ar an mbealach sin. Neartóidh nascacht inbhuanaithe agus deiseanna idirmhalartuithe ón Limistéar Mórcheantair chuig an réigiún níos leithne an ghaolmhaireacht fheidhmiúil idir na limistéir seo. Baineann sé seo go háirithe le limistéir thuaithe nó le limistéir ar dhlús íseal áit nach mbeadh sé indéanta seirbhísí iompair phoiblí ardmhinicíochta a sholáthar.

Páirceáil agus Taisteal a Chur i bhFeidhm

Beidh laghdú céimnithe in éineacht le feidhmiú céimnithe Páirceála agus Taistil maidir le fáil a bheith ar pháirceáil ar an tsráid agus seachadadh BusConnects Luimnigh agus bearta tosaíochta bus.

Le hinmharthanacht fhadtéarmach Páirceála agus Taistil a chinntiú, moltar go lorgódh an dá Údarás Áitiúil:

- Spásanna lena gcur in áirithe do lucht forbartha, mar shampla, óstáin, bloic oifigí, saoráidí oideachais agus limistéir chónaithe nua sa chathair agus sa bhaile mórcheantair ag an gcéim is luaithe den phróiseas iarratais phleanála; agus
- Struchtúir chuimsitheacha bainistíochta páirceála ar an tsráid a fhorfheidhmiú go tréan i limistéir chónaithe lasmuigh de na criosanna páirceála rialaithe le bac a chur ar pháirceáil a bheith ag sceitheadh isteach go limistéir chomharsanachta.

CUSPÓIR PK1

Páirceáil agus Taisteal Straitéiseach

Líonra straitéiseach saoráidí Páirceála agus Taistil a chur i bhfeidhm, ar a bhfreastalaíonn seirbhísí bus ardmhinicíochta agus líonraí siúil agus rothaíochta.

Cuideoidh na bearta seo le rathúlacht Páirceála agus Taistil agus rachaidh sé chun leasa don lucht forbartha agus do na hÚdaráis Áitiúla araon. Tabharfaidh siad an deis do na hÚdaráis Áitiúla cleachtais páirceála eas-sráide atá níos déine a fheidhmiú ina gcuid Pleananna Forbartha, Pleananna Limistéir Áitiúil agus i mbeartais eile faoi seach. Déanfaidh siad laghdú suntasach ar thógáil talún agus ar chostas forbartha páirceála eas-sráide aonair. Ullmhófar Straitéis Páirceála agus Taistil don LSMA mar a mholtar sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide.

MOIL SOGHLUAISTEACHTA

Tá an coincheap maidir le Moil Soghluaisteachta réasúnta nua i gcathracha Eorpacha ach tá sé ag baint greim amach i limistéir nua athnuachana atá pleanáilte thart ar chórais iompair phoiblí (forbairt atá dírithe ar iompar poiblí).

Is bealach iad na Moil Soghluaisteachta chun tacú le haistriú a dhéanamh óna bealaí stairiúla agus samhail páirceála nua a chur ar fáil a éascaíonn laghdú i gcaighdeán páirceála cairr ar láithreáin athnuachana trí chórais Soghluaisteachta ar Éileamh (MaaS) agus taisteal gníomhach.

I gcomhthéacs an LSMA, déanfar moil ghluaisteachta a spreagadh i gceantair athnuachana nó i limistéir lárnacha áit a mbíonn tithíocht ard-dlús atá íseal ó thaobh carranna pleanáilte, ar nós tailte LDA Stáisiúin Cholbaird chun cur leis an sprioc den sciar iompair inbhuanaithe agus laghdú a dhéanamh ar an spleáchas ar an gcarr príobháideach, go háirithe do thurais ghearra.

Tá feidhmiú moil soghluaisteachta ag teacht leis an NPF agus le hAlt 28 de na Treoirínte ar Thithíocht Uirbeach Inbhuanaithe ina lorgaítear íoslaghdú nó laghdú iomlán ar pháirceáil carranna i gceantair lárnacha nó sna ceantair siúd a bhfuil freastal maith acu ó thaobh iompar poiblí.

Saintréithe Moil Soghluaisteachta:

- Limistéir páirceála comhdhlúite do charranna a fhreastalaíonn den chuid is mó ar úsáid chónaithe fadthartha;
- Pointe fócasach a sholáthar sa líonra iompair a chomhtháthaíonn modhanna difriúla gan stró chur cur an méid is fearr is féidir le nascacht ó thús go deireadh le hiompar poiblí ardmhinicíochta agus líonraí siúil agus rothaíochta ar ardchaighdeán;
- Tacú le córais Soghluaisteachta ar Éileamh (MaaS), lena n-áirítear, roinnt carranna, clubanna carranna, córais rothair a roinnt, rothair lastais agus Pointí Luchtaithe d'Fheithicil Leictreacha (EVCP'nna);

- Áiteanna diansaothraithe a chuireann go dearfach le beogacht a dtimpeallacht trí limistéar páirceála a chur leis na hárasáin, saoráidí ar an díon ar nós áiteanna súgartha agus úsáidí gníomhacha ar urlár na talún ar nós saoráidí siopadóireachta áitiúla agus bialanna; agus
- Ionaid fhágála/pioc suas agus seirbhísí concierge le gluaiseacht feithiclí seachadta a íoslaghdú.

CUSPÓIR PK2

Moil Soghluaisteachta

Féidearthacht moil soghluaisteachta a chinneadh chun tacú le Forbairt atá Dirithe ar Iompar Poiblí agus láithreáin athnuachana ar bheagán carranna.

BAINISTIÚ PÁIRCEÁLA

Mar a tugadh ar aird thuas, cinntíonn fáil ar pháirceáil agus an praghas a ghabhann le páirceáil an tarraingteacht a bhaineann leis an gcarr príobháideach i gcomparáid le roghanna iompartha inbhuanaithe agus dá bhrí sin is uirlis bhainistíochta éilimh éifeachtach í. Déantar iarracht fáil agus praghas páirceála a rialú trí bhainistíocht éifeachtach.

Tá forfheidhmiú páirceála rithábhachtach freisin lena chinntiú nach mbíonn cosáin, lánaí bus agus lánaí rothar sáinnithe ag carranna atá páirceáilte mar go bhféadfadh siad sin a bheith mar bhaic ar ghluaiseacht coisithe agus rothaithe, go háirithe iad siúd atá faoi mhíchumas.

Páirceáil d'Fhorbairt Nua

Leagtar síos cuspóirí sna NPF nár chóir go mbeadh aon riachtanas páirceála ag gabháil le forbairt nua i lár na gcúig chathrach nó in aice leo, agus go laghdófaí go mór an riachtanas i mbruachbhailte isteach na gcúig chathrach.

Luaitear san NPF freisin gur cheart go dtiocfadh critéir bunaithe ar fheidhmíocht in áit na gcaighdeán uilíoch do pháirceáil carranna.

Tá feidhmiú forbairt atá íseal ó thaobh carranna agus forbairt atá saor ó charranna mar uirlis atá ag fáil níos coitianta chun forbairt ar dhlús níos airde a éascú agus tosaíocht a thabhairt d'fhorbairt inbhuanaithe.

Cuirtear srianta go minic ar áititheoirí forbairtí nua ó thaobh iarratas a dhéanamh ar cheadúnais pháirceála ar an tsráid leis an strus a bhaineann le páirceáil go háitiúil a mhaolú. Cuirfear roghanna eile in áit carr príobháideach ar fáil, lena n-áirítear, bána do chlubanna carranna, cártaí d'iompar poiblí agus leathnú scéimeanna rothair ar cíós.

Áirítear ar threoirphrionsabail do pháirceáil i bhforbairtí nua don LSMA:

- Ní mór go bhfeidhmeoidh an dá Údarás Áitiúil uaschaighdeáin páirceála agus ní mór iad a thabhairt cothrom le dáta sna Pleananna Forbartha atá le foilsiú de réir mar is gá;
- Déanfar an ró-sholáthar sealadach do pháirceáil carranna le linn luathchéimeanna na forbartha a shrianadh. Bainfear úsáid as moil soghluaisteachta chun soláthar a dhéanamh d'fheidhmiú céimnithe do pháirceáil i bhforbairtí nua i roinnt imthosca;
- Ní mór fostóirí a spreagadh chun teorainn a chuir ar fáil a bheith ar pháirceáil saor in aisce nó fáil réidh ar fad leis;
- Úsáid talamh cónaithe ar ard-dlús agus úsáidí a chruthaíonn go leor turais a threorú, lena n-áirítear, fostaíocht, oideachas agus miondiól chuig limistéar a bhfuil seirbhísí iompair ardmhinicíochta ag freastal orthu nó a mbeidh, agus

- Caighdeáin saor ó charranna nó íseal ó thaobh an líon carranna a leagan amach i limistéir forbartha laistigh de 800m siúil do Lár na Cathrach i Luimneach agus/nó d'iompar poiblí ar ardchaighdeán.

CUSPÓIR PK3

Bainistiú Páirceála

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla páirceáil a bhainistiú níos fearr ar na bealaí seo a leanas:

- Uaschaighdeáin páirceála a chur i bhfeidhm do na forbairtí nua go léir;
- Forbairt atá saor ó charranna nó ar bheagán úsáide ó thaobh carranna a lorg i limistéir lárnacha agus inrochtana;
- Cuspóir eile a thabhairt do limistéir pháirceála chun tacú le tosaíocht bus, lánaí rothar, leathnú cosáin, crainn agus gnéithe do chomhforbairt áite ar an tsráid;
- Tacú le laghdú de réir a chéile ar pháirceáil sráide fadfhanachta in ionaid uirbeacha;
- Tacú le hathfhorbairt páirceáil eas-sráide ar mhaithe le húsáidí níos fearr, lena n-áirítear, úsáidí cónaithe agus fostaíochta; agus
- Scrúdú a dhéanamh ar an gcás do Thobhach Páirceála Áit Oibre agus táillí seachadta ar earraí a cheannaítear ar an idirlíon agus ar ionaid siopadóireachta atá taobh amuigh den bhaile.

Páirceáil ar an tsráid

Tá éilimh shuntasacha agus éilimh iomaíocha go minic ar spásanna cois bóthair i Lár an Bhaile, sa tSionainn agus i lár na mbailte Mórcheantair eile. Áirítear anseo agus níl teoranta do:

- Páirceáil fhadtéarmach agus gearrthéarmach;
- Saoráidí luchtaithe agus díluchtaithe;
- Tosaíocht bus chun bearta bordála a éascú;
- Staid tacsaithe;
- An fonn cur le leithead an chosáin agus bonneagar tiomanta rothar;
- Bearta bainistíochta tuilte; agus
- Páircíní, crainn agus troscán sráide.

Chun idirghabháil a dhéanamh san éileamh seo, beidh laghdú de réir a chéile sna leibhéil pháirceála sráide thar shaolré na Straitéise riachtanach.

Oibríonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh déchóras íocaíochta páirceála sráide a chuimsíonn díoscaí páirceála aon uaire agus córas íocaíochta ríomhpháirceála. Tá páirceáil sráide i gCathair Luimnigh ar an gceann is saoire sa tír. Déanfar struchtúir fáil agus praghsála do pháirceáil sráide laistigh den LSMATS a athbhreithniú ag súil le bogadh i dtreo córas níos cliste a éascaíonn láimhdeachas tapa spásanna a éascaíonn feidhmeanna geilleagracha lár an bhaile agus soláthar Pointí Luchtaithe Feithiclí Leictreacha (ECVP'nna).

Is iad na cuspóirí atá i gceist do limistéir chónaithe cur in éadan páirceáil chomaitéirí a chuireann le strus ó thaobh páirceála agus cleachtais pháirceála nach bhfuil sábháilte díreach taobh amuigh de chriosanna íoctha, agus spás cois bóthair a chur ar fáil trí roghanna eile a cur ar fáil in áit úinéireacht ar charr príobháideach.

Tá an cur chuige atá beartaithe i leith páirceáil sráide mar a leanas:

- Tabhairt faoi athbhreithnithe cuimsitheacha rollacha maidir le fáil ar spás cois bóthair i lár na mbailte le tuiscint a fháil ar an mbealach a bhfuil an spás á úsáid agus measúnú a dhéanamh i gcoinne riachtanais faoi láthair agus amach anseo, lena n-áirítear feidhmiú BusConnects;
- Úsáid a bhaint as córais phraghsála páirceála cliste atá bunaithe ar fheidhmíocht lena chinntiú go bhfuil na spásanna á n-úsáid go héifeachtúil ach go bhfuil siad ar fáil go héasca do chuspóirí neamhchomaitéireachta, lena n-áirítear, lucht siopadóireachta. Ní mór praghsáil a shocrú le uas-sprioc áitiúchá 85% a bhaint amach chun brú tráchta agus astaíochtaí a laghdú;
- Síneadh a chur le clúdach rialuithe criosanna páirceála ar fud LSMA chun spásanna a choinneáil slán don lucht cónaithe, chun dul i ngleic le páirceáil neamhdhleathach agus cur in éadan páirceáil chomaitéireachta agus cineálacha eile páirceála fadfhanachta.
- Arduithe de réir a chéile ar phraghas ceadúnais a bhreithniú, go háirithe i limistéir ina bhfuil roghanna páirceála eas-sráide ar fáil go héasca; agus
- Roghanna eile a chur ar fáil seachas úinéireacht ar charr príobháideach, lena n-áirítear, níos mó spás sráide a chur ar fáil do chlubanna carranna do chórais roinnte rothar agus do bhearta cosúil leo.

Páirceáil Eas-Sráide


Tá sé mar phríomhchuspóir le bearta páirceála eas-sráide spás cois bóthar laistigh d'ionaid uirbeacha a shaoradh agus tacú le córas iompair phoiblí atá inmharthana.

Beidh comhordú ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta i gceist leis an gcur chuige atá beartaithe agus áirítear an méid seo a leanas ann:

- Líonra saoráidí Páirceála agus Taistil straitéiseacha fadfhanachta ar ard-chumas a chur i bhfeidhm lasmuigh de na príomhbhóithre isteach sa chathair, atá ag fáil seirbhíse ó sheirbhísí bus ardmhinicíochta, líonraí siúil agus rothaíochta;
- An cás do Mhoil Ghluaisteachta i limistéir athnuachana a bhfuil sé beartaithe go bhfreastalóidh líonraí iompair phoiblí, siúil agus rothaíocht orthu, a scrúdú;
- Muirir pháirceála a thabhairt isteach ag ionaid mhiondiola lasmuigh den bhaile chun brú tráchta áitiúil a bhaineann leis na forbairtí seo a laghdú;
- An cás do Thobhach Páirceála Áit Oibre (WPL) mar atá an cás i Nottingham a scrúdú, le brú tráchta a laghdú agus le maoiniú a chur i leataobh do sholáthar iompair inbhuanaithe;
- Tacú le laghdú céimnithe, fadtéarmach páirceála trí úsáid a bhaint as Pleananna Bainistíochta Soghluaisteachta spriocdhírithe atá éigeantach d'fhorbairtí nua agus do phleanáil taistil limistéar-bhunaithe do bhraislí áiteanna oideachais agus fostaíochta atá ann cheana féin; agus
- Tabhairt faoi athbhreithniú ar pháirceáil i mBaile Shionainne le súil le Straitéis Bhainistíochta Páirceála a fhorbairt.

LÁITHREACHA TÁSCACHA MAIDIR LE PÁIRCEÁIL AGUS TAISTEAL AN LSMATS

Is léiriú iad na bealaí agus an t-ailiniú go léir agus tá siad faoi réir ag athrú trí phróiseas breithmheasa na scéime reachtúil.





LASTAS, SEACHADADH AGUS SEIRBHÍS

Socróimid sprioc atá dírithe ar thionchar comhshaoil lastais a laghdú agus éifeachtúlacht i ngluaiseacht earraí a fheabhsú ag an am céanna agus iomaíochas geilleagrach a chur chun cinn.

Taisteal níos Cliste: Beartais Nua Iompair d'Éirinn 2009-2020

Chun freastal ar mheastacháin fáis an NPF, beidh níos mó gluaiseachta i gceist le lastas mar thoradh ar thógáil tithe nua, oifigí agus scoileanna. Beidh leibhéal níos airde seachadta agus gníomhaíocht seirbhíse agus bainistíochta dramhaiola ann freisin. Cé go gcuirfear dúshláin i láthair i dtéarmaí sábháilteachta, brú tráchta, truailliú aeir agus torainn, braisliú gníomhaíochtaí - a bheidh ceangailte le feabhsúcháin ar bhonneagar straitéiseach iompair - cuirfear féidearthacht cur chuige nuálach i láthair freisin chun an tionchar ó ghníomhaíocht lastais a mhaolú.

Tacaítear sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus san RSES leis an ngá le Straitéis Réigiúnach Lastais a fhorbairt chun luas a chur faoi dhíchárbónú na hearnála lastais; teicneolaíochtaí níos cliste a chomhtháthú i mbainistiú lóistíochta agus an ról tábhachtach atá ag an líonra straitéiseach iarnróid agus bóithre (lena n-áirítear TEN-T) i ngluaiseacht éifeachtúil lastais a threisiú. Tacaíonn an LSMATS le forbairt na Straitéise seo mar aitheantas ar an ngá le dhíchárbónú a dhéanamh ar lastas agus nádúr idir-réigiúnach gluaiseachtaí lastais, go háirithe mar thoradh ar ghníomhaíocht méadaithe chuig agus ó Chalafort Fhainge agus Aerfort na Sionainne chomh maith leis an ardú ar fhorbairt ar fud an LSMA. Tá sé mar phríomhchuspóir san NPF agus sa RSES rochtain a fheabhsú chuig Calafort Fhainge agus na Sionainne agus Aerfort na Sionainne.

FEITHICLÍ EARRAÍ TROMA (HGV'NNA)

Tá ról rithábachtach ag na HGV'nna in earraí a bhogadh ar fud an LSMA agus ar fud na tíre. Is féidir le gluaiseacht HGV'nna tionchar suntasach a bheith acu ar oibríochtaí tráchta, truailliú torainn agus aeir agus shábháilteacht úsáideoirí eile bóithre, go háirithe laistigh de thimpeallachtaí uirbeacha.

Níl an limistéar láir i gCathair Luimnigh oiriúnach do thrácht earraí troma agus ba chóir iad a shrianadh d'fheithiclí ar mhéid oiriúnach a bhfuil ceann scríbe acu sa limistéar láir. Moltar san LSMATS tuilleadh breithnithe a dhéanamh ar ghluaiseacht HGV laistigh den limistéar atá thart ar an N18, an M7 agus an LNDR atá beartaithe.

De réir Staidéar HGV Luimnigh 2015, chuirfeadh cosc a chur ar HGV'nna ó Lár na Cathrach óna 07:00 go 19:00 le timpeallacht sábháilte agus cairdiúil a chruthú do rothaithe agus do choisithe trí spás sráide a fháil ar ais agus coimhlint idir na modhanna taistil a laghdú. Cuideoidh feidhmiú 'bealaí leoraí' ainmnithe ar Bhóithre Náisiúnta ag amanna ainmnithe freisin le tréthracht a laghdú agus moill agus coimhlint le modhanna taistil eile a mhaolú.

Sa bhreis air sin, chuideodh rialú a dhéanamh ar amanna seachadta trína dteorannú go tréimhse seachbhuaice le brú tráchta áitiúil a fhritháireamh. D'fhéadfadh buntáistí breise a bheith ag gabháil leis seo freisin d'oibritheoirí lastais i dtéarmaí laghdú a dhéanamh ar amanna taistil agus ar chostais oibríochta.

CUSPÓIR FDS1

Srianta maidir le HGV

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Bealaí atá sonracha do leoraithe agus/nó srianta ama a aithint, le gluaiseachtaí HGV'nna buaic-ama trí Chathair Luimnigh agus comharsanachtaí a laghdú.

Áirítear ar mholtaí bainistíochta HGV:

- Srianta HGV a chur i bhfeidhm sa limistéar atá thart ar an N18/M7 agus an LNDR. Ba chóir bealach feidhmithe, forfheidhmithe, bealaí rochtana agus méid na scéime a cinneadh ag céim níos deireanaí idir an TII, an NTA, páirtithe leasmhara ón tionscal lastais agus na húdaráis Áitiúla; agus
- Pleanáil bainistíochta soghluaisteachta ag príomhláithreacha lastais ar nós Calafort Fhainge agus Aerfort na Sionainne.

LÁRIONAID THÓGÁLA AGUS LÓISTÍOCHTA (CLC,NNA)

Tá ionaid tógála agus lóistíochta comhroinnte (CLC'nna) mar threocht i gcathracha Eorpacha le gairid ina bhfuil sé réamh-mheasta go dtiocfaidh ardú suntasach ar an daonra agus ar ghníomhaíocht tógála sna blianta atá amach romhainn.

De ghnáth, bíonn CLC'nna socraithe suas in aice le limistéir forbartha straitéise ar shuíomhanna atá in aice le líonra bóithre straitéiseacha le hachar taistil d'ábhair thógála a íoslaghdú. Go minic, éilítear ar lucht forbartha clárú le CLC'nna mar chuid den phróiseas bainistíochta forbartha.



Déantar turais chuig agus ó shuíomhanna tógála a íoslaghdú mar go gcoinnítear siar HGV'nna le háitíocht 80% go mbíonn siad líonta go hiomlán agus déantar turais chuig suíomhanna tógála a rialú trí chóras áirithinte a úsáid. Féachann sé, nuair a thógtar leibhéil na forbartha atá sannta do limistéir ainmnithe ar fud an LSMA go bhfuil údar maith leis an riachtanas le líon CLC'nna a fháil.

CUSPÓIR FDS₂

Bainistiú Lastais Áitiúil

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla;

- Scrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht ionaid comhdhlúite agus saoráidí briste builc lasmuigh de líonra na mBóithre Náisiúnta sa mheántéarma, le héascú a dhéanamh ar fheithiclí níos lú atá ag seachadadh earraí chuig Lár na Cathrach i Luimneach.

LASTAS IARNRÓID-BHUNAITHE

Tá an líne lastais idir Luimneach agus Calafort Fhainge neamhghníomhach ón mbliain 2001. Moltar san RSES imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht Acomhal Luimnigh a ainmniú mar mhol lóistíochta réigiúnach.

Tacaíonn an LSMATS le himscrúdú breise ar fhéidearthacht lasta iarnróid. Moltar breithniú breise ar lastais iarnróid idir Calafort Sraith 1 Corcaigh agus Fainge agus Calafort Sraith 2 Ros Láir thar shaoil na Straitéise.



CUSPÓIR FDS3

Lastas Iarnróid

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla, i gcomhar le hIarnród Éireann agus Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge:

- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le lasta iarnróid ó Chalaafort Fhainge go Luimneach agus níos faide ar aghaidh thar shaolré na Straitéise.

STRAITÉIS LASTAIS

Moltar sa Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide agus san RSES araon forbairt a dhéanamh ar Straitéis Réigiúnach Lastais chun luas a chur faoi dhicharbónú na hearnála lastais; teicneolaíochtaí níos cliste a chomhtháthú i mbainistiú lóistíochta agus an ról tábhachtach atá ag an líonra straitéiseach iarnróid agus bóithre (lena n-áirítear TEN-T) i ngluaiseacht éifeachtúil lastais a threisiú. Tacaíonn an LSMATS le forbairt na Straitéise seo mar aitheantas ar an ngá le dicharbónú a dhéanamh ar lastas agus nádúr idir-réigiúnach gluaiseachtaí HGV'nna, go háirithe mar thoradh ar ghníomhaíocht méadaithe chuig agus ó Chalaafort Fhainge, Aerfort na Sionainne agus limistéir thionsclaíochta chomh maith leis an ardú ar fhorbairt ar fud an LSMA.

CUSPÓIR FDS4

Straitéis Réigiúnach Lastais

Tá sé i gceist ag an NTA, ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus ag na húdaráis áitiúla:

- Tacú le forbairt Straitéis Réigiúnach Lastais a fhorbairt chun luas a chur faoi dhicharbónú na hearnála lastais, teicneolaíochtaí níos cliste a chomhtháthú i mbainistiú lóistíochta agus an ról tábhachtach atá ag an líonra straitéiseach iarnróid agus bóithre i ngluaiseacht éifeachtúil lastais

STRAITÉIS MAIDIR LE SEACHADADH AGUS LE SEIRBHÍS

Tá líon limistéir shuntasacha athnuachana agus fostaíochta i Luimneach a mbeidh ardú ar riachtanais seachadta agus seirbhíse i gceist leo. Tiocfaidh fás as cuimse ar sheachadadh pearsanta agus ar sheirbhísí bainistíochta dramhaíola freisin de réir mar a thagann níos mó daoine chun cónaithe san LSMA. Áirítear ar chuspóirí le bainistiú a dhéanamh ar an ardú seo ar sheachadadh ar sheirbhísí:

- Scrúdú a dhéanamh ar an gcás d'ionaid uirbeacha nó ionaid micrea-comhdhlúthaithe laistigh de Chathair Luimnigh le laghdú a dhéanamh ar líon turas an mhíle deiridh atá á ndéanamh ag mótarfeithiclí, m.sh. scrúdú a dhéanamh ar an gcás do rothair lastais nó do veaineanna beaga leictreacha a dhéanfadh earraí a sheachadadh chuig bialanna agus siopaí;
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht seachadadh agus seirbhís a dhéanamh lasmuigh de ghnáthuaireanta trí úsáid a bhaint as Feithiclí Leictreacha (EV'nna) íseal-thorainn agus athruithe a chur ar choinníollacha pleanála sa chás gur cuí;
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht feithiclí beag agus feithiclí gan inneall a úsáid le hearraí agus seirbhísí a sheachadadh le truailliú aeir agus torainn a laghdú agus le níos mó spáis sráide a thabhairt do choisithe agus do rothaithe;

- Gan a theacht ar ais folamh, trí shampla a thógáil ó chóras seachadta cathrach Utrecht Cargohopper agus Gothenburg's Stadleveransen; agus
- Tacú le suiteáil saoráidí áitiúla 'Clíceáil agus Bailigh' ag stáisiúin iarnróid, forbairtí cónaithe nua agus saoráidí Páirceála agus Taistil, leis an méid ábhar a dhéantar a sheachadadh go pearsanta go háiteanna oibre agus do thithe cónaithe agus nach mbionn an faighteoir le fáil go minic, a laghdú.

CUSPÓIR FDS5

Straitéis maidir le Seachadadh agus le Seirbhís

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Laghdú a dhéanamh ar líon 'turas an mhíle deiridh' atá á ndéanamh ag feithiclí le hinneall;
- Aistriú chuig feithiclí seachadta saor ó astaíochtaí a éascú ar nós rothair lastais, feithiclí leictreacha grianchumhachtaithe; agus
- Tacú le suiteáil saoráidí áitiúla 'Clíceáil agus Bailigh' chun turais chuig tithe aonair agus áiteanna oibre a íoslaghdú.





13 BEARTA TACAÍOCHTA

Cuimsíonn cur chuige comhtháite gnéithe maidir le dearadh uirbeach agus le tirdhreachú a chuireann athrú go nádúrtha ar iompar, a laghdaíonn, ar an mbealach sin, an gá le bearta níos traidisiúnta (ar nós bacainní fisiciúla agus leagan amach bóithre) astu féin chun iompar a bhainistiú

Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha, 2019

Soláthrófar san LSMATS córas iompair atá feabhsaithe go suntasach a thacaíonn le fás san LSMA amach anseo, a chuireann taisteal níos inbhuanaithe chun cinn, a laghdaíonn an spleáchas ar an gcarr príobháideach agus a chuireann le laghdú a dhéanamh ar thionchar iompair ar athrú aeráide.

Is é atá mar ról ag na bearta tacaíochta comhlánú a dhéanamh ar aon infheistíocht bonneagair. Ní féidir buntáistí iomlána na hinfeistíochta mór le rá a dhéanfar a sheachadadh faoin LSMATS a bhaint amach trí sholáthar bonneagair agus sin amháin agus ní mór é a bheith curtha in éineacht le feidhmiú beartais a thacaíonn leis an úsáid is fearr is féidir a bhaint as an mbonneagar sin.

Beidh bearta tacaíochta an LSMATS rithábachtach chun timpeallachtaí fisiciúla, sóisialta agus cultúrtha a chruthú, áit a mbíonn siúl, rothaíocht agus iompar poiblí tarraingteach, praiticiúil agus mar roghanna loighciúla don charr príobháideach.

PLEANANNA IOMPAIR ÁITIÚIL (LTP'NNA)

Ní mór do na hÚdaráis Áitiúla iarracht a dhéanamh torthaí agus cuspóirí uileghabhálacha an LSMATS a aistriú trí úsáid a bhaint iompar Áitiúil atá sonrach don limistéar ag leibhéal cathrach nó ag leibhéal lár an bhaile sa Mhórcheantar. Ní mór do na Pleananna seo spriocanna uailmhianacha a leagan síos a chumasaíonn athrú suntasach i sciar modha atá gníomhach agus inbhuanaithe agus laghdú a dhéanamh ar thurais i gcarranna príobháideacha sa mheántearma go fadtéarma.

Ní mór Pleananna Taistil d'imeachtaí a bhreithniú freisin d'imeachtaí móra a ghineann go leor turais ar nós laethanta cluichí agus ceolchoirmeacha, srl., le haon tionchair dhiúltacha ar an limistéar mórthimpeall agus ar an líonra bóithre a mhaolú.

CUSPÓIR SM1

Pleananna Iompair Áitiúla

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Pleananna Iompair Áitiúla a fhorbairt leis an LSMATS a aistriú ag leibhéal cathrach nó ag leibhéal lár an bhaile sa Mhórcheantar.

MOL IOMPAIR NA HINSE

Is é Inis Priomhbhaile Chontae an Chláir, agus mar sin, tá Inis tábhachtach mar cheann scríbe chuig agus ón LSMA. Tá sé mar chuspóir ag Comhairle Chontae an Chláir an baile a fhorbairt mar mhol nasctha bus agus iarnróid don Chontae agus don limistéar mórthimpeall air. Tabharfaidh pleanáil agus dearadh bonneagair agus seirbhísí iompair laistigh den LSMA an t-éileamh ar thaisteal chuig agus ó Inis san áireamh.

CUSPÓIR SM2

Inis mar Mhol Gluaisteachta

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Tacú le hInis mar mhol soghluaisteachta do Chontae an Chláir. hub for County Clare.

Éascóidh an LSMATS agus cuirfidh seirbhísí feabhsaithe chun cinn idir Inis agus an tSionainn agus Luimneach, ag tacú lena ról mar mhol soghluaisteachta do Chontae an Chláir.

OIFIGEACH SIÚIL AGUS ROTHÁIOCHTA

Ba chóir don dá Údarás Áitiúil ceapacháin Oifigeach tiomanta Siúil agus Rothaíochta (mar atá i gComhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath) a bhreithniú.

Ba chóir go mbeidh an duine a cheapfar oilte in athrú iompraíochta agus buneolas a bheith aige/aici ar dhearadh. D'fhéadfadh a ról na freagrachtaí seo a leanas a thabhairt san áireamh:

- Comhordú a dhéanamh ar fhóram páirtithe leasmhara le saincheisteanna áitiúla a bhaineann le taisteal a ardú;
- Líon imeachtaí bolscaireachta a reáchtáil chun cur le próifíl maidir leis an taisteal gníomhach sna hionaid uirbeacha mórcheantair go léir; agus
- A bheith rannpháirteach go gníomhach ag na luathchéimeanna sna scéimeanna a bhaineann leis an réimse poiblí, le tionscadail bóithre agus le tograí eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar thimpeallacht coisithe agus rothaithe.

CUSPÓIR SM3

Oifigigh Siúil agus Rothaíochta

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Oifigeach tiomanta Siúil agus Rothaíochta a cheapadh laistigh den dá údarás áitiúil.

BEARTA MAIDIR LEIS AN TIMPEALLACHT FAOI FHOIRGNIMH

Tá ról rithábhachtach ag dearadh na timpeallachta tógtha maidir leis an líon daoine a bhíonn ag siúl, ag rothaíocht agus ag úsáid iompair phoiblí.

Dearadh Uirbeach agus Comhfhorbairt Áite

Táthar ag díriú níos mó, le blianta beaga anuas, ar athscrúdú a dhéanamh ar ról ár sráideanna mar áiteanna iontu féin a thacaíonn le réimse níos leithne feidhmeanna seachas mar bhealaí chun tréthracht a éascú. Tá dearadh uirbeach ardchaighdeán a thugann tosaíocht do shiúl agus do rothaíocht do dhaoine ar gach aois agus cumas rithábhachtach chun cur leis an mbraistint áite.

Mar a tugadh ar aird sa Chaibidil ar Shiúl, beidh ar dhearadh agus ar leagan amach forbairtí nua a bheith ar ardchaighdeán chun tacú leis na feabhsúcháin ar an mbonneagar fisiciúil a dtugtar imlíne orthu sa Straitéis seo. Áirítear orthu sin leagan amach sráideanna agus áiteanna cónaithe a bheadh sábháilte agus inrochtana agus a mhéadódh tarraingteacht an tsiúil, na rothaíochta agus na rochtana ar thurais ar iompar poiblí.

Is ardtosaíocht do LSMATS é aghaidh a thabhairt ar an dearcadh ar shábháilteacht agus slándáil d'fhonn a thargaidí a bhaint amach ó thaobh sciar den mhargadh. Caithfidh sráideanna, foirgnimh agus áiteanna sainspéise a bheith sábháilte, tarraingteach, uilechuimsitheach agus inrochtana ag cách.

Dá bharr sin, is fachtóirí tábhachtacha le cur san áireamh in áiteanna iad tirdhreachú ardcháilíochta, pábháil thadhlaigh, saoráidí súgartha agus bearta slándála neamh-ionsáite lena n-áirítear soilse, gníomhaíocht ar urlár na talún, agus faireachas éighníomhach. Tá inrochtaineacht na riochta poiblí do gach duine bunriachtanach freisin. Leanfar na prionsabail Dearadh Uilíoch agus Dearadh a Thacaíonn le Daoine Breacaosta agus idirghabhálacha tirdhreacha á gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear rochtain ar iompar poiblí.

Treochomharthaíocht Coisithe agus Rothaithe

Baineann treochomharthaíocht, nó inléiteacht, le cé chomh héasca a dhéanann daoine iad féin a threoshuíomh i spás agus leis an tslí a ndéanann siad a mbealach ó áit go háit. Tugtar treoir ar treochomharthaíochta sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha (DMURS). Tá teicnící éagsúla treochomharthaíochta ann, lena n-áirítear leideanna fise amhail sainchomharthaí tíre, cóireálacha dromchla, soilse, línte radhairc agus, nuair is cuí, comharthaíocht. Is tábhachtach nach gcuireann teicnící treochomharthaíochta le tranglam sráide. Tá cineálacha éagsúla tíopeolaíochtaí comharthaíochta ar fud Chathair Luimnigh. Is ceart córas treochomharthaíochta comhleanúnach a úsáid, amhail an córas Londain Inléite, in éineacht le líonraí siúil agus rothaíochta LSMATS a sholáthar. Bheadh sin chun tairbhe daoine áitiúla agus cuairteoirí araon.

ATHRÚ IOMPRAÍOCHTA

Ní mór tacú le haistriú chuig modhanna iompair níos inbhuanaithe ar leibhéal áitiúil trí bhithin thionscnaimh um athrú iompraíochta. Bíonn tionchar ag cláir shaincheaptha agus ag feachtais ardú feasachta ar roghanna duine ó thaobh na soghluaisteachta de, go háirithe nuair a chuirtear sin le bonneagar ardcháilíochta.

CUSPÓIR SM4

Inléiteacht agus Treochomharthaíocht

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Dearadh ardchaighdeán a chinntiú sa riocht phoiblí agus ar shráideanna a bheidh tarraingteach, compordach agus inrochtana ag gach duine; agus
- Na córais treochomharthaíochta a fheabhsú i Luimneach agus i bpríomhchinn scríbe eile sa LSMA.

Is éard a bhíonn i gclár éifeachtach um athrú iompraíochta, de ghnáth, cur chuige thar a bheith sainoiriúnaithe a chuireann ar dhaoine machnamh a dhéanamh faoin iompraíocht atá acu maidir le taisteal, iad a chur ar an eolas faoi na roghanna go léir rompu agus oideachas a chur orthu faoi na buntáistí sóisialta, sláinte, eacnamaíochta agus comhshaoil a bhaineann le hiompar gníomhach agus inbhuanaithe a roghnú.

Pleanáil Taistil

In 2012, roghnaíodh Cathair agus Contae Luimnigh mar Limistéar Taisteal Níos Cliste agus bronnadh €9m ar na húdaráis le haghaidh chlár 5 bliana. Oibríonn Taisteal Níos Cliste i gcomhpháirtíocht le réimse leathan páirtithe leasmhara chun pleananna taistil a fhorbairt agus chun imeachtaí a chur chun cinn, amhail Sheachtain na Rothar, Féile Rothaíochta BeSPOKE agus Seachtain Réthaistil na hEorpa. Tá an clár um athrú iompraíochta do Thaisteal Níos Cliste in Áiteanna Oibre agus Campais fós á oibriú ag an NTA. Leis sin, cuirtear tacaíocht agus acmhainní ar fáil d'áiteanna oibre agus oideachas chun an t-aistriú chuig patrúin taistil níos inbhuanaithe chun na hoibre a chur chun cinn. Tá líon mór áiteanna oibre agus campais sa LSMA rannpháirteach go gníomhach sna cláir sin.

Moltar leanúint le Taisteal Níos Cliste sa LSMA agus é a leathnú amach chun ról tábhachtach a imirt maidir leis an athrú iompraíochta a sholáthar atá de dhíth chun buntáistí uile LSMATS a bhaint amach. Cuirtear ardán ar fáil leis freisin chun cur i bhfeidhm LSMATS a chur in iúl agus chun buntáistí na Straitéise a chur chun cinn go díreach chuig líon mór daoine.

Pleanáil Taistil Áit Oibre

Cuimsíonn pleanáil taistil áit oibre pacáiste beart ar aidhm leo patrúin inbhuanaithe taistil chuig áiteanna oibre agus uathu a chumasú agus a chur chun cinn agus an líon turas ag duine amháin i gcarr a íoslaghdú.

I bhfianaise an fháis a mheasann an NTA agus RSES a thiocfaidh ar fhostaíocht ar feadh LSMA, molann LSMATS riachtanas maidir le Pleananna Bainistithe Soghluaisteachta/ Pleananna Taistil Áit Oibre. Moltar dlúthchomhoibriú idir na hÚdaráis Áitiúla agus braislí áiteanna oibre ag Páirc Thionsclaíoch An Ráithín, an Pháirc Náisiúnta Theicneolaíochta agus Lár Bhaile Shionainne níos leithne agus in áiteanna fostaíochta d'fhonn Pleananna Taistil Áit Oibre a chur i bhfeidhm go láidir.

Pleanáil Taistil Scoile

Tá sé rithábhachtach feabhas a chur ar cháilíocht agus ar mhéid na pleanála taistil scoile ar feadh LSMA chun laghdú a chuar ar an tionchar sóisialta, sláinte agus comhshaoil a bhíonn ag turais scoile i gcarranna ar shláinte phoiblí, ar an gcomhshaoil agus ar bhrú tráchta. Go simplí, tá i bhfad an iomarca leanaí á dtiomáint achair sách ghearra chun na scoile. Tá go leor scoileanna lonnaithe ar láithreáin úrnua ar imeall limistéir fhorbartha nua, go hiargúlta ó dhobharcheantair chónaithe, agus mar sin braitheann siad ar inrochtaineacht bunaithe ar charranna.

In go leor cásanna, baintear an bonn d'íarrachtaí taisteal gníomhach a chorprú mar thoradh ar easpa soláthair dearaidh leordhóthanaigh le haghaidh siúil agus rothaíochta, agus fáil éasca ar pháirceáil. D'fhonn dul i ngleic le roinnt de na saincheistean sin, tá formhaoirseacht déanta ag an NTA ar an Modúl Taistil de Chlár na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce ó tugadh isteach é in 2008. Ar na bearta a d'fheabhsódh taisteal scoile tá:

- Scoileanna nua a lánpháirtiú níos fearr i limistéir fhorbartha atá ann cheana féin nó atá beartaithe d'fhonn dobharcheantair shiúil agus rothaíochta a optamú;
- Pleananna Taistil Scoile Éigeantacha;
- Iniúcháireachtaí Insiúltachta Uilíocha an NTA a dhéanamh chun áiteanna feabhsúcháin timpeall ar gheataí scoile a shainaithint;
- Cláir um Bealaí níos sábháilte chun na Scoile lena n-áirítear feabhsúcháin bhonneagair saindiríthe chun tionscnaimh a éascú, amhail Bus Scoile Rothar Luimnigh, Busanna Siúil agus ceantair fágála Páirceáil agus Siúl laistigh d'achar siúil ón scoil;
- Criosanna 'Cosc ar Fhanacht' agus cláir 'Sráideanna Scoile' a chur i bhfeidhm chun cáilíocht an aeir áitiúil, sláinte an phobail agus sábháilteacht a fheabhsú agus chun spraoi neamhfhoirmiúil a chuimsiú;
- Tuilleadh tacaíochta don tionscnamh Bus Scoile Luimnigh;
- Bealaí Sábháilte chun na Scoile;
- Leanúint le rolladh amach agus forleathnú Mhodúl Taistil na Scoileanna Glasa;
- Féadfaidh oiliúint i rothaíocht a dhéantar i scoileanna scileanna agus muinín a thabhairt do leanaí le dul ar scoil ar rothar; agus
- Méadú ar an soláthar páirceála do rothair.

CUSPÓIR SM5

Athrú Iompraíochta agus Taisteal Níos Cliste

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Leanúint de thionscnaimh um athrú iompraíochta agus feachtais mhargaíochta a chur i bhfeidhm chun tacú le cuspóirí LSMATS.

Molann LSMATS imscrúdú breise a dhéanamh ar an ábhar sin trí bhithin Straitéis Taistil Scoile chuimsitheach don LSMA.

Feachtais Mhargaíochta

Is uirlis éifeachtach iad feachtais mhargaíochta chun feasta a ardú agus chun daoine a spreagadh taisteal ar mhodhanna inbhuanaithe. Déanann an NTA feachtais mar sin faoin mbranda "Taisteal d'Éirinn".

Agus feabhsúcháin ar iompar inbhuanaithe a sholáthar, is ceart a chur san áireamh brandáil, margaíocht agus fógraíocht ach feachtais chliste, chruthaitheacha agus éifeachtach ó thaobh costais de a úsáid a mbeadh mar aidhm leo an t-éileamh ar iompar inbhuanaithe a mhéadú agus a chothabháil. Féadfaidh feachtais faisnéis a bheith mar ghné lárnach de sholáthar LSMATS.

TEICNEOLAÍOCHT D'FHORBAIRT INBHUANAITHE

Leis an dul chun cinn teicneolaíochta, cuirtear poitéinseal ollmhór ar fáil freagairt a thabhairt ar roinnt de na ceistean a bhfuil breac-chuntas orthu sa Straitéis agus éireoidh siad níos coitianta thar shaolré LSMATS.

Tugtar imlíne thíos ar roinnt de na teicneolaíochtaí seanbhunaithe agus iad atá ag teacht chun cinn sa tionscal iompair a bhaineann le LSMATS.



Soghluaisteacht mar Sheirbhis (MaaS)

Coincheap é Soghluaisteacht mar Sheirbhis (MaaS) a bhaineann leis an teicneolaíocht a úsáid chun tacú le comhtháthú agus taisteal ilmhódach. Is ionann é agus imeacht ó bheith ag brath ar iompar atá faoi úinéireacht phearsanta chuig samhail atá bunaithe ar shoghluaisteacht arna cur ar fáil mar sheirbhis. De ghnáth, is geata aontaithe/cuntas ar líne atá i MaaS a thugann rochtain ar iompar poiblí, rothar ar cíós, clubanna cairr agus tacsaithe don úsáideoir gan ach cnaipe a chliceáil.

Uirlis áisiúil a bheidh i MaaS freisin i bpleanáil úsáid talún chun tacú le forbairtí saor ó charranna nó ar líon íseal carranna, forbairtí atá gar do mhoil iompair agus a thugann rochtain ar charr nuair is gá, gan a bheith ar dhuine bheith ina úinéir cairr.

Córais Iompair Cliste

Ach Córais Chliste Iompair (ITS) a chur i bhfeidhm ar an gcóras iompair, méadófar éifeachtúlacht a oibrithe.

Is ionann ITS agus éabhlóidiú ar bhainistiú tráchta ó ghníomhaíocht statach, neamhfhreagrúil go gníomhaíocht dhinimiciúil, fhreagrúil atá in ann freagairt do choinníollacha síor-athraitheacha tráchta i bhfíor-am. Tugann ITS deis mear-fhreagairt a thabhairt ar choinníollacha fíor-ama. I measc feidhmeanna ITS tá:

- Luasteorainneacha Athraitheacha a chur i bhfeidhm;
- Córais pháirceála dinimiciúla a úsáid;
- Ardchomharthaíocht do Bhusanna; agus
- Córais chliste seachadta agus seirbhísithe, amhail réamh-áirithint bána seachadta.

Clubanna Cairr

Réimse fáis iad clubanna cairr in Éirinn. Club seanbhunaithe a oibríonn ar fud na tíre é GoCar agus aníos tá club cairr YUKO i mBaile Átha Cliath ann freisin.

Féadfaidh clubanna cairr a bheith ina n-uirlisi tábhachtacha chun forbairtí saor ó charranna nó ar líon íseal carranna a éascú i limistéir uirbeacha. Soláthraíonn siad rochtain ar charr do chónaitheoirí gan an costas leanúnach a bhaineann le bheith i d'úinéir cairr.

Tá fianaise inchreidte ann a thugann le fios gurb é an toradh ar rochtain níos mó ar chlúbanna cairr, go dtagann laghdú ar úinéireacht phríobháideach carranna. Tugtar le fios ó shuirbhé a rinne Steer Davies Gleave i Londain le déanaí (Carplus, 2016) go mbaintear 10.5 charr príobháideach ó bhóithre Londain in aghaidh gach feithicle club cairr, de réir mar a fhaigheann úsáideoirí réidh lena gcarranna féin. Sa bhreis air sin, thuairiscigh aon trian de chomhaltaí club cairr turas fillte go gceannóidís carr mura mbeadh siad i gclub cairr, rud a chiallaíonn go gcuirtear siar ceannach 22 charr in aghaidh na feithicle club cairr.

Faoi láthair, tá ocht GoCar ag oibriú i Lár Chathair Luimnigh, lena n-áirítear ceann atá lonnaithe ag Stáisiún Chalbaird. Samhlaítear le LSMATS go dtiocfaidh méadú ar an soláthar clubanna cairr, go háirithe mar chuid de mhoil shoghluaisteacha i bhforbairtí cónaithe ard-dlúis nó le haghaidh úsáid ard-dlúis fostaíochta nó tráchtála. Is ceart clubanna cairr turas aontreo nó 'scaoilte', amhail DriveNow nó Zipcar Flex, a bhreithniú tuilleadh.



Córais Páirceála Fuinniúla/Córais Bá Lódála Fíorúla

Chun tacú le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as spás in aice colbhaí, thosaigh limistéir uirbeacha san Eoraip ag tástáil teicneolaíocht chliste, lena n-áirítear samhlacha páirceála dinimiciúla ar an tsráid agus bána lódála fíorúla. Déantar an costas a aisghabháil ach táille a ghearradh ar fheithiclí chun an tseirbhís a úsáid. Is féidir tuilleadh imscrúduithe a dhéanamh ar an teicneolaíocht sin in Éirinn chun an choimhlínt a laghdú maidir le héilimh iomaíochta ar spás bóthair agus chun trácht cuardaigh agus brú tráchta áitiúil a íoslaghdú.

Féadfaidh páirceáil fhíorúil agus bána lódála a chur in áiríthe roimh ré cabhrú le cuideachtaí seachadtaí a dhéanamh in am agus laghdú a chur ar bhrú tráchta agus ar choimhlínt.

Feithiclí Leictreacha (EVanna)

Táthar ag súil go dtiocfaidh fás mór ar úsáid EVanna sna blianta amach romhainn. Samhlaítear sa NPF, i gcomhréir le Plean Gníomhaithe na hÉireann ar son na hAeráide agus leis an bPlean Maolaithe um an Athrú Aeráide, aistriú forchéimnitheach i dtreo EVanna agus córais tharraingthe hibríde d'fheithiclí príobháideacha agus do fhlioteanna iompair poiblí. Tuairtear san RSES agus in LAP Bhaile Shionainne agus an Cheantair Máguaird méadú ar an líon EVanna ar na bóithre mar chuid dá straitéisí taistil níos cliste. Ní mór tacú leis an méadú ionchasach sin ar úsáid EVanna ach bonneagar luchtaithe poiblí a fhorbairt. Tá 1,100 pointe luchtaithe poiblí á soláthar ag ESB in Éirinn faoi láthair, agus níos lú ná 15 phointe lonnaithe laistigh de LSMA. Samhlaítear faoi Straitéis go dtiocfaidh méadú ar an líon EVCPanna ar feadh LSMA lena n-áireofar saoráidí ina ndéantar luchtú mall, meánach agus tapa, agus iad á gcur san áit a bhfuil spásanna páirceála anois, go príomha.

Teastaíonn níos mó ná EVanna, áfach, chun maolú a chur ar bhrú tráchta ná ar an tsaincheist thábhachtach maidir le spás stórála do charranna príobháideacha a ath-leithdháileadh ar iompar inbhuanaithe agus ar bhithéagsúlacht. Maidir le feithiclí ar astaíochtaí ísle, ba chóir díriú isteach i dtosach ar thuras 'riachtanacha' amhail iompar poiblí, flíoteanna na n-údarás áitiúil, feithiclí a fhaightear ar fhrúiliú príobháideach, seachadadh agus seirbhísiú, agus bailiú dramhaíola.

Feithiclí Féinrialaitheacha (AVanna)

D'fhéadfadh feithiclí féinrialaitheacha (AVanna), nó feithiclí gan tiománaithe, deis a sholáthar chun sábháilteacht a fheabhsú, agus carranna ríomhchláraithe chun déanamh de réir rialacháin tráchta agus luasteorainneacha. Chuirfeadh geofhlú cosc orthu dul isteach in áiteanna áirithe. D'fhéadfadh carranna gan tiománaithe spás in aice colbhaí a chur ar fáil mar nach mbeadh éileamh níos mó ar pháirceáil ar shraideanna cónaithe ná ar pháirceáil fadfhanachta. Mar sin féin, ní mheastar gur cheart do AVanna teacht in áit siúil, rotháíochta ná iompair poiblí. Tá roinnt saincheisteanna reachtúla, dlíthiúla agus teicniúla fós le réiteach i ndáil le AVanna agus an tionchar a bhíonn acu ar thaisteal gníomhach agus ar iompar poiblí.

Lasmuigh de raon feidhme na Straitéise seo, beidh ar an NTA agus na hÚdaráis Áitiúla na buntáistí (nó eile) a thiocfaidh ó theacht i bhfeidhm AVanna comhroinnte a mheas, reachtaíocht a ullmhú dóibh agus monatóireacht a dhéanamh orthu thar shaolré na Straitéise seo. Beidh gá, sa mheasúnú sin, a n-ábharthacht a thomhas in aghaidh chuspóirí uileghabhálacha chun taisteal níos gníomhaí agus iompar comhionann a chur chun cinn, in aghaidh na fostaíochta, agus chun brú tráchta, truailliú agus tranglam sráide a laghdú.

CUSPÓIR SM6

Teicneolaíocht d'Fhorbairt Inbhuanaithe

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Iniúchadh a dhéanamh ar an bpoitéinseal a bheadh ag córais Shoghluaisteachta mar Sheirbhís (MaaS) chun iompar inbhuanaithe a éascú;
- Imscrúdú a dhéanamh ar an gcás le nuáil agus tuilleadh clubanna cairr a sholáthar chun an gá le huinéireacht phríobháideach carranna a laghdú;
- Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht ó thaobh chórais lódála agus páirceála dinimiciúla;
- An t-aistriú chuig Feithiclí Leictreacha agus feithiclí eile atá íseal ar astaíochtaí a éascú; agus
- Monatóireacht a dhéanamh ar éabhlóid Feithiclí Féinrialaitheacha; na buntáistí (nó eile) a bheadh ag a dtionchar dóchúil ar spás sráide, soláthar iompair phoiblí, riachtanais reachtaíochta agus a inmhianaithe a bheadh sé tosaíocht a thabhairt do Thaisteal Gníomhach a mheas.

TICÉADÚ CLISTE

Faoi láthair, tá dhá rogha ann chun íoc ar-bord ar bhusanna i gcathair Luimnigh: airgead tirim nó Cárta Leap de chuid Iompar d'Éirinn. Oibríonn Dublin Coach dhá bhealach, áfach, agus ní féidir íoc orthu sin ach amháin le hairgead tirim. Ní thugann na haipeanna fón cliste atá ar fáil in Éirinn amhail Leap Top Up de chuid Iompar d'Éirinn (Tfí), Journey Time Tfí agus Cycle Planner Tfí rogha don íocaíocht gan tadhall. Mar sin féin, d'infheistigh an NTA €3.6 mhilliún le déanaí in aip ticéadaithe móibíleach nua le haghaidh bealaí Bhus Éireann lena dtabharfar deis d'úsáideoirí roghanna ticéad a lorg, a cheannach agus a chur i láthair lena mbailíochtú agus iad ag taisteal.

Ceann de spriocanna an LSMATS is ea córas iompair chomhtháite a sholáthar chun deis a thabhairt do dhaoine agus d'earraí gluaiseacht go héifeachtach agus go réidh tríd an LSMA ar feadh na modhanna go léir. Beidh ról lárnach ag ticéadú comhtháite agus ag teicneolaíocht cártaí cliste chun sin a bhaint amach.

Is iomaí buntáiste a bhaineann le ticéadú comhtháite, lena n-áirítear:

- Bealach áisiúil chun íoc as táillí;
- Cuireann sé le taisteal réidh ar feadh na modhanna iompair phoiblí go léir, idir busanna, iarnród, scéimeanna comhroinnte rothar agus cairr. Cuireann sé feabhas ar agáí fanachta agus taistil;
- Le modh ticéadaithe cliste ag 'íoc mar a thaistealaíonn tú', tugtar deis do struchtúir freagrúla táillí a chur i bhfeidhm agus luach níos fearr ar airgead a thairiscint; agus
- Le híocaíocht gan tadhall, tugtar deis d'oibreoirí taistil na costais oibríochtúla a bhaineann le priontáil agus eisiúint ticéad páipéar agus láimhseáil airgid a laghdú.

Ar shamplaí de Thicéadú Cliste tá:

- **Íocaíocht gan tadhall** le cártaí dochair nó creidmheasa, le Google Pay, le Apple Pay, agus le haipeanna fón cliste NFC; agus
- Is éard atá i **gCártaí Cliste**, cártaí ina bhfuil slis atá in ann faisnéis a stóráil go sábháilte, mar shampla creidmheas úsáidte agus ar fáil agus cearta sintiús. Anuas air sin, cumasaíonn siad lascainí éagsúla a chur i bhfeidhm le húsáideoirí rialta, amhail an Oyster Card i Londain London, nó an Carte Navigo i bPáras.

Samhlaítear thar shaolré na Straitéise go n-éireoidh táillí gan airgead tirim níos coitianta, le ticéadú cliste agus Soghluaisteacht mar Sheirbhís (MaaS) bunaithe ar shintiús.

CUSPÓIR SM7

Ticéadú Cliste

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- An córas ticéadaithe a uasghrádú agus a chomhtháthú ar feadh an iompair phoiblí in éineacht le BusConnects Luimnigh; agus
- Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht an cárta Leap a chomhtháthú le modhanna iompair eile amhail Limerick Bikes agus Clubanna Cairr.

TÁILLÍ IOMPAR POIBLÍ

An prionsabal leathan maidir le táillí taistil phoiblí ná gur cheart don chóras a bheith:

- Éasca le húsáid agus le tuisceint;
- Deartha chun dreasachtaí praghaís as úsáid níos minice a thairiscint;
- Comhtháite go réigiúnach leis an méid modhanna iompair agus is féidir; agus
- Ar phraghas inacmhainne chun rogha tarraingteach ar an gcarr príobháideach a dhéanamh d'iompar poiblí.

Tá struchtúr táillí bunaithe ar chriosanna ar fáil i gcathair agus i bhfo-bhailte Luimnigh faoi láthair ar sheirbhísí iompair phoiblí arna sholáthar ag Bus Éireann. Leanfar leis na hathruithe atá á gcur ar tháillí iompair phoiblí ag an NTA le linn shaolré an LSMATS. Déanfar athbhreithniú ar an struchtúr táillí lena chinntiú go dtacófar le líonraí LSMATS ar bhealach a spreagfaidh níos mó úsáide as iompar poiblí agus lena ndéanfar soláthar d'aisghabháil costas iomchuí.

Tá sé beartaithe go gcuirfear struchtúr táilli fiú níos simplí i bhfeidhm i LSMA, táille chomhréidh, b'fhéidir, nó córas bunaithe ar chriosanna, lena dtabharfar deis ilturais a dhéanamh ar mhodhanna éagsúla iompar faoi aon táille amháin.

Struchtúir eile a d'fhéadfaí a mheas le linn shaolré LSMATS:

- **Struchtúr Táilli Bunaithe ar Shintiús** chun úsáideoirí rialta a chúiteamh ach pas a thabhairt dóibh le haghaidh turas, criosanna agus modhanna neamhsrionta ar feadh achar an tsintiúis. Mar shampla, leis an Citymapper Pass, in éineacht le haip shoghluaisteachta ilmhódach, tugtar seirbhís bhunaithe ar chriosanna do gach cónaitheoir i Londain. An earnáil phriobháideach a reáchtálann an cárta gan tadhall sin, agus is féidir é a úsáid ar sheirbhísí iompair éagsúla laistigh de TfL agus ar le hoibreoirí eile iad, laistigh de chrios gan tadhall/crios Oyster i Londain.
- An **Struchtúr Táilli Ilmhódach** a chuirtear i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath faoi láthair trí bhithin an lascaine Leap go. Faigheann úsáideoirí a úsáideann níos mó ná modh amháin laistigh de go nóiméad ón gcéad tadhall lascaine uathoibrioch ar an táille do chodanna eile dá dturas. Mar shampla, faigheann duine fásta a thaistealaíonn ar an mbus go Lár Chathair Bhaile Átha Cliath agus a théann ar an Luas laistigh den chéad go eile lascaine €1.00 ar an táille Luas. Is féidir an cárta Luas i mBaile Átha Cliath a úsáid freisin chun rochtain a fháil ar GoCars agus ar an BSS.

FEITHICLÍ BEAGA SEIRBHÍSE POIBLÍ

Cuireann tacsaithe seirbhís thábhachtach iompair ar fáil ach turais ó dhoras go doras a thairiscint.

Forlíonadh leis an gcóras iompair phoiblí iad. Tá tacsaithe in ann turais aontreo a dhéanamh, rud nach gcuirtear ar fáil chomh héifeachtach sin ag modhanna eile. Molann LSMATS an méid seo a leanas maidir le feithiclí beaga seirbhíse poiblí:

- Dea-chleachtas a chur i bhfeidhm i mbainistiú éifeachtach in aice colbhaí, amhail dé-úsáid a bhaint as bána seachadta agus stadanna tacsaithe trí bhithin srianta ama, chun tacú leis an ngeilleagar lae agus leis an ngeilleagar oíche. Tá sin ábhartha i bhfianaise an úsáid níos mó atá a baint as aipeanna fón cliste;
- Tosaíocht a thabhairt do thacsaithe aistriú chuig feithiclí astaíochtaí isle;
- A chinntiú go bhfuil gach tacsai go hiomlán inrochtana ag cathaoireacha rothai;
- Feabhas a chur ar chomhtháthú feithiclí beaga seirbhíse poiblí sa líonra iompair phoiblí foriomlán trí bhithin deiseanna aomhail agus soláthar faisnéise níos fearr; agus
- Soláthar sheirbhísí áitiúla hacnai i limistéir nach mbionn gnáthsheirbhísí tacsai ar fáil iontu, de ghnáth.

CUSPÓIR SM8

Táilli Iompair Phoiblí

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:


- Athbhreithniú a dhéanamh ar an struchtúr táilli iompair phoiblí in éineacht le BusConnects Luimnigh a chur i bhfeidhm.

CUSPÓIR SM9

Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí

Tá sé i gceist ag an NTA agus ag na húdaráis áitiúla:

- Imscrúdú a dhéanamh ar an úsáid níos mó atá á baint as teicneolaíocht fón cliste chun breithniú a dhéanamh ar an ngá le stadanna buana tacsai;
- Tosaíocht a thabhairt d'fheithiclí seirbhíse poiblí aistriú chuig teicneolaíocht astaíochtaí isle nó gan astaíochtaí;
- Comhtháthú níos fearr leis an líonra iompair poiblí a sholáthar; agus
- A chinntiú go mbeidh feithiclí iompair phoiblí nua go hiomlán inrochtana.





14 CUR CHUN FEIDHME

Braitheann rath an Chreata Náisiúnta Pleanála ar an léiriú ar bheartas ann agus ar sholáthar clár ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

An Creat Náisiúnta Pleanála 2040

Tá LSMATS beartaithe a bheith sách inscálaithe, solúbtha agus oiriúnaithe don todhchaí le gur féidir freastal ar athruithe sa daonra agus san fhás ar fhostaíocht. Is doiciméad beo é, atá faoi réir ag athbhreithniú tréimhsiúil gach 6 bliana. Chun na torthaí is fearr is féidir a bhaint as LSMATS, oibreoidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus Comhairle Contae an Chláir i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Bonneagar Iompair Éireann, le Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus le príomhpháirtithe leasmhara chun:

- An comhdhlúthú úsáide talún a bhfuil gá leis a sholáthar chun fás dlúth agus mais chriticiúil a bhaint amach;
- Infheistíocht chaipitil a áirithiú faoin NDP agus cineálacha eile infheistíochta;
- Líonra iompair LSMATS, bearta tacaíochta agus bearta bainistithe éilimh a chur i bhfeidhm; agus
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn.

COSTAIS AGUS MAOINIÚ

Beidh soláthar an LSMATS faoi réir ag an maoiniú a bheith ar fáil. Aithnítear go ndéanfar meastóireacht ar gach gné mhór den LSMATS aisti féin ar a fiúntas féin, maidir le féidearthacht, dearadh, pleanáil, ceadú agus maoiniú. Beidh cásanna gnó de dhíth le haghaidh gach ceann de na tograí mór bonneagair sa Straitéis, i gcomhréir le riachtanais an Chóid Chaiteachais Phoiblí agus leis an gComhchreat Meastóireachta.

FEIDHMIÚ CÉIMNITHE

Ceapadh plean forfheidhmithe céimnithe chun an bonneagar iompair, seirbhísí agus infheistíocht a réadú de réir a chéile, in imeacht ama, chun ailíniú leis an bhfás a meastar a thiocfaidh ar LSMA. Tá aird ag amlíne na Straitéise ar an NDP agus tá sí i gcomhréir le hamlíne an RSES. Faoin bplean, tá cur i bhfeidhm na straitéise deighilte ina thrí chreat ama:

- **Gearrthéarmach:** 1-6 bliana (go dtí 2026);
- **Meántéarmach:** 7-11 bliana (go dtí 2031); agus
- **Fadtéarmach:** 13-20 bliana (go dtí 2040).

Cuirfear socruithe maoirseachta cui i bhfeidhm chun monatóireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar dhul chun cinn thorthaí na Straitéise, amhail leithdháileadh úsáide talún a chomhtháthú agus soláthar iompair phoiblí inbhuanaithe, comhroinnt modhanna agus cáilíocht an aeir. Sa chás go dtiocfaidh fás ar an daonra agus ar an bhfostaíocht níos tuisce ná mar a bhfuiltear ag súil leis, beidh gá le gnéithe sonracha den bhonneagar iompair phoiblí a thabhairt chun cinn, de réir mar is gá. Ciallaíonn inscálaitheacht an bhonneagair iompair phoiblí gur féidir minicíochtaí beartaithe a mhéadú chun freastal ar fhás ar an éileamh.

LÍONRA COISITHE

Gearrthéarmach go Meántéarmach

- Bearta arna moladh sa Chreat Gluaiseachta do Mhórchéantar Luimnigh agus Plean Limistéar Áitiúil Shionainne a sholáthar;
- Feabhsúcháin ar an Líonra Siúil i gcomhréir le cur i bhfeidhm BusConnects Luimnigh agus an Líonra Rothaíochta;
- Iniúcháireachtaí insiúltachta agus tréscaoilteachta ar fud an limistéir le bheith mar bhonn eolais d'fheabhsúcháin ar láithreacha sonracha; agus

- Cothabháil, uasghrádú agus athnuachan leanúnach ar chosáin, sa ríocht phoiblí agus ar bhonneagar eile do choisithe.

Fadtéarmach

- Cothabháil agus athnuachan leanúnach ar chosáin, sa ríocht phoiblí agus na tograí um an Líonra Siúil a thabhairt chun críche go hiomlán.

LÍONRA ROTHÁIOCHTA

Gearrthéarmach go Meántéarmach

- An Príomhlíonra Rothaíochta agus an Líonra Tánaisteach Rothaíochta a fhorbairt agus a thabhairt chun críche;
- An Líonra Frithálach agus Bealaí Ciúine a fhorbairt;
- Cur i bhfeidhm an Líonra Rothaíochta i gcomhréir le soláthar na mbearta tosaíochta BusConnects; agus
- An líonra a chur i bhfeidhm tuilleadh i gcomhréir leis na deiseanna nua um fhorbairt agus moilliú tráchta.

Fadtéarmach

- Na Líonraí Rothaíochta Idir-uirbeacha agus Glasbhealaigh a thabhairt chun críche; agus
- Cothabháil leanúnach ar an mbonneagar rothaíochta.

LÍONRA BUS

Gearrthéarmach

- Breis forbartha, dearaidh agus chur i bhfeidhm a dhéanamh ar an líonra seirbhísí BusConnects agus ar bhearta tosaíochta bus do Luimneach bunaithe ar thograí LSMATS;
- Tosaíocht bus a sholáthar ó Plassey go dtí An Ráithín trí Lár na Cathrach; agus
- Feabhas a chur ar sheirbhísí réigiúnacha ó Aerfort na Sionainne go Luimneach, Corcaigh agus Gaillimh.

IMPLEMENTATION PLAN

CREAT AMA		GEARRTHÉARMACH (SUAS GO 2026)	MEÁNTÉARMACH (SUAS GO 2031)	FADTÉARMACH (SUAS GO 2040)
SIÚL	Uasghráduithe agus Feabhsúcháin ar an mBonneagar do Choisithe			
ROTHAÍOCHT	Príomhlíonra			
	Líonra Tánaisteach			
	Líonra Friothálach			
	Idir-Uirbeach			
	Glasbhealach			
BUS	Cur i bhFeidhm BusConnects			
	Feabhsúcháin ar an Líonra Bus níos Leithne			
IARNRÓD	Dé-rian idir Stáisiún Cholbaird, Luimneach agus Gabhal Luimnigh			
	Uasghráduithe agus Feabhsúcháin ar Stáisiúin Reatha			
	Leictriú Iarnróid			
	Poitéinseal maidir le Stáisiúin Nua a Imscrúdú			
	Uasghrádú ag Baile an Chathraigh a Chur i bhFeidhm			
PÁIRCEÁIL	Áiseanna Páirceáil agus Taisteal a Sholáthar			
	Beartha Bainistithe Páirceála a Chur i bhFeidhm			
BÓITHRE AGUS SRÁIDEANNA	Straitéis Bainistithe Tráchtá i Lár na Cathrach a Fhorbairt			
	Feabhsúcháin ar Acomhail			
	Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh (LNDR)			
	Bóthar M21/N69 Faing go Bóthar Luimnigh (lena n-áirítear Seachbhóthar Átha Dara)			
	N19 a sholáthar			
	N/M20 a Dhearadh agus a Phleanáil			
	Dul chun Cinn agus Soláthar an N/M20			
	Dul chun Cinn agus Soláthar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta agus Réigiúnacha LSMA			
LASTAS	Straitéis Réigiúnach Lastais a Ullmhú			
	Straitéis Áitiúil Lastais a Ullmhú			
BEARTA TACAÍOCHTA EILE	Beartha Bainistithe Éilimh			
	Integration Measures			
	Córais Chliste Iompair (ITS)			

Meántéarmach

- Beartha tosaíochta bus do BusConnects Luimnigh a thabhairt chun críche.

Fadtéarmach

- Oibriú agus optamú leanúnach an líonra BusConnects agus na mbearta tosaíochta.

LÍONRA IARNRÓID

Gearrthéarmach

- Athbhreithniú chun scrúdú a dhéanamh ar fheabhsúcháin ar agaí turais agus infheistíocht in iarnród ardluais idir Béal Feirste, Baile Átha Cliath, Gabhal Luimnigh agus Corcaigh;
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le dé-rian idir Stáisiún Cholbaird Luimneach agus Gabhal Luimnigh; agus
- Uasghrádú ar iarnród Bhaile an Chathraigh chun tuithe a mhaolú a dhearadh agus a chur i bhfeidhm.

Meántéarmach - Fadtéarmach

- Dé-rian idir Stáisiún Cholbaird Luimneach agus Gabhal Luimnigh a chur i bhfeidhm; agus
- Imscrúdú a dhéanamh ar na deiseanna maidir le forbairt a Dhíríonn ar Idirthuras Poiblí ar feadh línte iarnróid Mhórchéantair.

Fadtéarmach

- Línte iarnróid a leictiú; agus
- Imscrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le stáisiún nua, lena n-áirítear stáisiún chun tacú leis an áis Páirceáil agus Taisteal ag Béal Átha Siomóin.

LÍONRA BÓITHRE

Gearrthéarmach

- Na feabhsúcháin aomhail a bhfuil gá leo chun feabhas a chur ar shaoráidí don iompar poiblí, siúl agus rotháil a shainiú;

- Forbairt ar Straitéis Bhainistithe Tráchtála i Lár na Cathrach ag an NTA agus ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh;
- Beartha tosaíochta iompair phoiblí a sholáthar i gcomhréir le cur i bhfeidhm BusConnects;
- Bóthar Dáileacháin Luimnigh Thuaidh a sholáthar;
- Dearadh agus Pleanáil do Scéimeanna Bóithre Náisiúnta LSMA (M21/N6g, N19, M18/acomhal N19 agus N/M20); agus
- Soláthar an N19.

Meántéarmach

- Athbhreithniú, monatóireacht agus cur i bhfeidhm leanúnach ar bhearta bainistithe éilimh an líonra Bóithre Náisiúnta;
- Soláthar an LNDR a thabhairt chun críche; agus
- Dul chun cinn a dhéanamh ar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta LSMA (M21/N6g agus N/M20) agus iad a sholáthar.

Fadtéarmach

- Athbhreithniú, monatóireacht agus cur i bhfeidhm leanúnach ar bhearta bainistithe éilimh an líonra Bóithre Náisiúnta;
- Forbairt leanúnach ar an líonra bóithre náisiúnta chun rochtain inbhuanaithe ar thailte forbartha a sholáthar; agus
- Dul chun cinn a dhéanamh ar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta LSMA.

PÁIRCEÁIL

Gearrthéarmach go Meántéarmach

- Dearadh, pleanáil agus ceannach talún do na háiseanna straitéiseacha Páirceáil agus Taisteal go léir;
- Laghdú ar an bpáirceáil ar shráideanna;
- Criosanna páirceála a chur i bhfeidhm ar feadh LSMA;
- Moil Shoghluaiseachta a fhorbairt i limistéir athnuachana;

- Leanúint d'áiseanna Páirceáil agus Taisteal a sholáthar in éineacht le cur i bhfeidhm BusConnects; agus
- Leanúint den pháirceáil ar na sráideanna a laghdú.

Fadtéarmach

- Delivery of all Park and Rides.

LASTAS

Gearrthéarmach

- Straitéis Náisiúnta Lastais a ullmhú a chuimseoidh Calafort Leibhéal 1, Corcaigh agus Fainge/Sionainn agus Calafort Leibhéal 2, Ros Láir; agus
- Straitéis Náisiúnta Lastais a fhorbairt chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar ghluaiseachtaí HGV i gCathair Luimnigh.

MAOINIÚ AGUS COSTAIS OIBRÍOCHTA

Taobh amuigh den infheistíocht chaipitil, tabhófar costais oibriúcháin leanúnacha le cur i bhfeidhm na Straitéise. Beidh maoiniú Stáitchiste ón Rialtas de dhíth ó chion mór den infheistíocht chaipitil, ach beidh foinsí eile maoinithe de dhíth freisin. Is dócha go mbeidh san áireamh orthu sin, ach nach mbeidh sin teoranta do:

- Iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta (EIB) chun costais fhéidearthachta agus tionscanta don iompar poiblí a chomhlíonadh;
- Ranníocaíochtaí forbartha don bhonneagar iompair phoiblí straitéiseach;
- Ranníocaíochtaí forbartha a bhaineann go sonrach le láithreáin le haghaidh leathnú cosán, bord RTPI nó leathnú an BSS; agus
- Tobhaigh a ghearrfar amach anseo ar chúiseanna brú tráchtála, sábháilteachta nó cáilíochta aeir, m.sh. tobhaigh páirceála ag an áit oibre, táille a ghearradh ar úsáideoirí bóithre, criosanna páirceála nó tobhaigh pháirceála ar ionaid siopadóireachta lasmuigh de bhailte.

TORTHAÍ NA STRAITÉISE

Fás Amach Anseo



132k
daonra
2016



206k
daonra
2040



Éileamh Laethúil ar Iompar



416k
2016



580k
2040

Buaic-sciar Mhodka san AM 2016 - 2040



61.1% 2016
51.8% 2040



28.9% 2016
31% 2040



7.9% 2016
13% 2040



2.1% 2016
4.2% 2040

Sábháilteacht & Cúrsaí Comhshaoil

Thar thréimhse straitéise 30 bliain



Laghdú ar
thimpistí
marfacha
9.3



Laghdú ar thimpistí
tromchúis
eacha
36.4



Laghdú ar
thimpistí beaga
764.3

Cúrsaí Comhshaoil:

37,572

Laghdú i dtonnaí sa bhliain
ar astaíochtaí feithicle

Inrochtaineacht agus Uilechuimsitheacht Shóisialta



Dobharcheantar
BusConnects
72.6%
den daonra

72.7%
de phoist



Uilechuimsitheacht Shóisialta:

**up to
6.2%**

Méadú ar sciar mhodka IP do
limistéir faoi mhíbhuntáiste
agus faoi mhíbhuntáiste mór

Geilleagar & Meastachán Costais

Luach Reatha na gCostas: €1.1bn
Luach Reatha na dTairbhí: €3.2bn
Glanluach Reatha: €2.1bn

**Cóimheas Tairbhe
le Costas: 2.8**



Meastachán ar
Chostas Iomlán
na Straitéise
€1.4bn

TORTHAÍ NA STRAITÉISE

Beidh mar thoradh ar chur i bhfeidhm rathúil thograí na Straitéise, torthaí thar a bheith dearfacha do Mhórchéantar Luimnigh/Shionainne, lena soláthrófar buntáistí fadtéarmacha geilleagracha, sóisialta agus comhshaoil don réigiún. Leis LSMATS, tugtar aghaidh ar na dúshlán reatha iompair a dtugtar breac-chuntas orthu sna chéad chaibidlí.

Is ceart a thabhairt ar aird gur ann do na targaí módúla arna gcur i láthair anseo maidir le siúl, rothaíocht agus úsáid iompair phoiblí mar thoradh ar phróiseas samhaltaithe straitéiseach agus ní shamhlaítear iad mar uasteorainneacha nó targaí.

Táthar ag súil méadófar na sciaranna comhroinnte modhanna inbhuanaithe sa phróiseas athbhreithnithe, de réir mar a chuirtear feabhas ar an mbonneagar agus mar a nglacann an dá Údarás Áitiúil le bearta bainistithe éilimh. Tá príomhthorthaí LSMATS i gcomhréir leis na seacht treoirphrionsabal sa Straitéis a sainithníodh ag tús phróiseas forbartha na Straitéise.

PRIONSABAL 01

Freastal ar an éileamh arna chruthú ag an bhforbairt atá ann cheana féin agus atá beartaithe.

Ullmhaidh LSMATS bunaithe ar na réamh-mheastacháin don úsáid talún arna leagan amach sa NPF, RSES agus sna Pleananna Forbartha. Dá bharr sin, cuirtear an fhorbairt go léir atá ann cheana féin agus atá beartaithe, mar a ndéantar soláthar di sna doiciméid bheartais seo, san áireamh san éileamh arna chruthú d'fhorbairt agus measúnú na Straitéise.

PRIONSABAL 02

Tacú le fás LSMA amach anseo trí bhithin líonra éifeachtach iompair a sholáthar.

Forbraíodh LSMATS chun comhtháthú i bhfad níos dlúithe idir úsáid talún agus pleanáil iompair a chur chun cinn agus chun an Mórcheantar a dhéanamh dionach ó thaobh na todhchá. Le beartaí threoracha na Straitéise ó thaobh úsáid talún, in éineacht leis na feabhsúcháin mhóra atá beartaithe do na líonra coisithe, rothaíochta, iarnróid agus bóithre, beifear in ann an fás tuartha ar an daonra agus ar an bhfostaíocht i LSMA a bhaint amach.

PRIONSABAL 03

Tosaíocht a thabhairt d'iompar gníomhach agus inbhuanaithe agus laghdú a chur ar ár spleáchas ar charranna i LSMA.

Mar thoradh ar chur i bhfeidhm LSMATS, cuirfear athrú ollmhór ar an soláthar iompair phoiblí agus tógfar ar na straitéisí siúil agus rothaíochta atá glactha ag an dá Údarás Áitiúil. Tá an tosaíocht sin a bheith á tabhairt do mhodhanna inbhuanaithe iompair agus do dhicharbónú an fhliú iompair phoiblí i gcomhréir leis an aitheantas níos mó atá á thabhairt do na drochthionchair atá ag mótarfheithiclí agus astaíochtaí carbóin ar an gcomhshaoil agus ar shláinte agus folláine daoine. Cuirfear laghdú mór ar an ngá le huinéireacht phríobháideach carranna (agus an spleáchas orthu) ach glacadh leis na bearta bainistithe éilimh agus leis na bearta tacaíochta, lena n-áirítear clubanna cairr agus Soghluasteacht mar Sheirbhís (MaaS).

PRIONSABAL 04

Ardleibhéal nascachta iompair phoiblí a sholáthar chuig príomhchinn scríbe laistigh de chonairí ardéilimh.

Le BusConnects Luimnigh, soláthrófar nascacht ghathach agus fhithiseach idir Lár Chathair Luimnigh agus na fo-bhailte. Cuimseofar i bpríomhchonairí an líonra dobharcheantair ina bhfuil ábhair a mheallann daoine chun turas a dhéanamh agus a ghineann na príomh-mhoil oideachais agus fostaíochta go léir ó Aerfort na Sionainne, Limistéar Neamhchustaim Shionainne agus Baile Shionainne, An Pháirc Náisiúnta Teicneolaíochta, Ollscoil Luimnigh, Coláiste Muire gan Smál, Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Ospidéal Ollscoile Luimnigh agus An Ráithín.

PRIONSABAL 05

Príomhbhealaí straitéiseacha a shainithint agus a chosaint, le haghaidh gluaiseacht trácht lastais chuig Calafort Fhainge, Aerfort na Sionainne agus limistéir thionsclaíocha.

Déanfar gluaiseacht an tráchta a bhaineann le lastas níos éifeachtaí le linn shaolré na Straitéise trí bhithin chur i bhfeidhm crios srianta HGV i gCathair Luimnigh agus trí bhithin Bealaí Leoraithe a ainmniú. Ach HGVanna a bhaint amach as Lár na Cathrach agus as limistéir fhoirgnithe, cuirfear feabhas suntasach ar an timpeallacht do choisithe, trí bhithin truailliú ó thorann agus truailliú aeir agus an baol coimhlinte a laghdú. Le LSMATS, tugtar tacaíocht do Straitéis Réigiúnach Lastais a fhorbairt freisin.

PRIONSABAL 06

Feabhas a chur ar an riocht phoiblí trí bhithin idirghabhálacha bainistithe tráchta agus iompair.

Déanfar an úsáid a bhaintear as colbhaí cosán agus áiteanna eile arb iad carranna is mó a úsáideann iad a aistriú de réir a chéile chuig úsáid ag coisithe agus rothaithe. Leis sin, éascófar feabhsúcháin ar an riocht phoiblí i gcomhréir leis an Lámhleabhar Dearaidh do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha agus leis an treoir sa Lámhleabhar Náisiúnta Rothaíochta. Beidh rochtain ar an riocht phoiblí, beidh sí sábháilte agus speisiúil do dhaoine ar gach aois agus cumas.

PRIONSABAL 07

An acmhainn iompair a mhéadú nuair is gá chun torthaí na straitéise a bhaint amach.

Beidh mar thoradh ar chur i bhfeidhm LSMATS líonra iompair a bheidh uasghrádaithe go mór agus acmhainn níos mó maidir leis na réamh-mheastacháin i ndáil le fás ar an daonra agus ar an bhfostaíocht thabhairt chun críche. Faoin Straitéis, díreann bonneagar iompair inbhuanaithe ar an áit a bhfuil sé de dhíth, chun cur leis na tionscadail úsáide talún arna leagan amach sa NPF, sa NDP, sa RSES agus sna cásanna fáis sa todhchá arna leagan amach ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh and Comhairle Contae an Chláir.

LIST OF ACRONYMS

AA	Appropriate Assessment
AV	Autonomous Vehicles
BSS	Bicycle Share Scheme
CLC	Construction Logistics Centre
CSO	Central Statistics Office
DMURS	Design Manual for Urban Roads and Streets
DTTaS	Department for Transport Tourism and Sport
EU	European Union
EV	Electric Vehicle
EVCP	Electric Vehicle Charging Point
HGV	Heavy Goods Vehicle
ITS	Intelligent Transport System
LIT	Limerick Institute of Technology
LNDR	Limerick Northern Distributor Road
LSMA	Limerick Shannon Metropolitan Area

LSMATS	Limerick Shannon Metropolitan Area Transport Strategy
MaaS	Mobility as a Service
MASP	Metropolitan Area Strategic Plan
NDP	National Development Plan
NPF	National Planning Framework
NPO	National Policy Objective
NSO	National Strategic Objective
NTA	National Transport Authority
NTP	National Technology Park
TOD	Transit Orientated Development
RSES	Regional Spatial and Economic Strategy
RTPI	Real Time Passenger Information
SEA	Strategic Environmental Assessment
TII	Transport Infrastructure Ireland
UL	University of Limerick

